www.gaelsceal.ie

An bhfaca tú Star Trek riamh?

L. 23

Agallamh eisiach leis an Aire Oideachais nua sa Tuaisceart

L. 29

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 20

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

20.05.2011

Bás Garret FitzGerald

Iar-Thaoiseach Fhine Gael básaithe in aois 85

Meadhbh Ní Eadhra

BHÁSAIGH an t-iarThaoiseach agus iarcheannaire Fhine Gael, Garret GitzGerald, in Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath maidin inné i ndiaidh tinneas gearr. Bhí sé 85 bliain d'aois.

Bhí an tUasal FitzGerald ina Thaoiseach faoi dhó, ó mhí Iúil 1981 go mí Feabhra 1982 agus arís ó mhí na Nollag 1982 go mí an Mheithimh 1987.

Le linn dó a bheith i réim mar Thaoiseach, bhí sé páirteach sna cainteanna faoin gComhaontú Angla-Éireannach, in 1985.

Toghadh chuig Dáil Éireann den chéad uair é mar TD de chuid Fhine Gael sa bhliain 1969, agus roimhe sin bhí sé mar Sheanadóir ó 1965 i leith.

Fuair bean chéile an Uasail Fitzgerald, Joan, bás siar in 1999 agus maireann a mhic, John agus Mark, agus a iníon Mary. Deir teaghlach an iar-Thaoisigh gurbh athair, seanathair agus sin-seanathair é a raibh grá ollmhór acu dó agus ar ndóigh, aireoidh siad uathu go mór é.

Tá cur síos déanta ag an Uachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, ar Garret FitzGerald mar 'fear na hAthbheochana'.

"Bhí sé mar cheann dár seodraí náisiúnta, lena chuid scríbhneoireachta, a ghuth sainiúil agus a chumas intleachtúil. Bhí sé de shíor ag iarraidh Éire a fheabhsú agus áit níos fearr fós a dhéanamh aisti," a dúirt sí.

Thug Banríon Shasana, a bhí ar cuairt go hÉirinn le cúpla lá anuas, teachtaireacht comhbhróin inné nuair a tháinig nuacht an bháis chomh fada léi. Rinne Príomh-Aire na Breataine, David Cameron, ráiteas den chineál céanna inné chomh maith.

"Cheap mé i gcónaí gur stáitaire, chomh maith le polaiteoir, a bhí ann, a bhí bainteach leis an bpolaitíocht ar na cúiseanna cearta agus atá tar éis cur go mór leis an bpróiseas síochána," ar sé. "Tá súil agam, le cuairt na Banríona go hÉirinn agus an caidreamh maith gur féidir leis a chothú idir an Bhreatain agus Éire, go bhfuil cuid d'obair FitzGerald curtha i gcrích."

Bhí tuismitheoirí an Dr FitzGerald bainteach le Sinn Féin le linn Chogadh na Saoirse, agus ba é a athair, Desmond, an tAire Gnóthaí Seachtracha i gcéad rialtas an tsaorstáit. Cé gur éirigh an tUasal Fitzgerald as a bheith sa Dáil in 1992, ghlac sé páirt i bhfeachtais pholaitíochta go fóill, go háirithe maidir le Conradh Nice agus Liospóin. Bhí sé mar Sheansailéir ar Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar feadh dhá bhliain déag freisin, ó 1997 go 2009. Scríobh sé leabhair agus ailt nuachta, bhíodh sé ag léachtóireacht, rinne sé taisteal forleathan. agus bhí sé mar aoi ar neart chláir raidió agus teilifíse.

Garrett Fitzgerald, 1926 - 2011

(PIC COMHAID Ó 1999,PHOTOCALL IRELAND)

An tIar-Thaoiseach Garrett Fitzgerald, a fuair bás go luath maidin inné in Ospidéal i mBaile Átha Cliath, bhí sé 85 bliana d'aois. Bhí sé fíor-tinn le roinnt seachtainí anuas.

Na 'Gaels' ag dul chun páirce i gCraobh Bhoston den 50ú bliain

... ach na Gaeilgeoirí faighte gann

Máirtín Ó Catháin

CUIRFIDH cumann peile na "Connemara Gaels" i mBoston Mheiriceá tús lena gcuid imeartha i mbliain a nIubhaile Órga an Domhnach beag seo.

Casfaidh na 'Gaels' ar chumann Shannon Blues sa gcéad bhabhta den chraobh pheile ar pháirc an "Irish Cultural Centre" in Canton in Massachussets.

Caoga bliain go ham seo a bunaíodh na "Connemara Gaels" agus beidh ócáid speisialta acu sa bhFómhar seo chugainn le comóradh a dhéanamh ar na blianta sin uilig. Ach tá athrú mór ar an gcumann ó shin agus ní as Conamara féin tromlach na n-imreoirí sa gcraobh atá ag tosnú Dé Domhnaigh.

Tá os cionn leathscór imreoir dá dtabhairt amach as Éirinn i mbliana le dhul ag imirt leis na 'Gaels' i gcaitheamh an tsamhraidh. Tuigtear gur as Conamara beirt acu sin - duine as an taobh ó thuaidh de Chonamara agus duine eile as Gaeltacht dheisceart Chonamara. Ach tá tuairiscí curtha acu freisin faoi chuid d'imreoirí faoi-21 na Gaillimhe a bhuaigh craobh na hÉireann le gairid; caithfear fanacht go bhfeicfear an gcoinneofar cuid acu siúd ar phainéal sinsir na Gaillimhe sa samhradh.

Ar lean ar leathanach 8

Eisiach: BBC Alba le bheith ar Freeview

Treasa Bhreathnach

TUIGTEAR do Gaelscéal go mbeidh BBC Alba le fáil ar Freeview ón mhí seo chugainn agus gurb é cainéal 8 an cainéal ar a mbeidh sé ar fáil as an 50 cainéal atá ar Freeview in Albain amháin, ní bheidh sé ar fáil sna sé Chontae go fóill.

Deimhneoidh BBC Alba an cainéal ar a mbeidh sé ar fáil ar an Luan. Tá sé ar fáil ar chábla Virgin ón gCéadaoin seo caite.

Is cainéal Gaeilge na hAlban é BBC Alba atá ar an aer ó 2008 agus é faoi pháirtnéireacht an BBC agus MG Alba.

In Éirinn, is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Pat Rabbitte, a dhéanfaidh SAORVIEW a sheoladh go hoifigiúil ar an Déardaoin seo chugainn in RTÉ ag 11.30rn.

San Eoraip agus i dtíortha eile trasna an domhain tá deireadh ag teacht le teilifís analógach agus beidh seirbhís dhigiteach ina háit, agus is iad na seirbhísí Freeview agus SAORVIEW a bheidh in úsáid sa Bhreatain agus in Éirinn chun iad sin a chur ar fáil.

Dar leis an Aontas Eorpach caithfidh deireadh teacht le teilifís analógach san Eoraip faoi dheireadh 2012.

Ar lean ar leathanach 24

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

"I don't speak Polish"

Maíonn baill Éirígí gur mhaslaigh na Gardaí iad as Gaeilge a labhairt

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ sé maíte ag beirt Ghaeilgeoirí atá ina mball den ghrúpa poblachtach Éirígí gur chuir na Gardaí maslaí orthu as a bheith ag caint Gaeilge Dé Luain na seachtaine seo.

Bhí an bheirt, Ursula Ní Shionnáin agus Micheál Mac Giolla Easpuig as Gaeltacht Thír Chonaill, ag crochadh póstaeir ar Shráid Talbot sa phríomhchathair Dé Luain maidir le hagóidí in aghaidh chuairt Bhanríon Shasana an tseachtain seo, nuair a tháinig na Gardaí chomh fada leo.

Tá ceisteanna ardaithe anois faoi thiomantas nó easpa tiomantais na nGardaí i leith na Gaeilge.

"Nuair a tháinig na Gardaí chugainn labhair mo chomrádaí i nGaeilge leo agus thosaigh siad á mhaslú," a deir Ursula Ní Shionnáin.

"D'iarr mo chomrádaí orthu i nGaeilge cén reachtaíocht a bhí i gceist acu chun muidne a stopadh agus dúirt duine de na Gardaí, as Stáisiún Shráid an Stórais, "I don't speak Polish."

Thug na Gaeilgeoirí a gcuid ainmneacha do na Gardaí i nGaeilge, agus maíonn Ursula gur thosaigh na Gardaí ag magadh fúthu dá bharr.

"Mhínigh mé dó (an Garda) go raibh sé de cheart againn Gaeilge a úsáid leis na Gardaí agus go raibh sé de dhualgas orthu Garda le Gaeilge a chur ar fáil dúinn. Dúirt sé go raibh Gaeilge aige ach nach raibh sé ag iarraidh Gaeilge a labhairt linn," ar sí.

Deir Ní Shionnáin gur úsáid an bheirt acu Béarla leis na Gardaí toisc go raibh an chuma ar an scéal go raibh siad chun iad a thógáil mura labhródh siad Béarla leo.

"Chuir siad brú orainn iompú ar an mBéarla mar gheall ar na hiarrachtaí a rinne siad chun eagla a chur orainn agus an magadh agus masla a rinne siad," a deir Ursula. "Tá sé dochreidte nach bhfuil Gaeilgeoirí i mBÁC ábalta Gaeilge a labhairt leis na Gardaí gan masla a fháil ar ais agus go bhfuil an dearcadh seo ag Gardaí i leith na teanga. Rinne siad iarracht muidne a náiriú toisc gur fearr linn an Ghaeilge a labhairt leo."

"Chuir siad brú orainn iompú ar an mBéarla mar gheall ar na hiarrachtaí a rinne siad chun eagla a chur orainn agus an magadh agus masla a rinne siad," a deir Ursula. "Tá sé dochreidte nach bhfuil Gaeilgeoirí i mBÁC ábalta Gaeilge a labhairt leis na Gardaí gan masla a fháil ar ais agus go bhfuil an dearcadh seo ag Gardaí i leith na teanga. Rinne siad iarracht muidne a náiriú toisc gur fearr linn an Ghaeilge a labhairt leo."

Tá gearán déanta ag Ursula leis an gCoimisinéir Teanga faoin méid a tharla agus tá Micheál Mac Giolla Easpuig, as Tír Chonaill, i ndiaidh a bheith i dteagmháil le Coimisiún Ombudsman na nGardaí mar gheall ar an mbealach inar phléigh na Gardaí leis.

Tá dualgais reachtúla teanga leagtha ar an Gharda Síochána ar dhá bhealach - trí Acht an Gharda Síochána, 2005 agus trí "scéim teanga" an fhórsa faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Dearbhaítear i scéim teanga an Gharda Síochána go naithníonn an fórsa ceart gach saoránaigh a c(h)uid gnó a dhéanamh i nGaeilge agus go bhfuil an Garda Síochána tiomanta do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ina iomláine. Tá ceart dlíthiúil ag aon duine atá gafa ag an nGarda Síochána go ndéileálfaí leis/léi trí Ghaeilge.

Sa bhreis ar sin, faoi Acht an Gharda Síochána 2005, caithfidh Coimisinéir an Gharda a chinntiú go mbeidh ag comhaltaí an Gharda Síochána atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, chomh fada agus is féidir é, an oiread sin eolais ar an nGaeilge is a chuirfidh ar a gcumas í a úsáid go saoráideach i gcomhlíonadh a ndualgais.

Cé go bhfuil gearán déanta le hOifig an Choimisinéara Teanga, ní féidir leis an Oifig sin an eachtra nó an cás a phlé go fóill.

Tá fiosrúcháin a ndéanamh acu ina leith faoi láthair agus tá sé d'údarás ag an Oifig seo fiosrúchán níos foirmiúla (nó imscrúdú) a sheoladh ar an gcás dá mbeadh sin riachtanach. Mar atá de chleachtas ag oifigí ombudsman eile sa dlínse seo agus go hidirnáisiúnta, ní dhéanfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga aon trácht ná aon phlé go poiblí ar aon chás atá idir lámha acu go dtí go mbeidh an obair críochnaithe acu.

Ní raibh an Garda Síochána sásta labhairt faoin gcás seo agus dúirt siad gur cheart d'éinne a bhfuil gearáin acu faoin mbealach ar phléigh na Gardaí leo, dul i dteagmháil le Coimisiún Ombudsman na nGardaí.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Oifig na Gaillimhe :
00353-91-536201

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Dhiúltaigh lucht CLG Uladh bualadh leis an mBanríon

- seachas an Dún

Meadhbh Ní Eadhra

AGUS Banríon Shasana ar cuairt chuig Páirc an Chrócaigh Dé Céadaoin, bhí ionadaithe ó gach Bord Contae in Éirinn i láthair, seachas beagnach gach contae in Ultaibh.

Ba iad contae an Dúin an t-aon cheann de na sé chontae a ghlac leis an gcuireadh chun fáilte a chur roimh an mBanríon chuig ár bpáirc náisiúnta.

Bhí míshástacht i measc na gcontaetha seo mar gheall ar an gcinneadh a rinne an Cumann Lúthchleas Gael chun cuireadh a thabhairt don Bhanríon chuig Páirc an Chrócaigh.

Áfach, ní dhearna oifigigh ón CLG aon ráiteas oifigiúil faoi seo, mar gur ordaigh Uachtarán na heagraíochta, Christy Cooney, do gach Bord Contae fanacht ciúin faoin gceist.

Rinneadh comóradh 37 bliain ar bhuamáil Baile Átha Cliath/Muineachán an tseachtain seo. Sa phictiúr tá Eoin Dillon ag seinm na píopaí ag an gcomóradh, in ómós dóibh siúd ar fad a fuair bás. PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND

'A Uachtaráin, agus a chairde': Banríon Shasana

Meadhbh Ní Eadhra

NUAIR a thug Banríon Shasana a hóráid i mBaile Átha Cliath oíche Dé Céadaoin, ba é ceann de na rudaí ba mhó ar chuir daoine suim ann, ná an cúpla focal Gaeilge a labhair sí. "A Uachtaráin, agus a chairde" a dúirt sí, agus níl aon amhras ach gur baineadh geit as an-chuid daoine nuair a chuala siad focail Ghaeilge ag teacht óna béal. Ar facebook, twitter agus na meáin shóisialta go léir, lean neart cainte faoi seo agus fiú mhol duine amháin, ag magadh, gur cheart go mbeadh an Bhanríon mar aghaidh Sheachtain na Gaeilge 2012. Tá Gaeilgeoirí ach go háirithe ag déanamh a mhór den iarracht a rinne an Bhanríon chun an cúpla focal a rá. Meas tú an mbeidh Barack Obama in ann dul céim níos faide agus tuilleadh Gaeilge fós a labhairt Dé Luain? Beidh le feiceáil.

Cuirfear tús leis an chéad chuairt stairiúil eile ar an Luan

Treasa Bhreathnach

TAR éis chuairte stairiúil Bhanríon Shasana an tseachtain seo, cuirfear tús le cuairt stairiúil eile ar an Luan, cuairt Uachtarán Mheiriceá Barack Obama.

Níl an tUachtarán Obama chun a bheith anseo ach ar feadh tréimhse ghairid agus a dhialann lán dá bharr. Cé gur ceapadh go mbeadh óráid á déanamh aige ó stáitse amuigh faoin aer agus é ar cuairt go Muine Gall i gContae Uíbh Fhailí, is cosúil anois de bharr cúrsaí slándála nach mbeidh a leithéid ag tarlú. Creidtear anois go mbeidh sé ag casadh le roinnt dá ghaolta, agus ag tiomáint tríd an sráidbhaile agus ar aghaidh leis. Is iad an teach ósta 'Ollie Hayes Bar' agus siopa John Donovan an t-aon dá ghnó a bheidh ar oscailt sa sráidbhaile agus é ar a bhealach tríd, rud a thugann le fios go mbuailfidh sé isteach ag an bpéire acu.

Tá os cionn 100 bratach Mheiriceá ardaithe acu sa bhaile beag an tseachtain seo agus iad ag fáil faoi réir don chuairt. Beidh óráid á tabhairt aige i bhFaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath, díreach mar a rinne Uachtarán Mheiriceá eile, Bill Clinton, agus é ar cuairt anseo in 1995.

Tá súil go ndeimhneoidh an Teach Bán cúrsa taistil an Uachtaráin inniu, ach cibé cé na pleananna atá aige, is féidir le cibé cén slua a gheobhaidh sé a bheith ag súil le cúrsaí slándála iontach daingean sula bhfeicfidh siad an tUachtarán.



Tá geallghlacadóir Paddy power ar Shráid na Mainistreach i mBaile Átha Cliath i ndiaidh ainm speisialta a thabhairt ar an áit mar gheall ar theacht Obama Dé Luain.

Ceapachán Stairiúil

Bean mar Mháistir ar Ospidéal Máithreachais in Éirinn den chéad uair riamh

Meadhbh Ní Eadhra

DEN chéad uair riamh i stair an stáit, tá bean i ndiaidh a bheith ceaptha mar Mháistir ar ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is í an Dr Rhona Mahony atá ceaptha sa phost, agus beidh sí ag feidhmiú san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais ar Shráid Holles sa Phríomhchathair. Tá Bord Gobharnóirí an ospidéil i ndiaidh an cinneadh seo a dhaingniú agus beidh an Dr Mahony ag teacht i gcomharbas ar an Dr Michael Robson laistigh de chúpla mí. Rinne an Máistir nua staidéar ar an leigheas sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus bhain sí an chéim amach in 1994. Is cnáimhseoir comhairleach agus gínéiceolaí den chéad scoth í agus beidh sí freagrach as ospidéal a shaolaíonn os cionn 750 leanbh gach mí, agus ag a mbeidh buiséad bliantúil de €43 milliún. Tá taighde déanta aici ar réimse leathan ábhar, cosúil leis an tionchar a bhíonn ag meáchan na máthar ar leanbh, agus tá sé foilsithe i gcuid mhór irisí aitheanta, an *American Journal of Obstetrics and Gynaecology* san áireamh.

Amhras faoi thodhchaí an A5

Anton Mac Cába

DÚIRT ionadaí ó Sheirbhís Bhóithre an Tuaiscirt le fiosrúchán poiblí go bhfuil tógáil an fhiontair bhóthair is mó sa Tuaisceart i muinín maoinithe ó rialtas an Deiscirt. "Muna bhfuil £410 milliún (€466.6 milliún) ar fáil ó Phoblacht na hÉireann, bheadh athbhreithniú ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann de dhíth," arsa Conor Loughrey ón tSeirbhís Bhóithre. "Bheadh ceist inacmhainneachta ann ansin."

Is é sin an A5, débhealach 82 ciliméadar ar fad, ón teorainn le Co. Mhuineacháin go dtí an Baile Nua lámh le Cathair Dhoire. Beidh sé ina cheangal bóthair idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath. Mar sin, tá polaiteoirí sa chontae ag tabhairt tacaíochta dó, agus an rialtas ag díol an leath-chuid den chostas.

Dúirt David Hardcastle ó na saincomhairleoirí Mouchel go raibh an £410 milliún ina chloch coirnéil ag an bhfiontar. "Mar choinníoll leis seo, caithfidh sé bheith ina dhébhealach," arsa Hardcastle. Níl sé mar chúram ar Mouchel na malairtí a mholann agóideoirí a mheas. "Ní bheadh sé ceart againn imeacht ón sainchúram a tugadh dúinn, nó bheadh sin ag baint úsáide as airgead poiblí ar bhealach mí-cheart," arsa Hardcastle.

Is scéim chonspóideach é. Tá thar 2,500 agóideoir ann.

Dé Luain, ceapadh Danny Kennedy ó Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP) mar Aire Forbartha Réigiúnaí. Dúirt sé go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar an bhóthar.

Scoil Chuimsitheach Chiaráin
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe

Múinteoir Ag Teastáil

Fáilteofar roimh iarratais do phost ionadaíochta don scoilbhliain 2011/2012

Eacnamaíocht Bhaile (18 uair)
(saoire mháithreachais) le héifeacht ón 29ú Lúnasa, 2011.

Scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin ina ndéantar an teagasc iomlán tré Ghaeilge.

Cáilíochtaí: De réir mheamram na Roinne Oideachais & Scileanna
Tuarastal: De réir mheamram agus scálaí na Roinne Oideachais & Scileanna.

Glacfar le hiarratais ar na foirmeacha oifigiúla atá le fáil uaimse:

Seosamh Mac Donncha,
Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta,
Oifigí an Choiste Gairmoideachais,
Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-874535
Ríomhphost: **mnimhainnin@cogalvec.ie**

Is é an dáta deireanach d'iarratais a bheith faighte (sa phost nó trí sheachadadh láimhe amháin) ná roimh 4.00i.n. ar an Mháirt, 31ú Bealtaine, 2011.

Tionólfar agallaimh don phost thuasluaite ar an 10ú Meitheamh, 2011.

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais ar bith i ndiaidh an spriocdháta, go bhféadfadh gearrliostú a bheith i gceist agus go ndícháileofar éinne a dhéanann canbhasáil.

Is fostóir comhionannais Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Feidhmeannas Stormont Nua Ceaptha

Gaeilgeoir ar bith ag an phríomh-tabla sna Sé Chontae

Anton Mac Cába

DÉ Luain, d'fhógair páirtithe an Tionóil an 11 Aire nua don Tuaisceart. Leanann Peter Robinson agus Martin McGuinness leo mar Chéad-Aire agus Leas-ChéadAire.

Níl Gaeilgeoir aitheanta ar bith sa bhFeidhmeannas. Tá tábhacht don Ghaeilge Gaeilgeoirí a bheith in dhá aireacht ach go háirithe: Cultúr, Ealaíona agus Fóillíocht, agus Oideachas, agus is ag Sinn Féin atá an dá aireacht.

Is í Carál Ní Chuilín atá ina hAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Is as an Lóiste Nua i dtuaisceart Bhéal Feirste di, í ina cónaí ann ar fad. Seo a dara seal mar Chomhalta den Tionól Reachtúil.

Chaith sí ceithre bliana faoi ghlas, as ionsaí de chuid an IRA. D'fhoghlaim sí Gaeilge agus í sa phríosún. Tháinig meirg air sin, ach tá sí ag pilleadh ar ranganna. Léirigh sí suim sa Ghaelscolaíocht, nó tá an mac léi ar Choláiste Feirste.

Aithnítear go bhfuil sí cumasach. Rinne sí céim agus í faoi ghlas. Tá sí anois ag tabhairt faoi chéim mháistreachta sa bhainistíocht. Léirigh sí scileanna bainistíochta ó toghadh in 2007 don Tionól í. Bhí sí ina Príomh-Aoire ag Sinn Féin. Ba bheag fadhb inmheánach a bhí ag Grúpa Tionóil Shinn Féin.

Aithnítear mar ionadaí éifeachtach ar an talamh í, agus mar bhean a dhéanann obair. Cúpla bliain ó shin ceiliúradh bainis i gClub CLG Kickhams in Ard Eoin. Ba íse an cócaire deonach ann.

Bhí an dá pháirtí náisiúnacha faoi bhrú leis an Roinn a phiocadh. Ba é Nelson McCausland ón DUP a bhí ina Aire roimpi, fear go raibh an-chuid fadhbanna ag eagraíochtaí Gaeilge leis.

Bhí Oideachas ar an chéad roinn a phioc Sinn Féin, beart a chuir iontas ar go leor. Ba é John O'Dowd an fear a roghnaíodh chun teacht i gcomharba ar Chaitríona Ruane, Sinn Féiní eile, Gaeilgeoir agus Aire a bhí tiomanta don Ghaeloideachas.

Stop an ceol ach ní raibh suíochán ar bith ann do Phatsaí Mac Giolla Eoin, leas-cheannaire an SDLP. Tuigtear nach bhfuil sé féin leath-shásta faoin chinneadh gan aireacht a thabhairt dó, rud atá ag cur leis an díospóireacht maidir le ceannaireacht Margaret Ritchie ar an SDLP.

Carál Ní Chuilín ó Shinn Féin, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta nua an Tuaiscirt. Is beag an baol gur féidir léi 'Acht na Gaeilge' a bhaint amach, mar sin cad a dhéanfaidh sí ar son na Gaeilge? Is é ceann de na ceisteanna móra a bheas ann chomh maith ná: An mbeidh sí ag freastal ar chluichí peile Thuaisceart Éireann?

Níl Gaeilge ag O'Dowd féin. Ach tá daoine muinteartha leis iontach gnóthach sa Naíscoil ar an Lorgain. Leis, chuidigh sé go mór le tuismitheoirí a bhí ag iarraidh Gaelscolaíochta dá bpáistí.

Is as ceantar Bhladhraigh ar an Dún dó. Is ceantar tuaithe sin, ó dheas ón Lorgain. Ba cheantar é a d'fhulaing sna Trioblóidí. Dhúnmharaigh an UVF triúr col ceathrair leis Mí Eanáir 1976, le linn ceann de na seachtainí ab fhuiltí sna Trioblóidí.

Is léir gur duine éifeachtach é. Sa Tionól deireanach, nuair a bhíodh airí de chuid Shinn Féin faoi bhrú, ba,eisean a dhéanadh iad a chosaint. Dúirt foinsí sa DUP gur mheas siad go raibh sé éifeachtach ina bhun seo.

Bíonn sé ina urlabhraí éifeachtach ag Sinn Féin ar na meáin. "Ní fear é a chroitheann bratacha," an breithiúnas a bhí ag náisiúnaí amháin sa cheantar air. Dar le hAontachtaithe gurb eisean an duine is éifeachtaí ag Sinn Féin sa Tionól.

Ó thaobh na Gaeilge de, b'fhéidir gurb é an scéal is mó ná an Gaeilgeoir nach bhfuil sa bhFeidhmeannas. Is é sin Patsaí McGlone, Leas-Cheannaire an SDLP agus Comhalta den Tionól Reachtach ó Lár Uladh. Baineann McGlone le heite 'ghlas' an SDLP, ach meas ag Aontachtaithe air. "Is duine é go dtig le hAontachtaithe gnó a dhéanamh leis," a dúirt Aontachtaithe Uladh amháin.

Tá sé ina raic ó thuaidh faoin '11+', mar a roghnaítear páistí le dul chuig scoileanna gramadaí nó chuig meánscoileanna. Bhí Caitríona Ruane in éadan an '11+', Aontachtaithe ar a shon.

Bhí O'Dowd féin ar scoil chuimsitheach, Lios Mór i gCreig Abhann. Ba ghnáth-dhalta é agus é ann. Dúirt múinteoir gur tharraing sé aird áirithe air féin mar gur gasúr mór ard é – ach ní ar ábhar ar bith eile. Anois, labhraítear faoi mar dhuine a bheidh ina cheannaire ar Shinn Féin amach anseo.

Ó thaobh na Gaeilge de, b'fhéidir gurb é an scéal is mó ná an Gaeilgeoir nach bhfuil sa bhFeidhmeannas. Is é sin Patsaí McGlone, Leas-Cheannaire an SDLP agus Comhalta den Tionól Reachtach ó Lár Uladh.

Baineann McGlone le heite 'ghlas' an SDLP, ach meas ag Aontachtaithe air. "Is duine é go dtig le hAontachtaithe gnó a dhéanamh leis," a dúirt Aontachtaithe Uladh amháin.

Phioc an SDLP an Aireacht Chomhshaoil. Ceapadh Alex Attwood as Béal Feirste Thiar mar Aire. Is duine é a luaitear ar lucht tacaíochta Margaret Ritchie, ceannaire an pháirtí. Bhí neart den bharúil gur cheart Leas-Cheannaire an pháirtí a cheapadh mar Aire.

Tá eolas ag McGlone ar chúrsaí pleanála ach go háirithe. Táthar ann atá den bharúil go mbeidh sé ina cheannaire ar an SDLP amach anseo.

Tá baint ag Airí eile leis an Ghaeilge. Ceithre bliana fichead ó shin, thug Sammy Wilson 'leprechaun language' ar an Ghaeilge le linn cruinnithe de Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Anois, tá sé ina Aire Airgeadais. Oibríonn sé go maith lena chomhghleachaithe Sinn Féineacha áfach.

Bhí Máirtín Ó Muilleoir ina chomhairleoir ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste ag an am. Tá sé ar ais ina chomhairleoir ag Sinn Féin ar an Chomhairle. Dar leis an Mhuilleorach go bhfuil an Aireacht Airgeadais tuillte ag Wilson. "Tá sé ábalta agus éirimiúil," arsa an Muilleorach. "Is é an difear ná go raibh cogadh agus cogaíocht ar siúl ansin. Sílim go nglacann daoine seasamh docht aontaobhach le linn cogaidh, agus go n-úsáideann siad teanga atá fóirsteanach do thréimhse mar sin."

"Anois, is gá teanga eile a úsáid. Tá sé ag déanamh sin."

Maidir le Nelson McCausland, a bhíodh ina Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, tá sé anois ina Aire Forbartha Sóisialta.

Beidh le feiceáil an mbeidh conspóidí ansin.

Iriseoireacht agus Staidéar ar an Stair curtha i mbaol

Anton Mac Cába

TRÍ údaráis Mheiriceá, rinne Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) subpoena a sheirbheáil ar Boston College i SAM.

Tá siad ag iarraidh teacht ar thaifid a bhí i gcartlann an choláiste ar stair na dTrioblóidí. Labhair taighdeoirí thar ceann an Choláiste le suas le 50 iar-throdaire, idir Phoblachtaigh agus Dílseoirí. Thug na taighdeoirí gealltanas nach bhfoilseofaí an t-ábhar go dtí i ndiaidh bhás na foinse.

Thiocfadh leis seo an-dochar a dhéanamh do scríobh na staire, dar le Tomaí McKearney, iar-bhall sinsearach den IRA a chaith téarma saoil faoi ghlas. "Déanann seo damáiste don tuiscint atá againn ar an tréimhse ar fad ó 1969 i leith," arsa McKearney. "Bheadh drogall orm fhéin labhairt. Muna mbeifeá ábalta labhairt, dá mbeadh imní ort go dtiocfadh leo tú a chúiseamh, nó duine éigin eile a chúiseamh – ní thiocfadh leat é a dhéanamh."

Tá impleachtaí don todhchaí ann chomh maith. Muna féidir stair an Tuaiscirt ina hiomláine a fháil, ní féidir ar tharla a sheachaint sna blianta amach romhainn: "Dá mbeadh daoine i dtíortha ábalta teacht ar fhíor-stair an Tuaiscirt, thiocfadh dó go gcuideodh sin leo cúrsaí ina dtíortha féin a thuiscint."

Le dosaen bliain anuas, rialaigh cúirteanna sa Tuaisceart i bhfabhar na n-iriseoirí Ed Moloney agus Suzanne Breen. Bhí na péas ag iarraidh nótaí s'acu a ghabháil.

I measc na dtaighdeoirí, bhí Anthony McIntyre, ball de Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí. Dúirt Bob Miller ón gCoiste Gnó gur seo iarracht ar chásanna Moloney agus Breen a rith arís. "Bhí ar a laghad duine amháin de na taighdeoirí ina bhall den NUJ," ar seisean. "Tá sé mar dhualgas ar iriseoirí foinsí a chosaint, nuair a thugann siad gealltanas go bhfuil sé faoi iontaoibh. Iarracht ar bith le húsáid a bhaint as iriseoirí le daoine a chúiseamh, chuirfeadh sin iriseoirí i mbaol.

Tír Gan Airgead - Tír Gan Teanga

Béarla atá á labhairt ag formhór na ndaoine óga sna Gaeltachtaí formhór an ama: Mac Donnacha; níor chomhlíonadh cuid mhaith den ábhar dóchais a bhí ag pobal na Gaeilge sa Tuaisceart: Muller

Ciarán Mac Fhearghusa, i mBaile Átha Cliath

TIONÓLADH seimineár dar theideal 'Leas na Gaeilge, leas an Stáit' an Aoine an 13 Bealtaine agus an Satharn 14 Bealtaine i mBaile Átha Cliath. Pléadh mórcheisteanna na Gaeilge le linn an tseimineáir agus bhí díospóireacht bhreá agus tuairimíocht spéisiúil ar cén cur chuige is fearr do mhuintir na Gaeilge i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí agus i bhfianaise na géarchéime eacnamaíochta ach go háirithe.

Thug Breandán Mac Cormaic ó Fhondúireacht na Gaeilge caint anspéisiúil faoin teideal 'L'étrange défaite nó an olltubaiste Éireannach agus an Ghaeilge'.

"Rinne mé iarracht anailís a dhéanamh ar an áit a bhfuil muid mar thír, agus rinne mé é sin ar mhaithe le bheith in ann an Ghaeilge a chomhthéacsú más maith leat. Is é sin má thuigeann muid i gceart cá háit a bhfuil an tír tá sé níos éasca a fheiceáil cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag an nGaeilge agus riachtanas na Gaeilge. An anailís a rinne mé go bunúsach ná a rá nach mbaineann na fadhbanna atá againn go príomha le deacrachtaí airgeadais agus struchtúr polaitíochta. Tá siad níos doimhne ná sin. Tá siad istigh sa bhealach ina bhfuil muid, ag eascairt as an stair atá againn agus, go háirithe, as an mbealach a bhfuil an tír tar éis dul le daichead bliain anuas," arsa Breandán.

Maidir leis na Sé Chontae thug Janet Muller ó Phobal caint faoin teideal 'An Teanga, an Pobal is an Stát ó Thuaidh'. Bhí gnéithe áirithe éadóchais ag baint leis. Tá an Ghaeilge tar éis cúlú faoin Tionól seachas teacht chun cinn mar a bheifeá ag súil leis dar léi. Thug sí le fios nár comhlíonadh cuid mhaith den ábhar dóchais a bhí ann roimhe sin mar ba mhaith le pobal na Gaeilge.

Tharraing an Dr Fionnbarra Ó Brolcháin agus an Dr John Walsh aird ar an ngaol atá ag cultúir i bhforbairt eacnamaíochta agus ar na buntáistí a bheadh ann d'Éirinn dá n-úsáidfí an Ghaeilge mar acmhainn agus mar chuid de straitéis forbartha eacnamaíochta na tíre. Dar le Ó Brolcháin go bhfuil "gá le hidé-eolaíocht nua a chuirfeadh luach agus fiúntas leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann. Caithfear machnamh go domhanda ach gan fréamhacha an dúchais a fhágáil inár ndiaidh," ar sé.

Maidir leis na Sé Chontae thug Janet Muller ó Phobal caint faoin teideal 'An Teanga, an Pobal is an Stát ó Thuaidh'. Bhí gnéithe áirithe éadóchais ag baint leis. Tá an Ghaeilge tar éis cúlú faoin Tionól seachas teacht chun cinn mar a bheifeá ag súil leis dar léi. Thug sí le fios nár comhlíonadh cuid mhaith den ábhar dóchais a bhí ann roimhe sin mar ba mhaith le pobal na Gaeilge.

Ar an ábhar is tromchúisí pléadh leochaileacht na Gaeilge mar theanga labhartha phobail sa Ghaeltacht. Dar le Seosamh Mac Donnacha atá ina chomhordaitheoir acadúil ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh, agus a bhí mar chomhúdar ar an Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a foilsíodh in 2007, "Má leanann treochtaí teanga ar aghaidh sa Ghaeltacht mar atá siad ag dul le cúig bliana fichead anuas níl aon amhras ann ach gur beag Gaeltacht a bheidh fágtha i gceann scór bliain. Abair i ndeisceart Chonamara ag tús na seachtóidí d'fhéadfá cur síos a dhéanamh air mar phobal ina raibh formhór na ndaoine ag labhairt Gaeilge formhór an ama. Níl sé sin fíor faoi láthair. Má bhreathnaíonn tú ar na haoisghrúpaí is óige, abraimis daoine a bheadh faoi bhun cúig bliana fichead ach go háirithe, déarfainn gur a mhalairt is fíor agus gur Béarla atá á labhairt acu formhór an ama."

Tharraing an tUasal Mac Donnacha aird ar an tábhacht a bhaineann le húinéireacht phobal na Gaeilge a fháil ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. "Táimid anois ag céim chriticiúil de chur i bhfeidhm na straitéise. Is é sin céim bhunaithe na straitéise. De réir na straitéise ba cheart go mbeadh daoine á gcur ar an eolas faoi na spriocanna, faoi ábhar na straitéise agus faoi na struchtúir eagraíochtúla agus oibríochtúla a chaithfear a bhunú, chomh maith leis na hacmhainní foriomlána a theastóidh a leithroinnt agus na nósanna imeachta monatóireachta, measúnaithe agus modhnaithe. Tá an straitéis foilsithe anois le sé mhí agus níl aon eolas faighte againn go bhfuil aon chuid de seo déanta go fóill."

Ardaíodh cúpla uair le linn an tseimineáir an gá le 'Plean B' a bheith ag an bpobal ar eagla go gclisfeadh ar straitéis an stáit.

Bhraith an stócach Tadhg Ó Rodaigh go bhfuil 'Plean A' ag brath ar 'Phlean B' sa mhéid is go gcuirfeadh sé ina luí ar na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le cur i bhfeidhm na straitéise go héifeachtach.

"Níl aon dabht ach go gcaithfidh pobal na Gaeilge a bheith ag labhairt faoi cheisteanna mar seo. Caithfidh muid ár gcuid smaointe a shoiléiriú agus a bheachtú. Tá seimineár mar seo fíorthábhachtach do ghníomhaíochtaí ghluaiseacht na Gaeilge agus beidh tuilleadh le cloisteáil ar na ceisteanna seo."

Is í an Mheitheal Straitéise, Taighde agus Tionscnamh (MSTT) a d'eagraigh an seimineár i gcomhpháirtíocht le Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Coiscéim agus Fondúireacht na Gaeilge. Ba iad John Walsh, Fionnbarra Ó Brolcháin, Seosamh Mac Donncha, Breandán Mac Cormaic agus Janet Muller aoichainteoirí an tseimineáir.

UCD DUBLIN

UCC
Coláiste na hOllscolie Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

Cúntóirí Taighde (Páirtaimseartha)

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu i bpost mar Chúntóirí Taighde ar staidéar atá ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil faoi conas agus cathain a fhoghlaimíonn gnáthpháistí focail agus gramadach na Gaeilge. Táimid ag lorg daoine atá lonnaithe sna Gaeltachtaí i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht, agus beidh ar na Cúntóirí taisteal chuig teaghlaigh ina gceantair. Obair pháirtaimseartha atá i gceist, idir 3 agus 6 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine (ar scála an chúntóra taighde sna hollscoileanna, €17.84/uair) agus íocfar costais taistil suas chuig 30 míle/cuairt. Na daoine a fhostófar beidh orthu na scileanna seo a bheith acu: ardchaighdeán sa Ghaeilge (labhartha agus scríofa); ceadúnas tiomána reatha agus carr (clúdaithe maidir le hárachas srl.); ríomhaire agus taithí le pacáistí ríomhaire mar Word, Excel agus ríomhphost; agus ardscileanna cumarsáide pearsanta.

Tá sé i gceist tús a chur le bailiúcháin na sonraí i mí an Mheithimh 2011 agus leanúint chuig Eanáir 2013. Ní mór d'iarrathóirí foirm iarratais a íoslódáil ó: ***http://www.ucd.ie/psychology/TinaHickey/***

An spriocdháta le haghaidh iarratas ná 30 Bealtaine 2011 ar 4:30 i.n.

Seol cóip den fhoirm iarratais mar aon le CV chuig an dá sheoladh seo

Dr. Ciara Ní Thuathail,
Roinn na n-Eolaíochtaí Urlabhra agus Éisteachta,
Coláiste na hOllscoile,Corcaigh

Dr. Tina Hickey,
Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na hOllscoile,
Belfield, Baile Átha Cliath 4.

Fiosrúcháin **Dr. Ciara Ní Thuathail c.otoole@ucc.ie. nó 021 4901539**
nó **Dr. Tina Hickey tina.hickey@ucd.ie nó 01 7168432**

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Imní ar Iosrael faoi thorthaí an Earraigh Arabaigh

12 Palaistíneach maraithe agus iad ag iarraidh dul isteach in Iosrael ag ócáid chomórtha an Nakba – fuadach na bPalaistíneach ó hIosrael

Anailís le Danny Brown

TÁ cainteanna ar na gaorthaibh arís idir Iosrael agus urlabhraithe na bPalaistíneach i ndiaidh na dtrioblóidí a bhí ag an teorainn ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart.

Maraíodh 12 Palaistíneach ag Arda Golan idir Iosrael, an Liobáin agus an tSiria ag ócáid chomórtha an Nakba, nuair a ruaigeadh na céadta míle Palaistíneach as a mbailte in 1948 nuair a bunaíodh stát Iosrael.

Bhí sé soiléir gur éirigh le go leor de na Palaistínigh, as campaí i nDeisceart na Liobáine a bhformhór, a mbealach a dhéanamh trí sconsa slándála Iosrael agus gur dócha go raibh siad lonnaithe anois i gcampaí Palaistíneacha sna Críocha Gafa.

Chuir na básanna sin brú ar Benjamin Netanyahu, Príomh-Aire Iosrael, agus beidh níos mó brú ag teacht air ó Barak Obama nuair a bhuaileann an bheirt le chéile sna laethanta amach romhainn.

Bhí cruinniú ag Uachtarán na Stát Aontaithe leis an Rí Abdullah II as an Iordáin an tseachtain seo agus d'eisigh an bheirt ráiteas ag glaoch ar Iosrael agus na Palaistínigh cainteanna a thosú arís.

Níor labhair siad le chéile le bliain de bharr lonnaíochtaí úra a tógadh ar an Bhruach Thiar agus in Iarúsailéim Thoir ag Iosraelaigh.

Tá na Stáit Aontaithe i bponc, ar bhealach, ó thosaigh an tÉirí Amach sa Túinéis níos luaithe i mbliana mar, cé gur thug siad tacaíocht do na rialtais i gcuid de na tíortha thart ar Iosrael, bhí sé deacair acu gan taobhú leis na daoine a bhí ag cuartú daonlathais ina dtír féin.

Sin an rud a tharla san Éigipt agus, cé gur ruaigeadh Mubarak, is ar éigean gur féidir daonlathas a thabhairt ar an rialtas nua a cuireadh in áit ina dhiaidh.

Tá seilbh ag Arm na hÉigipte ar an chumhacht sa tír agus tá seanchleachtadh ag rialtas Mheiriceá déileáil leo siúd mar is as an Arm a tháinig Mubarak é féin agus, go deimhin, Nasser agus Sadat roimhe.

Tamall i ndiaidh do mhuintir na hÉigipte an ruaig a chur ar Mubarak, d'éirigh le gníomhaithe ar son na Palaistíne an léigear ar Ghaza a bhriseadh agus lód stroighne a thabhairt isteach sa dúiche ón Éigipt den chéad uair gan cead a fháil ó Iosrael roimh ré.

Is sampla é den treo inar bhog an rialtas nua san Éigipt nach mbeadh leis na gníomhaithe céanna inniu dá mba mhian leo a mhacasamhail a dhéanamh arís.

Sin lorg Mheiriceá ar Arm na hÉigipte, atá ag brath ar na Stáit Aontaithe d'airm agus armlón agus a bheas níos síochánta le hIosrael ná mar a bheadh daonra na tíre.

Sin ceann de na fadhbanna atá ag Meiriceá agus ag Iosrael sa cheantar agus go háirithe leis an 'Earrach Arabach'.

Tá daonra na dtíortha thart ar Iosrael níos radacaí ná na rialtais atá acu agus, má éiríonn leo rialtas nach bhfuil baint ar bith aige le harm na tíre sin a chur ar bun, ní fios cén treo ina rachaidh siad maidir le polasaí ar Iosrael.

Tá daonra na dtíortha thart ar Iosrael níos radacaí ná na rialtais atá acu agus, má éiríonn leo rialtas nach bhfuil baint ar bith aige le harm na tíre sin a chur ar bun, ní fios cén treo ina rachaidh siad maidir le polasaí ar Iosrael.

Tá sé soiléir go bhfuil fadhbanna móra sa tSiria, mar shampla, agus má éiríonn leis na fórsaí daonlathacha ansin an bua a fháil ar an rialtas, ní bheidh an teorainn idir Iosrael agus an tSiria chomh daingean is atá sí le blianta anuas.

Nuair a bhíodh achrann idir an tSiria agus Iosrael, is minice a rinneadh an troid sa Liobáin ná sa tSiria.

Tá greim daingean ag Assad ar an tSiria ach tá an chuma ar chúrsaí sa tír sin go bhfuil an chumhacht ag tosú a shleamhnú uaidh.

An féidir le Netanyahu bheith ag brath ar chomharba Assad an teorainn a choinneáil slán ar thaobh na Siria de?

Bhí léirsithe sa Iordáin an mhí seo a chuaigh thart fosta agus beidh imní ar na húdaráis sa tír sin go bhfuil an daonlathas, nó fonn an daonlathais, ag fás sa réigiún agus go mbeidh sé deacair a shéanadh ar dhaonra atá báúil le cás na bPalaistíneach.

Is é an chiall atá leis seo uilig ná go bhfuil Iosrael rud beag níos míchompórdaí ar na laethanta seo ná mar a bhí siad le tamall anuas.

Bhí éirí amach i nGaza nó Intifada sna Críocha Gafa measartha furasta acu nuair a bhí an Éigipt agus an Iordáin ag taobhú leo, nó ar a laghad ag diúltú tacaíocht dhíreach a thabhairt do na Palaistínigh.

Ní thig leo bheith cinnte de sin níos mó.

Creidim gur sin an fáth go bhfuil na cainteanna idir Meiriceá, an Iordáin agus Iosrael ag dul ar aghaidh agus go bhfuil súil Mheiriceá níos mó ar na réabhlóidí beaga sa réigiún.

Ar ndóigh, tá a gcuid fadhbanna féin ag na Palaistínigh.

De thairbhe na réabhlóidí beaga in áiteacha eile ar fud an réigiúin, tá brú ar Fatah, atá i gceannas ar na Críocha Gafa ar an Bhruach Thiar, agus ar Hamas, atá i gceannas ar Ghaza, teacht le chéile arís agus dearmad a dhéanamh ar an aighneas atá eatarthu ó bhain Hamas toghchán Gaza i mí an Mheithimh 2007.

Is cosúil go bhfuil na Palaistínigh tinn tuirseach de cheannairí s'acu bheith scoilte agus iad ag tabhairt aghaidh ar chainteanna le hIosrael agus na Stáit Aontaithe.

Má tharlaíonn cainteanna díreacha idir Iosrael agus na Palaistínigh, tá sé deacair a rá caidé mar a rachaidh siad, mar níl muinín ar bith ag na Palaistínigh as gealltanais na nIosraelach ar lonnaíochtaí tithíochta mí-dhleathacha ar an Bhruach Thiar, go háirithe nuair atá Netanyahu i gcumhacht.

Níl amhras ar bith ann, áfach, go mbeidh Obama ag cur brú ar an dá thaobh réiteach a fháil ar a gcuid fadhbanna mar tá scéal na bPalaistíneach agus na nIosraelach lárnach i bpolaitíocht an réigiúin agus tá na Stáit Aontaithe ag brath ar ola as an Mheán-Oirthear leis an gheilleagar a choinneáil ag dul.

‘Súil ar shúil, fiacail ar fhiacail’

Ciarán Dunbar

SAMHLAIGH é seo más féidir leat. Téann tú chuig an ospidéal, tú ceangailte leis an leaba, cuirtear ainéistéitic ionat, ansin cuirtear braonacha d’aigéad (acid) isteach i do dhá shúil chun iad a scriosadh agus chun tú a dhéanamh dall.

Bhí sé sin i ndán do Majid Movahedi an Satharn seo caite in Ospidéal san Iaráin. Sa deireadh, áfach, chuir údaráis na hIaráine an pionós ar athló. Níl aon data úr socraithe dó go fóill.

Más uafásach an pionós seo, áfach, bíodh a fhios agaibh gurb uafásaí arís an coir ar ciontaíodh é as.

Ba chailín gairmiúil álainn í Ameneh Bahrami (32) ach chuir Movahedi deireadh leis sin.

Agus í ag fanacht ag stad an bhus, ar a bealach abhaile ón obair siar in 2004, mhothaigh sí go raibh duine éigin taobh thiar di, thiontaigh sí thart, go láithreach mhothaigh sí a cuid craicinn ar aghaidh s’aici ag dó, aigéad ag dul isteach ina súile.

Inniu, tá sí dall go hiomlán, i bpian i rith an ama uile agus tá sí ainimheach go huafásach, mar a bheas sí go deo.

Chaith Movehedi aigéad ar aghaidh s’aici mar gur dhiúltaigh sí é a phósadh.

Rinne seisean a dhícheall le cinntiú nach bpósadh éinne eile í choíche.

Chuir cúirt san Iaráin pionós príosúin agus fíneáil ar Movahedi ach níor shásaigh sé sin Ameneh.

Bhí sí ag iarraidh go mbeadh an saol céanna ag an fhear a rinne ionsaí uirthi is atá aici féin, is é sin go ndallfaí é trí aigéad a chur ina shúile. Ba mhaith léi “go dtuigfeadh sé pian s’aici.” Tá sé á thuairisciú fiú gurb í féin a dhéanfaidh an pionós a chur i bhfeidhm.

Faoin phrionsabal ‘qisas’ (cúiteamh) atá mar chuid de dhlí Sharia, cosúil leis an phrionsabal ‘Súil ar shúil, fiacail ar fhiacail’ sa Ghuideo-Chríostaíocht, bhí an ceart sin aici agus ghéill an chúirt dá hachainí, iad ag súil go ndéanfaí neart poiblíochta ar an chás agus go gcuirfeadh sé stop le hionsaithe den chineál seo sa todhchaí.

Ní fios an raibh an toradh sin air, fiú is nach ndearnadh é go fóill. Is fadhb leanúnach iad na “hionsaithe aigéid” seo, go háirithe san Ind.

Ní nach ionadh, tá grúpaí cearta daonna glórach agus gníomhach ar an cheist seo.

Cathair Caite amach ag an Eaglais Chaitliceach

Anton Mac Cába

TÁ an Eaglais Chaitliceach i ndiaidh cathair agus deoise Naoned (Nantes sa bhFraincís) a dhíbirt ón mBriotáin. Tá Naoned ar an chathair is mó sa tír.

Tháinig seo amach ag preasocáid. Bhí easpaig na Briotáine ag fógairt ciste carthanachta do dhaoine óga. Chuir iriseoir ó Agence Bretagne Presse ceist: cad chuige nár tugadh cuireadh d’easpag Naoned? Dúirt Ard-Easpag Roazhon (Rennes) gur sin “ceist iontach maith.” Dar leis an Ard-Easpag go raibh sé “níos praiticiúla ag an Eaglais teorainneacha riaracháin na Fraince a leanúint.” D’admhaigh an tArd Easpag go raibh an cheist ‘casta’.

Bhí Naoned ina phríomh-chathair ag an Bhriotáin sna Meánaoiseanna, idir an diúc agus an pharlaimint ann. Ba dheachtóireacht Vichy, a bhí ag comhoibriú leis na Naitsithe, a scar ó réigiún francach na Briotáine é. Níor cuireadh é sin ina cheart go fóill. Cuireann sé sin olc ar an phobal ar fad.

SCÉAL BÁIS

Laoch na hAmharclannaíochta Tomás Mac Anna ar shlí na fírinne

Treasa Bhreathnach

CAILLEADH fathach mór na hamharclannaíochta ar an Mháirt seo caite, Tomás Mac Anna a bhí 87 bliain d’aois. Ba as Dún Dealgan i gContae Lú ó dhúchas é an tUasal Mac Anna agus chaith sé a shaol sáite in amharclannaíocht Ghaeilge agus Bhéarla ina róil éagsúla in Amharclann na Mainistreach.

Thosaigh sé ag obair le hAmharclann na Mainistreach mar dhearthóir seite agus ceapadh é mar léiritheoir Gaeilge sular ceapadh é in 1966 mar stiúrthóir ealaíon, post a bhí aige le trí thréimhse. Bhí sé de cháil aige drámaí conspóideacha nua-aimseartha a stiúradh a tharraing aird an phobail agus a tharraing an amharclann féin isteach go dtí an 20ú haois. Is é ceann de na drámaí Gaeilge is mó le rá agus is conspóidí a stiúir sé ná ‘An Triail’ le Mairéad Ní Ghráda in 1964.

Thosaigh Tomás féin amach mar scríbhneoir agus i measc na ndrámaí Gaeilge a scríobh sé bhí, ‘Má tá Bréag Ann’ le hEamon Kelly agus é féin, ‘An Crúiscín Lán’ scríofa le hEoghan Ó Tuairisc agus ‘Mise le Meas’. D’oibrigh sé mar stiúrthóir ar feadh na mblianta chomh maith agus é ag stiúradh drámaí a bhí á stáitsiú i nGaeilge agus i mBéarla mar, ‘Famine’, ‘An Claoimh Soluis’, agus ‘Borstal Boy’ in 1967, léiriú a bhuaigh gradam Tony agus gradam ‘New York Critic’.

D’oibrigh sé i saol na hamharclannaíochta ar feadh níos mó ná 50 bliain agus le linn na tréimhse sin stiúir sé éagsúlacht mhór léirithe, ina measc drámaí le Seán Ó Cathasaigh, drámadóirí Eorpacha mar Bertolt Brecht agus drámaí nuascríofa Éireannacha.

Nuair a scaoileadh an nuacht go raibh Tomás Mac Anna imithe ar shlí na fírinne, sheas an lucht féachana a bhí in Amharclann na Mainistreach ag an am, agus thug siad bualadh bos dó. Deir an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, “Ba baint an-mhór aige, mar scríbhneoir, mar stiúrthóir agus mar aisteoir, leis an nuachóiriú a rinneadh, sa dá theanga, ar an amharclannaíocht Éireannach. Aireoimid uainn go mór é agus mairfidh a chuimhne go dílis,” arsa an tAire. Nuair a bhásaigh Tomás Mac Anna bhí sé ina stiúrthóir oinigh ar Amharclann na Mainistreach.

Tomás Mac Anna
(PIC. ALBERT GONZALEZ / PHOTOCALL IRELAND)

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Na 'Gaels' ag dul chun páirce i gCraobh Bhoston den 50ú bliain

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí Pádraig Ó Loideáin as Carna agus Colie Ó Conghaile as an gCeathrú Rua i measc na ndaoine ba mhó a raibh lámh acu i mbunú chumann na "Connemara Gaels" in 1961. Ba Ghaeilgeoirí den chuid ba mhó a bhíodh ag imirt leis an gCumann ar feadh píosa mór; go deimhin tharla scoilt sa gcumann ag tráth amháin tuairim dhá scór bliain ó shin nuair a bhí cuid den Choiste ag iarraidh nach gceadófaí sa gcumann ach Gaeilgeoirí.

D'imigh go leor de mhuintir Chonamara as Boston go California agus Chicago sna 1970í ar thóir oibre. Ach ba as Gaeltacht Chonamara tromlach na n-imreoirí aríst i ndeireadh na 1980í agus tús na 1990í sular laghdaigh an imirce as Éirinn.

Tá brú mór airgid ar na 'Gaels' anois. De bharr an leagan amach atá ar an gcraobhchomórtas in Massachusetts, agus rialacha géara lucht na himirce, bíonn orthu na himreoirí a thagann amach as Éirinn a ligean abhaile ar feadh píosa sa samhradh agus iad a thabhairt amach aríst - sin le coinneáil leis an tréimhse shaoire trí mhí atá ceadaithe do dhaoine as Éirinn. Cosnaíonn an turas fillte sin i lár an tsamhraidh $1400 - sin le cois an chéad turais amach agus costaisí lóistín.

Teastaíonn ar a laghad $40,000 agus cuid mhaith de $70,000 má tá tú ag iarraidh fanacht san iomaíocht sa gcraobhchomórtas. Is minic go bhfaigheann na himreoirí cáiliúla síneadh láimhe agus tá buntáiste sa gcraobh ag na cumainn atá in ann iad siúd a thabhairt amach.

Carthanas ailse leanaí an Iarthair faoi bhranda nua

Caroline Ní Chualáin

DÉ Luain seo caite rinneadh lainseáil i gcoillte Bhearna i nGaillimh ar bhranda nua do charthanas ailse leanaí an Iarthar faoin ainm " Hand in Hand". Is é an t-ainm a bhí ar an charthanas roimhe seo ná "CD's Helping Hands". Bunaíodh an carthanas os cionn cúig bliana ó shin chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil ailse orthu, agus dá gcuid teaghlach. Bhunaigh bean darb ainm Margaret Carney an carthanas tar éis di a fheiceáil an cúnamh a theastaigh ó chomharsa léi nuair a bhí leanbh sa teaghlach tinn le hailse. Tá an t-éileamh ar an charthanas méadaithe agus scaipthe ar fud an Iarthair. Faoi láthair tá an carthanas ag tabhairt cúnamh do 40 teaghlach i nDún na nGall, Maigh Eo, Sligeach, Co. an Chláir, Liatroim, Ros Comáin agus Luimneach ach ba mhaith leo leibhéal na tacaíochta a mhéadú sna ceantair sin. Is cúnamh praiticiúil a sholáthraíonn an carthanas do theaghlaigh mar gur minic a bhíonn máthair na clainne i mBaile Átha Cliath leis an leanbh le hailse le haghaidh cóir leighis. I measc na ngníomhaíochtaí praiticiúla a sholáthraíonn an carthanas, glanann siad an teach, faigheann siad éadach nite, tugann siad na leanaí eile sa chlann chuig an scoil agus piocann siad suas tráthnóna iad agus déanann siad an tsiopadóireacht bhia don teaghlach.

Phioc an carthanas an t-ainm "Hand in Hand", deir siad, "chun tacaíocht na ndaoine ar fad a oibríonn leo a léiriú. Déanann an branda dearg cumarsáid ar mhóitíf lonrach agus dhóchasach a theastaíonn uaidh na leanaí agus teaghlaigh a bhaineann úsáid as an tseirbhís."

Tá Hand in Hand ag brath ar fheachtais tiomsaithe airgid a bhíonn ar bun ag oibrithe deonacha agus tá siad ag brath ar eagraíochtaí páirtnéireachta eile. Deir Maureen O'Connell, ambasadóir Hand in Hand a bhain úsáid as cúnamh an charthanais í fhéin nuair a bhí a mac tinn, "Tá obair an charthanais iontach agus an-tábhachtach. Tá airgead ag teastáil uainn. Tá muid ag brath go hiomlán ar an phobal agus feachtais tiomsaithe airgid chun seirbhísí a chur ar fáil do leanaí agus teaghlaigh. Tá go leor daoine amuigh ansin nach bhfuil eolas acu fúinn. Ba mhaith linn níos mó daoine a chur ar an eolas faoinár seirbhísí."

San oíche amárach tá an carthanas ag rith feachtas tiomsaithe airgid, Strictly Come Dancing, in óstán Bhaile Chláir na Gaillimhe ag a hocht. Cosnaíonn ticéid €10.00 agus beidh siad le fáil ag an doras.

Domhnall Jinx agus Sinéad Walshe ag lainseáil carthanas ailse leanaí an Iarthair faoin ainm nua Hand in Hand i gcoilte Bhearna Dé Luain seo caite.

Iorras Aithneach

GoGaeilge ag lorg cainteoirí líofa agus foghlaimeoirí

Caroline Ní Chualáin

TÁ GoGaeilge ag eagrú deireadh seachtaine, 27-29 Bealtaine i gCarna ar bhonn trialach do dhaoine a dteastaíonn uathu a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh le cainteoirí líofa agus cainteoirí ó dhúchas. Tá an deireadh seachtaine dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán measartha ard Gaeilge acu cheana féin (leibhéal B2 ar an Fhráma Tagartha Comónta nó níos airde).

Roghnófar deichniúr cainteoirí dúchais/Gaeilgeoirí líofa agus deichniúr foghlaimeoirí. Is éard a bheidh le déanamh ag an Ghaeilgeoir líofa/ ó dhúchas ná bualadh leis na foghlaimeoirí de réir an amchláir a leagfar amach, comhrá a dhéanamh leo, glaoch teileafóin a chur orthu nó cluiche a imirt leo. Is trí mheán na Gaeilge amháin a bheidh na himeachtaí ar fad agus leagfar béim ar labhairt na Gaeilge agus ar chothú muiníne i measc na bhfoghlaimeoirí trí chomhrá neamhfhoirmiúil le Gaeilgeoirí líofa agus le cainteoirí ó dhúchas. Ní bheidh aon ranganna i gceist, ná múinteoirí ná aon bhéim mhór ar an ngramadach.

Mar chúiteamh do na daoine a thabharfaidh cúnamh do na foghlaimeoirí fanfaidh siad saor in aisce in Óstán Chuan Charna. San áireamh beidh dhá oíche leaba & bricfeasta, siúlóid dúlra nó ceardlann damhsa ar an sean-nós tar éis lóin ar an Satharn, béile tráthnóna Dé Sathairn, siamsaíocht oíche Shathairn, ceol nó damhsa ar an sean-nós. Más tá spéis agat sa deireadh seachtaine téigh i dteagmháil le hEilís ag 087 2941140 nó seol ríomhphost chuig gogaeilge@gmail.com

Siobhán Ní Ghriallais a ghlac páirt i gComórtas Amhránaíochta na nÓg ag Féile Joe Éinniú i gCarna ag tús na míosa seo (PIC : KNUT UTLER)

An Cheathrú Rua

Siamsán Thuismitheoirí na Gaeltachta Chonamara

REACHTÁLFAR Siamsán na nÓg i Leabharlann na Ceathrún Rua Dé Sathairn 21 Bealtaine ag 2.30 pm.

Orthusan a bheas linn an géabh seo beidh Aisteoirí Chois Fharraige le seisiún scéalaíochta atá réitithe go speisialta acu dúinn chomh maith le ceol, amhrán agus damhsa le Bertie agus Mícheál Ó Domhnaill agus Louise Ní Dháibhéid.

Is é Johnny Shéamuis Ó Conghaile a bhéas ina Fhear a' Tí.

Tá an ócáid saor in aisce agus beidh braon tae/caifé ar fáil. Déanfaidh sé an-tráthnóna - ba bhreá linn bhur gcomhluadar.

Is féidir ballraíocht a ghlacadh le Tuismitheoirí na Gaeltachta ar €10 do theaghlach (tuismitheoirí agus gasúir san áireamh anseo). Beidh foirmeacha ballraíochta ar fáil ag an ócáid Dé Sathairn.

Scéalta Mhaigh Eo

Cruinniú Cinn Bhliana CFÁA Teo

Caroline Ní Chualáin

BEIDH cruinniú cinn bhliana ar siúil ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla Teo ar an Luan an 24 Bealtaine 2011 ag an 7.00 in Áras Forbairt Acla. Is iad aoichainteoirí na hoíche ná Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta agus Gearóid de Faoite, Príomhfheidhmeannach Mheitheal Forbartha na Gaeltachta Teo. Is é clár na hoíche ná miontuairiscí ón gcruinniú cinn bhliana deiridh, tuaraisc an chathaoirligh, cuntas airgeadais, ainmniú cuntasóirí, toghadh an choiste agus aon ghnó eile.

Áiteanna ar fáil ar chúrsa Gaeilge Choláiste Néifinn

Caroline Ní Chualáin

TÁ áiteanna fágtha go fóill ag an choláiste nuabhunaithe Néifinn atá lonnaithe in Iarthar Mhaigh Eo d'ógánaigh idir 12 agus 15.

Beidh an cúrsa ar siúl idir an 6 Iúil agus an 19 Iúil, seachas an Satharn agus an Domhnach, idir 10.00 agus 5.00 in Ionad Spóirt De la Salle i gColáiste Ghearóid Naofa, Caisleán an Bharraigh.

Is í aidhm Choláiste Néifinn ná beocht a thabhairt dár dteanga dhúchais taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tá riail na Gaeilge láidir sa choláiste mar go gcreideann siad "gurb é an t-aon bhealach chun an Ghaeilge a fhoghlaim go ceart, go sciobtha agus go héifeachtach ná bheith tumtha sa Ghaeilge."

I measc na ngníomhaíochtaí a bheidh ar siúl ar an gcúrsa beidh peil, sacar, cispheil, drámaí, díospóireacht, amhránaíocht agus turas. Bhí oíche chun clárú ar an gcúrsa acu ar an Luan ach táthar fós ag glacadh le hógánaigh ar mhian leo páirt a ghlacadh sa chúrsa. Cosnaíonn clárú ar an chúrsa €230 agus teastaíonn €50 éarlais chun áit a choinneáil ar an chúrsa.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Coláiste Néifinn trí ghlaoch ar 087-3573778 nó ríomhphost a chur chuig colaisteneifinn@yahoo.com

Feis Mhór na mbreitheamh! Bhí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mar phríomh-urraitheoir ar shiompóisiam Éireannach / Meiriceánach a bhí ar siúil sa Knockranny House Hotel, Cathair na Mart ó 11ú go 13ú Bealtaine, ba é an Taoiseach Enda Kenny aoi-chainteoir na hoíche ag an dinnéar mór ann. Sa phictiúir, tá eagraí na Comhdhála, Kate Cadden ó Scoil Dlí na hOllscoile, An tUasal Donncha O'Connell ón scoil dlí, an Taoiseach Enda Kenny, an Dr. William Golden agus an tOllamh Nollaig Mac Congáil.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Cheatharlach

le Meadhbh Ní Eadhra

Clár Gaeilge don Samhradh fógartha ag Glór Cheatharlach

TÁ clár Gaeilge spleodrach fógartha ag Glór Cheatharlach don samhradh le himeachtaí ar an sceideal a bheidh oiriúnach do gach aoisghrúpa. Am gnóthach gan dabht a bheidh ann don Ghaeilge i gCeatharlach le himeachtaí agus gníomhaíochtaí i rith mhí an Mheithimh agus mhí Iúil. Beidh Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ó Rang 6 go Bliain 6 ar siúl idir 4 agus 15 Iúil, Campa na nÓg do pháistí óga ó 11-15 Iúil agus Campa Samhraidh do pháistí bunscoile ó 18-22 Iúil. Beidh sraith nua de Chúrsaí Gaelchultúr do dhaoine fásta ar siúl chomh maith. Tá gach eolas faoi Ghaeilge an tSamhraidh i gCeatharlach ar fáil ó Ghlór Cheatharlach. Buail isteach chuig an oifig nua ar Shráid an Choláiste atá díreach trasna ón Ardeaglais. Is féidir glaoch a chur ar 059 9158105 nó 085 1340047 nó scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Clárú ar siúl do Champa Samhraidh i gCeatharlach

EAGRAÍTEAR Campa Samhraidh trí Ghaeilge i gCeatharlach gach bliain agus beidh sé ar siúl arís an samhradh seo. Is i nGaelscoil Cheatharlach a bheidh an campa agus clúdóidh an táille €40 na himeachtaí go léir a bheidh ar siúl i rith na seachtaine. I measc na n-imeachtaí beidh cluichí agus ealaín, ceardaíocht agus rince céilí chomh maith le snámh agus roinnt turas. Beidh an campa ar siúl ó 10.00rn go 2.00in ón Luan 18 go dtí an Aoine 22 Iúil. Tá foirmeacha iarratais agus gach eolas ar fáil ó oifig Glór Cheatharlach. Níl ach caoga áit ar an

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

gcampa agus moltar clárú gan mhoill.

Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ar siúl den tríú bliain as a chéile

BEIDH Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ar siúl i gCeatharlach arís i mbliana den tríú bliain as a chéile. Tabharfaidh sé seo rogha eile do dhaltaí gur mhian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ach nach bhfuil fonn orthu trí seachtaine a chaitheamh i bhfad ó bhaile sa Ghaeltacht. Agus iad ag freastal ar Choláiste Samhraidh Cheatharlach 2011 bainfidh daltaí i rang a sé go scoláirí ag leibhéal na hardteistiméireachta taitneamh as taithí Ghaeltachta ó chomporo a mbaile féin. D'éirigh go hiontach leis an gColáiste Samhraidh anuraidh agus beifear ag súil go mór leis an rath céanna i mbliana.

Reáchtálfar an cúrsa coicíse idir 9.30rn agus 1.00in ó 4 go 15 Iúil agus beidh suas le ceithre leibhéal ar fáil ag brath ar éileamh. Beidh ranganna agus imeachtaí an chúrsa in oiriúint do na mic léinn i ranganna na sóisear agus na sinsear. Mar is gnách is i nGaelcholáiste Cheatharlach a bheidh Coláiste Samhraidh 2011 lonaithe, agus cuirfear fáilte roimh bhuachaillí agus cailíní. Beidh an campa oiriúnach do pháistí atá idir seacht agus deich mbliana d'aois .

I measc na n-imeachtaí a bheidh san áireamh beidh ceachtanna Gaeilge agus seisiúin chainte, díospóireachtaí agus amhránaíocht, cluichí agus spórt chomh maith le rince céilí agus iad seo uile déanta trí mheán na Gaeilge. Tabharfar deis do na daltaí spraoi agus spórt a bhaint as an nGaeilge, casadh le cairde nua agus ag an am céanna cur lena gcuid líofachta sa teanga. Is é €195 táille iomlán an Choláiste Samhraidh. Chun áit a chur in áirithe caithfear foirm iarratais chomhlánaithe agus éarlais €45 a chur chuig Glór Cheatharlach go luath. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó Ghlór Cheatharlach.

Lucht Fhorbairt Naíonraí Teoranta ag buaileadh lle Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí Cúnta Naíonraí san Óstán Crowne Plaza i nDún Dealgan mar chuid de chlinicí atá siad ag eagrú fud fad an Stáit Dé Cheadaoin.

Seoladh leabhair

BÁC : Seolfaidh Liam Carson an leabhar nua-fhoilsithe, Púca gan Dealramh, le Ceaití Ní Bheildúin, ar an Satharn 21 Bealtaine (amárach) ar 2.30in i Leabharlann Ros-Eo i bhFaiche an Teampaill i Ros Eo i gContae Bhaile Átha Cliath. Is iad Coiscéim a d'fhoilsigh an leabhar. Beidh sólaistí curtha ar fáil ag an ócáid agus tá fáilte roimh chách.

Séisiún Ealaíne ag Campa na nÓg i gCeatharlach anuaraidh.

Dúil agat sna spóirt eachtraíochta?

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an Fhéile Scannán, Go Big or Go Home, ar siúl an deireadh seachtaine seo i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh an fhéile úrnua seo chun aitheantas a thabhairt do dhéantóirí scannán neamhspleách a bhfuil buanna ar leith acu agus a oibríonn go crua chun scannáin a chur le chéile. Tugann an fhéile seo deis do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí agus spóirt eachtraíochta agus guaisbheartaíochta teacht le chéile, breathnú ar scannáin a bhaineann leis an réimse seo agus ardán a chruthú dóibh siúd a dhéanann na scannáin úd. Beidh deiseanna ann chun duaiseanna a bhuachan do na scannáin chomh maith.

Beidh taispeántas speisialta trí lá ar siúl san RDS i mBaile Átha Cliath an deireadh seachtaine seo, mar chuid den fhéile. Cuireadh tús leis inniu agus is éard atá ann ná 'Deireadh Seachtaine Eachtraíochta', ag tarraingt airde ar na hacmhainní agus na deiseanna iontacha atá ar fáil in Éirinn ó thaobh gníomhaíochtaí eachtraíochta amuigh faoin aer úr. Beidh an taispeántas seo idirghníomhach agus físeach. Cuirfear Éire chun cinn mar cheann scríbe dóibh siúd ar mhaith leo saoire eachtraíochta a bheith acu. Beidh idir chláir faisnéise agus scannáin níos dorcha á dtaispeáint thar an deireadh seachtaine, agus gach rud idir eatarthu.

Cé nach bhfuil an fhéile scannán 'Go big or Go Home' ach ag tosú amach ar an margadh idirnáisiúnta, is í seo an t-aon fhéile scannán ildisciplíneach (multi-discipline) san Eoraip. Beidh deis acu siúd a fhreastalaíonn ar an ócáid seo triail a bhaint as os cionn 25 gníomhaíocht dhifriúil, 'ziplining' san áireamh. Beidh áit ar leith ann ina mbeidh daoine ag déanamh éachtaí agus ag baint triail as 'stunts' scanrúla. Chomh maith leis sin go léir, beidh seans ag an bpobal bualadh leo siúd a chuireann gníomhaíochtaí eachtraíochta ar fáil sa tír seo agus thar lear agus beidh daoine in ann comhairle a fháil, agus triail a bhaint as an trealamh is déanaí. Beidh an taispeántas ar siúl ó 2in go 9in inniu, ó 10rn go 9in amárach agus ó 10rn go 7in ar an Domhnach.

MUMHAIN
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

11 post nua á gcruthú le bunú DGP Intelsius Teo i nGaeltacht Mhúscraí

Seán Ó Loingsigh

TÁ 11 post nua á gcruthú i nGaeltacht Mhúscraí le bunú an chomhlachta DGP Intelsius Teo ar Pháirc Ghnó Údarás na Gaelachta i mBaile Bhúirne.

Cuireann Intelsius córas réitigh phacáistíochta atá teochtrialaithe, sábháilte agus slán ó dhrochthionchar ar an timpeallacht, ar fáil d'earnáil na heolaíocht beatha a bhaineann le táirgí cógaisíochta agus leighis.

Tá ionaid dhéantúsaíochta agus tacaíochta ag Intelsius i Sasana, ar mhór-roinn na hEorpa, i Meirceá Thuaidh agus Theas, in India agus san Áis.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Séan Ó Labhraí, go raibh "lúchair" air go raibh an tÚdarás ábalta tacú le pleananna forbartha an Ghrúpa DGP Intelsius i nGaeltacht Mhúscraí. agus chuir sé fáilte roimh an 11 post nua a chruthófar dá bharr.

"Tá an Grúpa Intelsius chun tosaigh ó thaobh táirgí nuálaíochta agus bhí riachtanais an chomhlachta soiléir ón tús - foireann ard-oilte agus ionad gnó d'fhiontar speisialaithe," a dúirt Seán Ó Labhraí.

Tá aonad déantúsaíochta ina mbíodh comhlacht innealtóireachta i mbun oibre ar Pháirc Gnó Údarás na Gaeltachta i mBaile Bhúirne, athchóirithe ag an Údarás le haghaidh an ghnó nua.

Beidh deontas fostaíochta á chur ar fáil ag an Údarás chomh maith le haghaidh na bpost nua, agus táthar chun tús a chur le hearcaíocht láithreach ionas go mbeidh an comhlacht in ann dul i mbun gnó i mBaile Bhúirne an mhí seo chugainn.

'Sé an Corcaíoch David Walsh atá mar phríomhfheidhmeannach ar an gcomhlacht a bunaíodh in 1998 faoin ainm corpráideach DGP Group. Nuair a chuir an comhlacht réiteach pacáistíochta ar fáil chun samplaí den ngalar crúibe is béil d'iompar, aithníodh an grúpa go forleathan ar bhonn domhanda. Tá a gcáil amuigh ó shin mar chomhlacht a chuireann pacaistíocht speisialaithe ar fáil do shamplaí éagsúla agus anuraidh athbhrandáladh a dtáirgí faoin ainm nua Intelsius.

Is mar chuid dá straitéis chun táirgí ar bhonn domhanda a sholáthar go háitiúil é bunú an fochomhlachta DGP Intelsius Teo i nGaeltacht Mhuscraí.

"Is margadh straitéiseach í Éirinn d'Intelsius agus cuirfidh an fhorbairt nua seo ar chumas an ghrúpa ár dtáirgí agus ár dteicneolaíocht a fhás sa mhargadh seo agus cinnteoidh sé go mbeidh DGP Intelsius Teo i lár an mhargaidh chun freastail ar ár gcustaiméirí in Éirinn," a dúirt PF Inelsius David Walsh.

Ball den ghrúpa ealaíontóirí Tacaois, Hannah Ní Chorcora, lena pictiúr Solas na bhFlaitheas atá mar chuid de thaispeántas fhéile ealaíne Bealtaine atá ar bun san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne. PIC: Ó LOINGSIGH

Scéalta Mhúscraí

Stádas zónála Choláiste Íosagáin á athbhreithniú

Seán Ó Loingsigh

TÁ athbhreithniú ar bun maidir le stádas zónála shuíomh Choláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne mar chuid de Phlean nua Cheantar Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha atá á réiteach ag Comhairle Contae Chorcaí faoi láthair.

Bhí dhá chuspóir zónála leagtha amach do Choláiste Íosagáin agus don sealúchas 40 acra a ghabhann leis i bPlean Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha 2005 - 2011. Léiríodh an tsean-mheánscoil agus cuid de Pháirc an Choláiste mar shuíomh go mbeadh deis ann togra turasóireachta agus forbairt mheascaithe a chur chun cinn - Cuspóir X-01 - agus bhí stádas zónála eile ag mórchuid den pháirc le haghaidh forbairt fiontraíochta agus tionsclaíocht oifig-bhunaithe - Cuspóir I-01.

I nDréacht-Phlean nua Cheantar Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha a foilsíodh i mí na Samhna anuraidh, níl aon tagairt ann do dhá chuspóir zónála Choláiste Íosagáin sa chuid sin den phlean a bhaineann le ceantar Bhaile Bhuirne. Léirítear i léarscáil sealúchas Choláiste Íosagáin mar shuíomh atá i mbaol ó thuilte. Sníonn fo-abhainn na Biochaille tríd an suíomh agus isteach go hAbha an tSuláin in aice an Choláiste.

Deirtear sa dréacht-phlean gur scrúdaíodh suíomhanna a bhí zónáilte cheana i bpleannanna de chuid na Comhairle, agus gur fágadh ar lár tailte a mheastar anois a bheith i mbaol ó thuilte.

Tá trí mhonarcha tógtha agus páirc imeartha de chuid chumann CLG Bhaile Bhuirne forbartha i bPáirc Choláiste Íosagáin ó cheannaigh Údarás na Gaeltachta an sealúchas in 1998. Táthar buartha go gcuirfeadh an t-easnamh zónála sa dréacht-phlean nua isteach ar phleananna atá ann chun forbairtí a chur chun cinn sa chuid eile den pháirc agus sa sean-fhoirgneamh féin.

Bhí próiseas comhairliúcháin poiblí ar bun go dtí mí Eanair i mbliana ina raibh deis aighneachtaí maidir leis an ndréacht-phlean a sheoladh go dtí Aonad Polasaí Pleanála Chomhairle Contae Chorcaí. Fuair an tAonad aighneacht ó Chumann Fhianna Fáil Bhaile Bhuirne a mhol go gcoimeádfaí cuspóir zónála X-01 do shuíomh Choláiste Íosagáin.

I dtuarascáil de chuid Bhainisteoir an Chontae, Martin Riordan, a heisíodh i mí Feabhra, cuireadh in iúl nach gcuirfeadh an t-easnamh zónála cosc le forbairt ar shuíomh Choláiste Íosagáin, ach ag cruinniú thoghcheantair Mhaigh Chromtha agus Dhroichead na Bandan i dtús mhí an Mhárta bhí comhairleoir áitiúil FF, Aindrias Ó Muimhneacháin, ag cur brú go luafaí an zónáil go sonrach.

Nuair a pléadh na dréacht-phleananna nua do thoghcheantair Chontae Chorcaí ag cruinniú speisialta de chuid na Comhairle i ndeireadh mhí an Mhárta, chuir Bainisteoir an Chontae tuarascáil bhreise i láthair a chuir cuspóir zónála san áireamh do shuíomh Choláiste Íosagáin.

I leasú molta a foilsíodh maidir leis an ndréacht-phlean le déanaí, dúradh go bhféadfadh mí-chruinneas i líon beag cásanna a bheith sna léarscáileanna maidir le tailte a léirítear a bheith i mbaol ó thuilte. Moladh go gcuirfí ar ais cuspóir zónála X-01 Choláiste Íosagáin agus luadh é mar shuíomh ar a bhféadfaí an tseanscoil d'fhorbairt le haghaidh forbairt turasóireachta chomh maith le forbairt phobail agus tuaithe. Mar sin féin, léirítear go soiléir sa leasú go bhfuil feidhm forbartha meascaithe bainte as an gcuspóir zónála.

Cé go bhfuil forbairtí éagsúla molta d'fhoirgneamh Choláiste Íosagáin le tamall anuas - an tIonad Oideachais Lán-Ghaeilge agus Tionscadal Oidhreacht Sheáin Uí Riada ina measc - níl aon chead pleanála bainte amach dos na forbairtí atá i gceist.

Thug iar-Phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAoláin, le fios ag cruinniú eolais i mBaile Bhuirne dhá bhliain ó shin go gcosnódh sé €100,000 chun cead pleanála d'fháil don phlean a bhí i gceist do Choláiste Íosagáin agus nach ndéanfadh sé aon chiall cead pleanála a lorg a chosnódh an méid sin airgid nuair nach raibh aon chinnteacht ann go bhféadfaí aon chuid de a chur i bhfeidhm.

Dúirt urlabhraí de chuid Údarás na Gaeltachta an tseachtain seo caite go mbeadh aighneacht ag an Údarás ag iarraidh ar Chomhairle Contae Chorcaí feidhm fhorbairt fiontraíochta a lua go sonrach (i dteannta na bhfeidhmeanna turasóireachta, pobail agus tuaithe) sa chuspóir zónála do shuíomh Choláiste Íosagáin. Tuigtear go gclúdódh an cuspóir sin na forbairtí atá luaite leis an seanfhoirgneamh chomh maith le tograí fiontraíochta sa chuid sin de Pháirc an Choláiste nach bhfuil forbartha.

Bhí go dtí an 18 Bealtaine chun aighneachtaí maidir leis an leasú ar Dhréacht-Phlean Cheantar Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha a sheoladh chuig Aonad Polasaí Pleanála na Comhairle. Tá sé i gceist go n-eiseoidh Bainisteoir an Chontae tuarascáil maidir leis na haighneachtaí an mhí seo chugainn.

Mac Rí Éireann i measc Ghradaim Leabhar Leanaí na Bliana

Seán Ó Loingsigh

Bhí an leabhar Gaeilge Mac Rí Éireann le Caitríona Hastings agus Andrew Whitson i measc na ngradam ag ócáid bhronnta Ghradaim Leabhar Leanaí na Bliana

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath Dé Luain seo caite.

Is sean-scéal Gaelach é Mac Rí Éireann faoin mac ab óige de 13 prionsa a dhíbir a n-athair an Rí go dtí an nDomhan Thoir. "Saothar ealaíne" a thug na moltóirí ar an leabhar atá scríte ag Caitríona Hastings agus léirithe le pictiúir de chuid an ealaíontóra Andrew Whitson.

Bhronn an tAire Leanaí Frances Fitzgerald sé ghradam san iomlán ag an ócáid sa Leabharlann Náisiúnta. Tá na gradaim bhliantúla urraithe ag an gcomhlacht Bisto agus á reachtáil le 21 bliain anuas faoi scáth na heagraíochta Leabhair Leanaí Éireann (Children's Books Ireland).

Bhí baint ag clubanna leabhair dhéagóirí le rogha ceann des na leabhair i mbliana agus ceapadh deich gclubleabhar ó chlubanna dá leithéid ar fud na tíre chun Gradam Rogha na Leanaí a roghnú as gearrliosta de dheich leabhar.

Ag an ócáid bhronnta do léirigh baill na gclubleabhar na leabhair ar an ngearrliosta le míreanna drámaíochta. Bhí ceathrar ó Chlubleabhar na nDéagóirí atá lonnaithe i Leabharlann Bhaile Bhúirne ina measc chun an leabhar Mac Rí Éireann a léiriú. Ba é sin an t-aon chlubleabhar ó cheantar Gaeltachta a bhí páirteach sa phróiseas roghnaithe agus an t-aon cheann chomh maith ó chlubanna atá lonnaithe i leabharlanna poiblí.

Bhí leabharlannaí Bhaile Bhúirne Eibhlín Ní Laoghaire i láthair ag an ócáid, chomh maith lena comhleacaí Kristin Gleeson a reachtálann Clubleabhar na nDéagóirí agus ceann do dhaoine fásta i Leabharlann Bhaile Bhúirne.

Bhí an ceathrar as Clubleabhar Bhaile Bhúirne - Katie Ní Thuama, Doireann Ní Lionáird, Hannah Ní Scanaill agus Eibhlín Ní Chróinín - ina suí ag ceann des na boird i dteannta Chaitríona Hastings agus Andrew Whitson, agus baineadh preab as an mbeirt nuair a sheas na daltaí ó Choláiste Ghobnatan chun agallamh ceathrair a bhí curtha le chéile ag an ndrámadóir Seán Ó Muimhneacháin a chur i láthair faoin leabhar. Bronnadh gradam léirithe ar Whitson i leith an leabhair atá foilsithe ag An tSnáthaid Mhór.

Maidir leis na gradaim eile, bronnadh príomh-ghradam Leabhar Leanaí na Bliana ar Chris Haughton dá leabhar A Bit Lost a bhain Gradam Eilís Dillon ag an ócáid chomh maith. Bhuaigh an leabhar Taking Flight le Sheena Wilkinson dhá ghradam eile - ceann Ficsin agus Rogha na Leanaí - agus bronnadh Gradam na Moltóirí ar Oliver Jeffers dá leabhar The Heart and the Bottle.

Liam Heffernan (2) as Caisleán Droma, an Chill, Co. Chiarraí díreach coicís tar éis go ndearnadh máinliacht inchinne cheannródaíoch air ag oispidéal i Nua Eabhrac. Tuigtear go bhfuil an-dul chun cinn déanta aici agus is é an páiste is óige riamh a chuaigh faoin chineál obráide seo. Is é an t-aon pháiste atá anois ag Tony agus Mary Heffernan. Chaill siad páiste eile, Saoirse (5) ceithre mhí ó shin, chaill sise amach ar an mháinliacht a bhí ag tástáil uaithi faraor. Is é 'Batten's Disease' a bhí uirthi agus atá ar Liam, is féidir fáil amach níos mó faoi agus tacaíocht a thabhairt dóibh tríd dul chuig www.BeeForBattens.org.

Samhlaíocht na sinsear chun cinn i dtaispéantas Tacaois

Seán Ó Loingsigh

BREACADH AN LAE atá mar theideal ar thaispeántas ealaíne atá ar siúl san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne faoi láthair mar chuid d'fhéile náisiúnta Bealtaine a cheiliúrann samhlaíocht ár n-ealaíontóirí sinsearacha.

B'é an t-ealaíontóir David Walsh, iar-shagart paróiste Chluain Droichead atá mar SP i mBaile Mhac Óda faoi láthair, a d'oscail an taispeántas in a bhfuil 24 saothar péinteála de chuid an ghrúpa ealaíontóirí Tacaois.

B'í stiúrthóir an Ionaid Chultúrtha Bríd Cranitch a bhunaigh an tionscadal Tacaois i 2003 agus tá baill shinsearacha den phobal i nGaeltacht Mhúscraí páirteach sa ghrúpa a fhreastalaíonn ar ranganna ealaíne faoi stiúir na n-ealaíontóirí gairmiúla Bernadette Cotter agus Pauline Dodds.

Tá saothair na n-ealaíontóirí chomh torthúil go bhfuil taispeántas na Bealtaine á roinnt in dhá chuid agus beidh an dara leath den taispeántas á sheoladh san Ionad Cultúrtha an tseachtain seo chugainn.

Léiríonn ceann des na saothair sa taispeántas taibhreamh a bhí ag a chruthaitheoir Hannah Ní Chorcora. Solas na bhFlaitheas atá mar theideal ar an bpictiúr a léiríonn fís an ealaíontóra ar neamh.

Tá stair ag baint leis an bpictiúr atá ag Micheál Ó Lionáird dar teideal An Ilen, luamh a choimisiúnaigh na hoileánaigh ar Oileáin Fháclainne in 1923 agus a tógadh i gceantar dúchais Uí Lionáird i nDún na Séad.

Bhí luamh dá leithéid feicithe ag muintir na Fáclainne nuair a sheol an seoltóir agus an t-ailtire Conor O'Brien ó Éirinn go dtí na hoileáin úd in 1923 i luamh darb ainm Saoirse. Smuigléir gunnaí ab ea an Brianach i rith Chogadh na Saoirse. In 1927 sheol sé thar sáile arís i dteannta bheirt de mhuntir Uí Cheadagáin ó Oileán Chléire chun An Ilen a thabhairt do mhuintir Fháclainne. Tháinig an luamh chun solais ar an dteilifís i rith Chogaidh na Fáclainne in 1982 agus tugadh ar ais go Dún na Séad arís é in 1998. Beidh sé ar an bhfarraige i gcónaí i bpictiúr Uí Lionáird.

Tá pictiúir eile sa taispeántas ag na healaíontóirí Anna Ní Mhathúna, Nonie Ní Loingsigh, Frankie Uí Cheallaigh, Lizzie Uí Bhriain, Joan Mary Uí Chárthaigh, Máire Uí Ríordáin, Joan Uí Chárthaigh, Cristíona Uí Dhrisceoil, Caitlín Ní hIarlaithe, Seosamh Ó Ceallaigh agus Maighréad Uí Lionáird.

Freastalaíonn rannpháirtithe an ghrúpa Tacaois ar ranganna ealaíne san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne agus bíonn ranganna ar bun chomh maith in ionaid lae na sinsear i gCill na Martra agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ard Mhacha

An Ghaeilge - Douze Points!

Meadhbh Ní Eadhra

D'ÉIRIGH go hiontach leis an oíche ilchultúrtha a reáchtáil CAIRDE Teo ar na mallaibh in Ard Mhacha. Is iomaí iarracht atá á déanamh sa chathair leis na pobail éagsúla a thabhairt le chéile ach is cinnte go raibh an oíche seo ar cheann de na himeachtaí ba shultmhaire acu ar fad. Ní minic a bhíonn deis ag muintir na háite éisteacht le ceol na Liotuáine agus na Polainne ach bhí siad uilig an-sásta an deis sin a fháil oíche Shathairn leis an chór Liotuáinise agus le guth binn an Pholannaigh, Ania Nowacka. Bhí an slua ar bís ag fanacht ar an rapcheoltóir Gaelach Bubba Shakespeare agus ní raibh díomá orthu; bhí achan duine ar na bonnaí ag damhsa leo. Ní fhacthas a leithéid in Ard Mhacha roimhe seo ach is cinnte gur fhág Bubba a lorg sa chathair agus muintir na háite ag caint go fóill ar an oíche. Ní dhéanfar dearmad ar an cheol nuálach Gaeilge seo go deo. Chuir Ciorcal Comhrá Ard Mhacha clabhsúr leis an oíche iontach seo agus thaispeáin siad do chách go raibh an Béarla ina mhionteanga in Ard Mhacha an oíche sin. Níl deireadh leis an cheiliúradh ar an ilchultúrachas go fóill beag agus tá ceolchoirm speisialta ar siúl inniu (Aoine 20 Bealtaine) i mBunscoil Chnoc Chaitríona, scoil atá i ndiaidh gradam GLEO a bhaint as an dianobair a dhéanann siad don teanga, le ceol Gaeilge agus Gaelach agus ceol na Moldóive. Beidh an t-údar do pháistí Maria Boden ar cuairt in Ard Mhacha amárach le léamh óna leabhar nua Ciara Chainteach. Cuirfear tús leis an imeacht ar a 11 i leabharlann na cathrach agus tá fáilte roimh pháistí bunscoile agus a gcuid teaghlach.

Béal Feirste

Dlúthpháirtíocht na nGael le lucht Galego

Tomaí Ó Conghaile

BHAILIGH grúpa Gael le chéile i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste, Dé Máirt 17 Bealtaine, lena dtacaíocht a léiriú do chúis na Gailísise (Galego) ar an Lá Idirnáisiúnta ar son na Gailísise.

Teanga rómánsach í an Ghailísis a labhraíonn thart ar 3 mhilliún duine sa Ghailís (Galicia) in iarthuaisceart stát na Spáinne agus a bhfuil aitheantas oifigiúil aici sa chomhphobal féinrialaithe.

Ina ainneoin sin áfach tá iarrachtaí

Feargal Mac Ionnrachtaigh ó Forbairt Feirste agus Francisco Javier Garcia Villaamill le brat na Gailíse ar Lá Idirnáisiúnta ar son na Gailísise.

Féin-mhaoiniú an sprioc ag Glór an Ghleanna

Tomaí Ó Conghaile

TÁ Glór an Ghleanna i mBéal Feirste ag iarraidh ar dhaoine a lámha a chur ina bpócaí féin chun cuidiú le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar.

Is eagras Gaeilge é Glór an Ghleanna atá ceangailte le Cumann CLG Lámh Dhearg ar imeall na cathrach agus a bunaíodh ní ba luaithe i mbliana leis an teanga a bhrú chun tosaigh i mBaile Andarsan Uachtarach agus i gceantar Bhaile Haine.

Ní ionann agus go leor grúpaí eile Gaeilge ar fud na tíre, níl aon mhaoiniú ag Glór an Ghleanna agus ní mór do bhaill an eagrais ócáidí tiomsaithe airgid a reáchtáil ionas gur féidir leo obair agus gníomhú ar son na teanga.

Anois tá an t-eagras ag fiosrú bealaí a chuirfidh ar a gcumas bheith iomlán féin-mhaoinithe agus, mar chuid de sin, tá siad ag moladh do dhaoine sa cheantar síntiús míosúil a íoc leis an ghrúpa.

Dúirt Orla Nic Siomóin ó Ghlór an Ghleanna go ndéanfadh aon airgead difear don eagras.

"Níl muid ag iarraidh ar dhaoine mórán airgid a thabhairt dúinn gach mí, díreach cúpla punt an duine," ar sí.

"Má fhaigheann muid go leor daoine le sin a dhéanamh, trí dhochar díreach mar shampla, bheadh airgead reatha againn le himeachtaí a eagrú agus le saol na teanga a dhéanamh níos bríomhaire sa chuid seo den chathair.

"Is oibrithe deonacha amháin atá againn ag Glór an Ghleanna mar sin rachaidh an t-airgead ar fad díreach i dtreo na Gaeilge."

I measc na n-imeachtaí atá i gceist ag Glór an Ghleanna a chur ar fáil sna míonna amach romhainn tá ranganna Gaeilge do dhéagóirí agus do dhaoine fásta; oíche óige rialta do na bunscoileanna áitiúla; scéim shamhraidh Ghaeilge a bheadh mar chuid de champaí Cúl CLG agus ócáidí siamsaíochta do dhaoine fásta. Ba mhian leo suíomh idirlín a bhunú go luath chomh maith sa dóigh is go mbeidh Gaeil an cheantair in ann theacht ar eolas an ghrúpa go héasca.

Má tá suim agat cuidiú le maoiniú Ghlór an Ghleanna nó má tá breis eolais uait, is féidir rphost a chur chuig Orla ag fitzsimons_orla@hotmail.com

ar bun ag an rialtas réigiúnach, Xunta de Galicia, atá faoi cheannas Partido Popular na heite deise, an teanga a imeallú san earnáil dhlíthiúil agus phoiblí agus sa chóras oideachais.

Le cur i gcoinne na n-ionsaithe seo ar chultúr dúchais na dúiche, d'eagraigh an coiste 'Queremos Galego' (Is breá linn an Ghailísis) lá idirnáisiúnta le feasacht a chothú faoi chás na teanga.

I láthair ag an ócáid i mBéal Feirste bhí Francisco Javier Garcia Villaamill ó Santiago de Compostela a chuir in iúl go raibh sé tábhachtach do gach duine a aithníonn fiúntas na dteangacha traidisiúnta a dtacaíocht a thabhairt do dhaoine eile atá ag streachailt ar son a gcultúir féin.

"Tháinig scaoll ar ghníomhaithe Gailísise le tamall anuas faoin damáiste atá á dhéanamh ag polasaithe teanga Alberto Núnez Feijóo, uachtarán Xunta de Galicia, agus faoin éadulaingt atá ann maidir le labhairt na Gailísise mar léiriú ar an chultúr Ghailíseach," ar sé.

"Sin an fáth ar eagraíodh an lá idirnáisiúnta seo agus tá áthas orm go bhfuil daoine in áiteanna eile ar fud an domhain ag seasamh linn inniu."

Mar aon leis an ócáid seo in Éirinn bhí imeachtaí eile ar siúl ar fud an domhain, Nua-Eabhrac, Maidrid, Barcelona agus Buenos Aires san áireamh.

Bubba Shakespeare, an rapcheoltóir Gaelach, agus é ar an stáitse ag oíche idirnáisiúnta a reáchtáladh in Ard Mhacha le déanaí.

Scoil Samhraidh Mhic Reachtain 2011

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Scoil Samhraidh Mhic Reachtain 2011 ar siúl ón Luan 25 Iúil go dtí an Satharn 30 Iúil agus cuirfear deireadh le himeachtaí na Scoile Samhraidh le béile agus le céilí in Óstán Europa, Béal Feirste, Dé Sathairn 30 Iúil 2011.

Tá tábhacht ollmhór ag baint le hoideachas trí mheán na Gaeilge i saol agus i dtodhchaí na hÉireann agus is é cuspóir na hócáide seo ná airgead substaintiúil a thógáil ar son na Gaelscolaíochta, chun tacaíocht a thabhairt do Bhunscoil na mBeann, Cill Chaoil. Is scoil í seo nach bhfuil aitheanta ag an Roinn Oideachais ach atá fós beo de bharr gníomhaíochtaí agus flaithiúlacht an phobail áitiúil.

Eagrófar an comh-imeacht seo ag Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain agus Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus táthar ag súil le tacaíocht mhaith ag an ócáid seo ó phobal labhartha na Gaeilge ar fud na tíre.

Caithfear 35 tábla san iomlán a dhíol ag an imeacht seo ar chostas £600.00 nó €750.00 agus is féidir le heagraíochtaí tábla a cheannach nó fógra urraíochta ar luach £100.

Má tá eagraíocht nó grúpa ar bith sásta/ábalta tacaíocht a thabhairt dó seo is féidir dul i dteagmháil le hIontaobhas na Gaelscolaíochta.

Bailíodh £14,500.00 ag an ócáid seo anuraidh, ar son na Gaelscolaíochta.

'A Word of Ulster Scots'

Anton Mac Cába

TÁ leabhar nua leis an Albainiseora Uladh Liam Logan i ndiaidh a fhoilsithe. Ba é an Boord o Ulstèr-Scotch a chuir amach 'A Word of Ulster Scots'. Dúirt Logan gurb é atá ann ná bailiúchán de na colúin mhíosúla a scríobh sé don Newsletter i mBéal Feirste. "Bhí an t-aisfhreagra iontach dearfach," arsa Logan. "Fuair mé sin i gcónaí ó na colúin."

Bhí ocáidí leis an leabhar a sheoladh ar an Bhaile Muine, Aontroim agus Beannchar. Tá cónaí ar Logan féin ar an Bheannchar agus tugann sé náisiúnaí air féin. Tá sé ina iarrthóir ag an SDLP sa cheantar, do Westminster, don Tionól, agus don Chomhairle Áitiúil. Luaitear tromlach lucht labhartha Albainis Uladh leis an Aontachtachas.

"Níor luaigh duine ar bith riamh liom gur SDLPach mé," ar seisean. "Níl sé ina rún - ná bainteach ar dhóigh ar bith le hAlbainis Uladh."

An Cabhán

Meadhbh Ní Eadhra

Campa Samhraidh

REÁCHTÁLFAR Campa Samhraidh Gaeilge do pháistí bunscoile sa Backyard, Eochoill, An Cabhán, ón 11 - 15 Iúil, 9.30rn - 2.00in. Beidh béim ar an Ghaeilge labhartha trí na healaíona, spóirt, spraoi agus gníomhaíochtaí. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó Leabharlanna an Chabháin, Leabharlanna Áitiúla agus http://forum.cavancommunity.ie/Glorbhreifne/

Glór Bhréifne: (049) 437 1530 / (087) 640 1682.

Scoláireachtaí Gaeltachta

TÁ cuid scoláireachtaí Gaeltachta do scoláirí meánscoile agus do dhaoine fásta, le freastal ar chúrsaí Gaeilge i nGaeltacht Dhún na nGall, ar fáil ó Ghlór Bhréifne. Déan teagmháil le Glór Bhréifne ar mhaithe le clárúchán. Tá na scoláireachtaí seo curtha ar fáil ag Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge. (087) 640 1682 / (049) 437 1530.

Gleann Cholm Cille

Deireadh seachtaine lán-Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta

Meadhbh Ní Eadhra

AN bhfuil aon Ghaeilge agat? An bhfuil tú ag foghlaim na Gaeilge? An bhfuil tú ábalta seo a léamh? Ar mhaith leat deis a bheith agat Gaeilge a labhairt le foghlaimeoirí eile? Nó má tá tú líofa, ar mhaith leat cuidiú le foghlaimeoirí? Beidh deireadh seachtaine lán-Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta, a bhfuil roinnt Gaeilge acu, ar siúl in Áras Ghleann Cholm Cille, ón Aoine seo chugainn, 27 Bealtaine, go dtí an Domhnach 29 Bealtaine, 2011. Beidh gach duine ag roinnt seomraí. Tá costas €50 ar an iomlán, sin leaba agus bia san áireamh. Ní bheidh aon rang Gaeilge ar siúl. Is ócáid shóisialta í seo. Caithfidh muid ár gcuid bia féin a dhéanamh; bricfeasta, lón, dinnéar, suipéar. Caithfidh gach duine cuidiú lena chéile agus a bheith deas cairdiúil lena chéile. Cén fáth a bhfuil an deireadh seachtaine seo ar siúl? Tá a lán daoine ag foghlaim na Gaeilge agus tá beagán Gaeilge acu, ach ní bhíonn seans acu an Ghaeilge sin a úsáid. Seo seans do na daoine sin an Ghaeilge a úsáid anois. Tá an deireadh seachtaine seo fá choinne foghlaimeoirí a bheadh ábalta an píosa seo a léamh. Beidh daoine eile ansin le cuidiú leat. Beidh muid ag caint i nGaeilge shimplí, nuair is gá. Ní bheidh aon Bhéarla ann. Beidh tú ag caint as Gaeilge ó 6in Dé hAoine go dtí 2in Dé Domhnaigh. Má tá uirlis cheoil nó cluichí boird agat, tabhair leat iad, agus is féidir cúpla deoch a thabhairt leat chomh maith! Má tá suim agat cuir scairt ar Sheán Mór @ 0044 79 1266 2796 nó cuir ríomhphost chuig sean_mor@hotmail.com. Tá an deireadh seachtaine seo á reáchtáil ag Gaelphobal an tSratha Báin (i dTír Eoghain), i gcomhar le hOifig Ghaeilge Chomhairle Contae Dún na nGall.

Tír Chonaill

Réaltaí Raidió na Todhchaí!

Meadhbh Ní Eadhra

IS iad Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall buaiteoirí náisiúnta Chomórtas Clár Raidió Gael Linn 2011. Fógraíodh na torthaí i Stiúideo RTÉ Raidió na Gaeltachta le linn an chláir 'Rónán Beo' le déanaí.

'Árainn Mhór, Oileán m'Óige' an t-ainm a bhí ar an gclár raidió a chuir na daltaí scoile le chéile faoi stiúir a múinteora Máire Nic Cathmhaoil agus bronnadh duais €650, urraithe ag RTÉ Raidió na Gaeltachta, orthu. Clár faisnéise a bhí ann, agus muintir na háite ag cur síos ar shaol an oileáin sna blianta siar i gcomparáid le saol an lae inniu ann.

Is iad Pobalscoil Ghaoth Dobhair i nDún na nGall a tháinig sa dara háit le clár faoin bhéaloideas, litríocht agus amhránaíocht atá faoi bhláth i Rann na Feirste le 250 bliain anuas. Ba iad Coláiste na nUrsulach, Sligeach a tháinig sa tríú háit le clár staire - Baile an Mhóta agus Deisceart Shligigh. Bronnadh duaiseanna €450 agus €350 orthu faoi seach.

Is comórtas náisiúnta é seo atá dírithe ar mhic léinn san idirbhliain go príomha, ach tá cead ag dalta meánscoile ar bith páirt a ghlacadh ann. Clár raidió atá idir 15 agus 20 nóiméad ar fad atá i gceist. Moltar do scoileanna téama amháin a roghnú agus is féidir rogha cur chuige a úsáid - agallaimh, comhrá, ceol beo, nuacht agus eile. Is é Seán Ó hÉanaigh, Eagarthóir Stiúrtha Clár RTÉ Raidió na Gaeltachta, a roghnaigh na duaiseoirí náisiúnta, agus chuir caighdeán na n-iarrachtaí lúcháir air. Bhí os cionn 50 scoil páirteach i gcomórtas na bliana seo - an líon is mó iarratas riamh. Beidh an clár buacach le cloisteáil ar www.gaellinn.ie go luath!

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Cuid den slua bhreá a bhí i láthair ag cruinniú de chuid An Clár as Gaeilge i dTigh Bhrógáin in Inis an tseachtain seo caite.

Bhí ceol na Polainne le cluinstin in Ard Mhacha an deireadh seachtaine seo caite, ag an Oíche Idirnáisiúnta a d'eagraigh CAIRDE TEO go speisialta.

Noel Ó Gallchóir, údar an leabhair 'Trasna an Ghaoith - Scríbhinní Johnny Sheáin', i gcuideachta a bhean céile Olive agus a chlann, Seán, Neasa, Áine agus Aodh ag seoladh an leabhair in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair ag deireadh na seachtaine. (PIC: EOIN MC GARVEY)

Bhronn Comhar Naíonraí na Gaeltachta teastais Fetac Leibhéal 5 i Saibhriú na Gaeilge agus Sochtheangeolaíocht agus an Páiste ar oibrithe naíonra, idir Príomh Stiúrthóirí, Stiúrthóirí agus Ionadaithe Naíonra as ceantar Chonamara, in Óstán Chois Fharraige an tseachtain seo caite. Sa phictiúir chomh maith tá Peadar Ó Maoláin, Údarás na Gaeltachta, Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, Máire Ní Mhainín, Údarás na Gaeltachta, Máire Feirtéar, Teagascóir agus Bríd Ní Mhaoildhia, Oifigeach Forbartha.

Bhí scaifte mhór i láthair ag an Oíche Idirnáisiúnta in Ard Mhacha an deireadh seachtaine seo caite, a d'eagraigh CAIRDE TEO.

Bhronn Comhar Naíonraí na Gaeltachta teastais Fetac Leibhéal 5 i Saibhriú na Gaeilge agus Sochtheangeolaíocht agus an Páiste ar oibrithe naíonra, idir Príomh Stiúrthóirí, Stiúrthóirí agus Ionadaithe Naíonra as ceantar Chonamara, in Óstán Chois Fharraige an tseachtain seo caite. Sa phictiúr chomh maith tá Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, Pamela Ní Thaidhg, Údarás na Gaeltachta agus Pattie Stundún, Oifigeach Forbartha Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

TRÁCHTAIREACHT

Comórtas Peile na Gaeilge, sea. Comórtas an Chailín Ghaelaigh, ní hea.

Laochra Peile na mBan 2010 ag an 'O'Neills TG4 Ladies Football All-Star Awards 2010 i mBaile Átha Cliath ' - arbh fhearr an íomhá seo de mhná agus peile ná an íomhá a chruthaíonn Comórtas an Chailín Ghaelaigh? (PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

Tomaí Ó Conghaile

SA nuachtán seo an tseachtain seo caite foilsíodh torthaí Cheist na Seachtaine a bhain leis an dearcadh atá ag daoine ar Chomórtas an Chailín Ghaelaigh. Mar is eol do mhórchuid phobal na Gaeilge bíonn an comórtas seo á reáchtáil gach bliain mar pháirt de Chomórtas Peile na Gaeltachta agus tá sé aitheanta anois mar dhlúthchuid den mhórchomórtas féin.

Is é a tharlaíonn ann ná go roghnaítear cailíní áirithe le hionadaíocht a dhéanamh ar son a gcumainn agus go dtéann siad in iomaíocht le chéile thar dheireadh seachtaine an Chomórtais Peile, gach duine acu ag iarraidh a léiriú gur iad is fearr ó thaobh úsáid na Gaeilge nó cur chun cinn an chultúir Ghaelaigh de. Agus ar ndóigh ní mór do na cailíní bheith gléasta go deas fosta nuair a chuirtear ar an ardán iad os comhair an phobail ar oíche dheiridh an chomórtais.

Ba é an rud ar chuir mé suntas ann faoi thorthaí shuirbhé na seachtaine seo caite ná go raibh tromlach na ndaoine a léirigh a ndearcadh den tuairim gur cheart deireadh a chur le Comórtas an Chailín Ghaelaigh nó é a athrú ón bhun aníos.

Agus aontaím leo.

Anois déarfaidh daoine nach bhfuil ann ach píosa spraoi agus nach bhfuil aon duine ag cur brú ar na cailíní páirt a ghlacadh ann, agus is fíor dóibh. Go deimhin is cara de mo chuid í an Cailín Gaelach reatha agus tá a fhios agam go maith an bród a bhain leis an bhua agus an sult mór a baineadh as an teideal a thabhairt ar ais go Ceathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste don dara bliain as a chéile.

Agus an mhí seo caite d'eagraigh cumann peile Gaeilge Bhaile Átha Cliath, Na Gaeil Óga, ócáid speisialta le cailín na hardchathrach a roghnú le haghaidh chomórtas na bliana seo i gCloch Cheann Fhaola, ócáid a mheall slua mór isteach chuig Club an Chonartha ar Shráid Fhearchair.

Ach cé go bhfuil craic áirithe i gceist leis, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil coincheap an chomórtais ceart.

Baineann Comórtas Peile na Gaeltachta le cuid de na luachanna is fearr atá againn mar phobal. Tá cultúr ann, tá cuideachta ann, tá iomaíocht shláintiúil agus spiorad foirne ann. Muintir na nGaeltachtaí agus na Gaeilge ag teacht le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar cé muid féin agus chun pobal níos neartmhaire a thógáil do na glúinte amach romhainn.

Tuigeann muid go mbaineann sé sin le teorainneacha na nGaeltachtaí oifigiúla agus go mbíonn foirne as ceantair ina bhfuil an Ghaeilge an-lag go fóill ag glacadh páirte, ach is dócha go mbeidh níos mó airde ag daoine ar an cheist seo amach anseo go háirithe le foirne lánGhaeilge as taobh amuigh den Ghaeltacht anois ag imirt sa chomórtas.

Baineann Comórtas an Chailín Ghaelaigh áfach le meon seanaimseartha nach gcothaíonn cothromas sa saol, nach dtugann a n-áit cheart do mhná sa tsochaí agus nach gcuireann na luachanna is fearr atá againn mar phobal chun cinn. Ar bhealach, is leagan eile é de na comórtas áilleachta sin a dhéanann a bheag den ról atá ag mná i sochaí an lae inniu agus a chuireann ar stáitse iad mar mhaisiúcháin seachas mar dhaoine atá in ann cur leis an saol thart orthu ar bhealach fiúntach bríoch.

Sa lá atá inniu ann, agus iarrachtaí á ndéanamh le tír níos forásaí, níos ionadaí agus níos cothroime a chruthú, nach bhfuil bealach níos fearr ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar phlúr agus ar thallann na nGael, bíodh siad ina gcailíní, buachaillí nó pinsinéirí?

Ní dócha go bhfeicfidh muid, mar a mhol roinnt acu sin a d'fhreagair an suirbhé, Comórtas an Bhuachalla Ghaelaigh aon am go luath - cé gur cinnte go bhfuil siad ann a ghlacfadh páirt fhonnmhar ann! - ach níl aon amhras ann go bhfuil roghanna eile ar fáil dúinn, roghanna a bheadh lán chomh spraoiúil, agus go bhfuil deis againn mar Ghaeil dea-shampla a thabhairt faoin chineál sochaí ba mhaith linn a bhaint amach ar an oileán seo.

Ina dhiaidh sin uile, gné den chomórtas atá dearfach agus atá le moladh ná go mbíonn scoth na Gaeilge ag na Cailíní Gaelacha agus iad breá sásta í a labhairt i rith an ama, rud nach féidir a rá faoi gach foireann ná imreoir a théann chun páirce le linn an chomórtais.

Tuigeann muid go mbaineann sé sin le teorainneacha na nGaeltachtaí oifigiúla agus go mbíonn foirne as ceantair ina bhfuil an Ghaeilge an-lag go fóill ag glacadh páirte, ach is dócha go mbeidh níos mó airde ag daoine ar an cheist seo amach anseo go háirithe le foirne lánGhaeilge as taobh amuigh den Ghaeltacht anois ag imirt sa chomórtas.

Príomhroinn agus an duais is mó do na foirne Gaeilge agus ísliú do na foirne nach ndéanann iarracht an teanga a úsáid, aon duine? Is ceist í sin do lá eile...

Idir an dá linn, bainígí taitneamh as Comórtas Peile na bliana seo agus cuirimis an bhéim is mó ar na buachaillí agus na cailíní Gaelacha sin atá ag déanamh ionadaíochta ar son a gclubanna ar pháirc na himeartha.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Ní ar son Éire 26 Chontae a throid Mac Piarais!

Eoghan Ó Néill

A Soilse Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, Banríon Shasana, Eilís a Dó agus Uachtarán CLG, Christy Cooney ag dul amach ar Pháirc an Chrócaigh, Ceanncheathrú na gCluichí Gaelacha agus an áit ar scaoil fórsaí na Breataine 14 chun báis in 1920 (LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND)

CAD a bhí ag dul tríd intinn Banríon Shasana Dé Máirt nuair a chrom sí a cheann in onóir do na siopadóirí is do na múinteoirí, do na filí is do na ceardchumannaigh a chloígh an tImpireacht s'aici 95 bliain ó shin?

Gach seans gur smaoinigh sí gur beag file ná siopadóir, múinteoir ná ceardchumannach a bhí sa scaifte a casadh uirthi le linn a chamchuairte ar na 26 Chontae.

Ar a lán bealaí tá bunaíocht na 26 Chontae chomh scartha anois ó ghnáthphobal na hÉireann is atá bunaíocht na Sasana scartha ón ghnáthphobal ansin.

Déarfainn gur rith sé le Banríon Shasana, agus í ag seasamh sa Ghairdín Cuimhneacháin, go bhfuil a jab déanta aici in Éirinn agus go bhfuil dá stát Gallda anois ar oileán na hÉireann.

Go fiú lucht agóide taobh amuigh bhí a gcuid léinte Man United is Celtic acu agus iad ag cur i gcoinne 'Perfidious Albion.'

Ba mhaith liom rudaí dearfacha a scríobh faoi chuairt Bhanríon Eilís ar na 26 Chontae.

Bhí idir mhaith agus olc ag baint leis.

Ach do bhunús mór náisiúnach sna Sé Chontae ba cheiliúradh é imeachtaí an tseachtain seo ar an Saorstát.

Agus iarracht a bhí ann chun an chríochdheighilt a normalú.

Thig leis an Irish Times maíomh as ina n-eagarfhocal go mbeadh Pádraig Mac Piarais bródúil agus é ag breathnú ar an dóigh ar chaith Éireannaigh le Banríon Shasana ar bhonn cothrom seachas mar ghéillsinigh.

Thig le Paul Drury machnamh dúinn san Irish Daily Mail go bhfuil sé in am feartlaoi Emmett a scríobh agus go dtig le hÉirinn a áit a ghlacadh go socair anois i measc náisiúin na cruinne.

Ach ní ar son Éire 26 Chontae a throid Emmett, ná muintir 1916.

Ba í críochdheighilte an t-eilifint i gcúinne an seomra suí nach raibh éinne sásta a lua le seachtain anuas.

Ach ní hionann gan é a lua agus gan é a bheith ann.

Is smál é an chríochdheighilt ar an náisiún seo agus ní thig le caidreamh ceart a bheith idir Éirinn agus an Bhreatain go dtí go n-éiríonn siad as a bheith ag rialú cuid den oileán seo.

Lena cheart a thabhairt di b'í Máire Mhic Giolla Íosa an t-aon duine amháin a rinne tagairt di nuair a chuimhnigh sí gur 'obair idir láimh' an próiseas síochána agus go bhfuil slí anois ann chun an tír a athaontú go síochánta ach aontachtaithe a ghlacadh leis sin.

Ach ní aon scéal nua againn é go bhfuil an stát ó dheas ag iarraidh fáil réidh leis an chuid sin den náisiún nár ghlac riamh le críochdheighilt.

Bhí fiche faill ag rialtais na 26 Chontae gníomhú i gcoinne na críochdheighilte.

Dhiúltaigh an rialtas vóta i dtoghchán na hUachtaránachta a thabhairt d'Éireannaigh, cosúil liom féin, cionn is gur rugadh sna Sé Chontae mé.

Chuir Fianna Fáil, Fine Gael is Páirtí an Lucht Oibre go binbeach i gcoinne iarrachtaí chun ligean do fheisirí ón tuaisceart a bheith páirteach in imeachtaí na gCoistí Dála.

Nó sa deireadh d'oibrigh mé amach tamall maith ó shin mo dhearcadh féin faoi na cúrsaí seo. Níl mé ar aon intinn le haon pháirtí polaitiúil. Nó is í an Ghaeilge mo thír, mo náisiún.

Níl oiread is polaiteoir amháin i bpáirtí ar bith de na mórpháirtithe ó dheas nach úsáideann 'an tír' nó 'an náisiún' nuair atá siad ag caint faoi na 26 Chontae.

Nuair a beartaíodh Straitéis na Gaeilge beartaíodh é do na 26 Chontae amháin, ní don 32 Chontae.

Thig liom míle sampla a lua a léiríonn nach raibh fonn dá laghad ag rialtas na hÉireann brú ar bhealach siombalach nó pragmatach ar son aontais na tíre seo.

Ar na rudaí maith a tharla an tseachtain seo ba mhór liom gur thosaigh díospóireacht mar gheall ar náisiúnachas agus dá réir mar gheall chuairt Bhanríon Eilís.

Díospóireacht faoin éagóir a rinneadh in ainm na Banríona sa tír seo.

Agus an tseachtain seo rinne iriseoirí go leor scéal a insint do phobal na Breataine agus do lucht féachana idirnáisiúnta a chuir na Sasanaigh i ról na mbithiúnach seachas na laochra.

Tharla rudaí maithe an tseachtain seo. Tharla drochrudaí.

Ach is cuma liom mórán.

Nó sa deireadh d'oibrigh mé amach tamall maith ó shin mo dhearcadh féin faoi na cúrsaí seo.

Níl mé ar aon intinn le haon pháirtí polaitiúil.

Nó is í an Ghaeilge mo thír, mo náisiún.

Éire Ghaelach atá uaim agus i bhfírinne sa lá atá inniu ann is beag ciall le 'saoirse' mar a tuigeadh é tráth.

Tá saoirse ann san áit a bhfuil teanga dúchasach i réim, áit a bhfuil meon difriúil, sainiúil, ar leith agat.

An Ghearmánis a dhéanann an Ghearmáin difriúil ó chiní eile.

An Fhraincís an t-aon rud a chosnaíonn an náisiúnach Francach ó bheith slógtha isteach sa domhan mhór Angla-Meiriceánach.

Tá mise le Máirtín Ó Cadhain, 'Is í slánú na Gaeilge athghabháil na hÉireann agus is í athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge.'

Agus ní raibh mórán lorg den mheon sin ar an taobh istigh ná ar an taobh amuigh de na himeachtaí a tharla an tseachtain seo.

Séala Deiridh na Síochána

Páidí Ó Lionáird

Banríon Shasana, Eilís a Dó, agus Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ag leagan bláthfhleasc ag Gairdín Cuimhneacháin na hÉireann in ómós dóibh siúd a fuair bás sa troid ar son shaoirse na hÉireann. (Pic : Photocall Ireland)

ANOIS, ní raibh sé sin ródhona, an raibh? Is iomaí cuairt chuig an bhfiaclóir nó chuig an ndochtúir a ghortaigh i bhfad Éireann níos mó.

I bhfad ÉIREANN! Agus sin é an pointe. Éire, Poblacht na hÉireann, cuma cén díochlaonadh, cén fhoirm nó cén leagan d'ainm na tíre a úsáideann tú, mar ba chuig an tír seo againne a tháinig sí ar cuairt.

Sea, cuairt na Banríona Eibhlís II agus a fear céile an Prionsa Pilib.

Caithfidh mé a rá go raibh beagán tochta i mo scórnach nuair a bhíos ag faire uirthi os comhair Áras an Uachtaráin, tigh a bhí uair mar lóiste samhraidh ag an Tiarna Leifteanant, a bhí mar ghiolla ag sinsir na Banríona san ochtú haois déag ach anois, mar Áras an Uachtaráin, Uachtarán na hÉireann a bhí ina seasamh taobh leis an mBanríon mar cheann stáit - iad ar comhchéim lena chéile.

Bhí sí ag seasamh chun aire d'Amhrán na bhFiann, amhrán a chuireann síos ar ghníomhartha marfacha shaighdiúirí na hÉireann in aghaidh fhórsaí na Ríochta, iad á ndíbirt ón dtír. Sheas sí agus d'umhlaigh sí dó sin agus í ina seasamh faoi scáth bhrat tríorach na hÉireann a bhí ar foluain go tréan sa ghaoth aniar ó bharr theach an Árais os a cionn. Radharc a bhí ann ar cheap na glúnta romhainn nach dtiocfadh sé go brách na breithe.

Fiú is iad imithe uainn, sa chás seo, is cuma liom má bhí ár sinsir mícheart.

Bhíomar san oifig ag ullmhú d'eagrán na seachtaine de 7Lá, na scéalta éagsúla idir lámha againn. Bhí an raidió sa chúlra, an teilifís ag glacadh tosaíochta diaidh ar ndiaidh agus de réir a chéile bhí an oifig ag líonadh le comhghleacaithe ar theastaigh uathu a mbreithiúnas féin a thabhairt ar an ócáid.

Mar bharr air sin ar fad, nuair a tháinig an cortège chun stad ag barr Shráid Uí Chonaill d'fhonn deis a bhronnadh uirthi ómós a thabhairt dóibh siúd a maraíodh ina n-iarrachtaí saoirse a bhaint amach dúinn i ngach Éirí Amach, ó 1798 go dtí an Cogadh Cathartha in 1921, tré bhláthleasc a leagan le cois na deilbhe de Chlann Lir a dhear Oisín Kelly, a ceann cromtha, do'b fhiú luach an lotto an méid sin fhéin.

Siomblachas fíor-láidir agus íomhá atá greanta i mo chuimhne anois dom feasta.

Agus bhí tuilleadh. A cuairt chuig Cuimhneachán na Marbh Cogaíochta i nDroichead na hInse mar ar thug sí aitheantas do na céadta míle Éireannach a cailleadh i mbun cosanta a gcomharsan de chuid na Ríochta Aontaithe. Agus bhí tuilleadh fós, a cuairt chuig Páirc an Chrócaigh, áit ar maraíodh an t-imreoir peile Michael Hogan go neamhthrócaireach in 1920 os comhair an tslua.

Agus fós arís, bhí tuilleadh lena cuairt ar Chaisleán Átha Cliath, caisleán as ar céasadh na Gaeil ar feadh i bhfad ach atá anois, cosúil leis an Áras, i seilbh na nGael.

Tá a fhios agam go bhfuil daoine, b'fhéidir cuid agaibhse ina measc, a cheapann gur cóir go mbeadh leithscéal gafa ag an mBanríon Eibhlís le muintir na hÉireann. Ráite amach go neamh-bhalbh nó léite ar a laghad. Leithscéal de bharr na n-ocht gcéad bliain ina raibh an tír mar choilíneacht na hImpireachta. Leithscéal de bharr na gcéadta míle a cailleadh le linn an Ghorta Mhóir. Leithscéal faoin mbataráil rialta a thug na Sasanaigh dúinn i ngach gné dar saol (go dtí le déanaí óir buaileann muid iadsan sa rugair agus fiú anois sa chruicéad chomh maith). Leithscéal don "...briseadh croí, suaiteacht agus caillteanas..." a luaigh sí ina hóráid.

Tá sé éasca domsa a rá gur cóir ligean di. Tá ach táim fós den tuairim go bhfuil an daonlathas ag obair i dtreo na sprice aontaithe, diaidh ar ndiaidh, céim bheag bhídeach i ndiaidh céimeanna beaga bídeacha.

Ní mar sin a oibríonn an domhan mór áfach. Ní hé go bhfuil faisnéis agamsa ar conas a oibríonn prótacal ríoga nó taidhleoireadht den sórt sin. Níl, ach tá a fhios agam nach dtarlódh sé ar ór na cruinne go ngabhfadh ceann stáit mar ise leithscéal neamhbhalbh, neamhfhoclach.

Chrom sí a ceann, d'umhlaigh sí dár ndeasghnátha agus is leor san, i mo thuairimse.

Aithním go bhfuil iarracht á déanamh aici an éagóir a chur ina ceart, aitheantas dar náisiún, cuairt cháirdiúil.

Tá a fhios agam freisin go bhfuil daoine atá fós ag léamh a déarfadh nach bhfuil an scéal sin leath-inste go fóill. Go bhfuil ceithre chúige in Éirinn agus go bhfuil sciar maith de cheann acu fós faoi stiúir na coróine a chaitheann Eibhlís. Is fíor san cinnte. De réir dlí agus de réir limistéir is mar sin atá.

Tá sé éasca domsa a rá gur cóir ligean di. Tá ach táim fós den tuairim go bhfuil an daonlathas ag obair i dtreo na sprice aontaithe, diaidh ar ndiaidh, céim bheag bhídeach i ndiaidh céimeanna beaga bídeacha.

Níl éinne a thuigfeadh é sin níos fearr ná ár nUachtarán féin. Gabhaim buíochas le Máire Mhic Ghiolla Íosa as ucht a díograis agus a fadradhairc agus a cuir chuige agus ar ndóigh a cinnidh an Bhanríon a thabhairt go Corcaigh, buaic a cuairte táim cinnte.

I ndáiríre, cosúil leis na glúnta a cheap nach bhféadfadh an méid a chonaic muid ag tarlú an tseachtain seo, tarlúint, caithfidh muid a bheith dóchasach agus muiníneach go mbainfear an fómhar sin amach anseo. Ach go síochánta.

D'fhonn leanúint leis an ndrochnós sin a bhíonn ag i bhfad an iomarca iriseoirí, caithfear a rá gur ócáid stairiúil amach is amach a bhí ann.

An séala deiridh síochána eadrainn, b'fhéidir.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Cuairt Stáit Bhanríon Shasana

THÁINIG sé, d'fhan sí agus d'imigh sí.

I ndeireadh na dála, má ba rud an-stairiúil agus suntasach é céad chuairt Bhanríon Shasana, Eilís a dó, ar Phoblacht na hÉireann, gnáthrud a bhí ann chomh maith.

Cuairt stáit ar stáit eile. Tarlaíonn sé an t-am ar fad agus dar ndóigh, tá uachtarán Mheiriceá, Barack Obama, ag teacht ar cuairt Dé Luain.

Dar ndóigh, briseadh talamh úr agus ba mhór an siombalachas a bhain le hEilís a bheith ag leagan bláthfhleisce i nGairdín Cuimhneacháin na hÉireann, chun meas a léiriú, ar a laghad, orthu siúd a fuair bás ag troid i gcoinne fhórsaí na Breataine ar son shaoirse na hÉireann.

Comhartha aibíochta a bhí ann ar go leor bealaí.

Dar ndóigh, ghlac tráchtairí áirithe a seans chun a bpolaitíocht féin a chur in iúl, ag iarraidh níos mó a dhéanamh as an chuairt ná mar a bhí i gceist. Arís agus arís eile, cuireadh i gcuimhne dúinn "go labhraíonn muid teanga choitianta," rud atá fíor den chuid is mó ach arís agus arís eile, gabhadh buíochas as sin.

Shílfeá nach mbeadh muid inár ndaoine sibhialta ar chor ar bith gan an teanga Béarla. Táthar ann atá fíorbhuíoch gur briseadh cultúr na nGael agus as meath na Gaeilge.

Más ceadmhach easaontú ar chor ar bith, ligtear don pháipéar seo easaontú leis an 'consensus' seo agus a rá go neamhbhalbh - níor rud maith é galldú na hÉireann agus ní rud maith é. Níor rud maith gur cailleadh an Ghaeilge den chuid is mó, taobh amuigh de mhionlach agus de phócaí beaga.

Níl sé "frith-bhreatnach" chun ár dteanga agus ár gcultúr féin a bheith againn. Ní bheidh aibíocht againn go dtí go n-aithnítear sin.

Ní aibíocht é a bheith buíoch as an choilíniú. Ba cheart ár bhfíor-stair a aithint agus ár dteanga féin a neartú, a athbheochan agus a labhairt go bródúil. Sin aibíocht, sin tír neamhspleách agus sin fíor-chothrom na féinne idir Éire agus an Bhreatain. Más tír dhaonlathach liobrálach í Éire, caithfear seo a ghlacadh nach aontaíonn gach duine againn leis an ghalldú agus go bhfuil an ceart sin againn.

Ar ndóigh, labhair Banríona Shasana cúpla focal Gaeilge agus í ag caint i mBaile Átha Cliath. Cé gur beag an gníomh é seo bhí go leor siombalachais ag baint leis sin. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar an dearcadh atá ag go leor daoine nach dtaitníonn an Ghaeilge leo.

Ní féidir aon amhras ná go ndearna sí ráiteas den scoth, mar a rinne an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa í féin, agus go ndeachaigh sí chomh fada agus ab fhéidir léi maidir lena bheith ag plé leis an stair idir Éire agus an Bhreatain. Níor ghabh sí aon leithscéal ach ní réalaíoch a bheith ag súil lena leithéid.

Cé gur tháinig Éire agus an Bhreatain níos cóngaraí dá chéile mar gheall ar an chuairt seo, agus a mbunaíochtaí go háirithe, bhí scoilteanna in Éirinn náisiúnach le sonrú chomh maith.

Cé gur beag na hagóidí a bhí ag poblachtánaigh i gcoinne na cuairte, ba mhór an fhreagairt dóibh, roinnt mhaith bunaithe ar argóintí bunaithe ar chúrsaí aicme seachas ar pholaitíocht - rud nach bhfuil aibí.

Más ag caint faoi aibíocht atá muid, más tír dhaonlathach shaor é seo caithfear a aithint go bhfuil an ceart ag daoine chun agóid shíochánta a dhéanamh. Ní raibh aon cheart ag duine ar bith foréigean a dhéanamh ach, caithfear glacadh nach raibh gach duine ar aon intinn faoi chuairt Bhanríon Shasana agus go raibh an ceart daonlathach acu a n-agóid a dhéanamh.

Maidir le hÉirígí, cé gur ghlac siad an chuid is mó den mhilleán, tá gach cuma ar an scéal nárbh iad féin a bhí freagrach as an fhoréigean, ach daoine a bhfuil baint acu le Sinn Féin Poblachtach agus an 32 County Sovereignty Committee. Caithfidh muid idirdhealú a choinneáil idir grúpaí a úsáideann foréigean agus iad siúd nach mbaineann úsáid as.

Smaoiníonn go leor daoine ó dheas, an tromlach fiú, go bhfuil "ceist na hÉireann socraithe," le Comhaontú an Chéasta. Caithfidh muintir an Deiscirt tuigbheáil go bhfuil sé an-deacair do chuid mhór náisiúntóirí sa Tuaisceart a bheith ag amharc orthu ag druidim leabhar na staire. Ní mhaireann náisiúntóirí an Tuaiscirt i bpoblacht neamhspleách, ach i ríocht Bhanríon Shasana mar ghéillsinigh dá cuid.

Ar an lámh eile, caithfidh muintir náisiúnach an Tuaiscirt a thuigbheáil áfach gur stát neamhspleách é an Deisceart atá ag déanamh a bhealaigh féin.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuairteoir Cásca - *An Easter Visitor*

Éilímis grásta Mhac
Dé dá chéile -
Insímis don domhan mór
faoi fheabhas a bhéile.
Lasaimis coinneal na féile
gan géilleadh
In iarracht dóchais is creidimh is céille -
Seasaimís gualainn ar
ghualainn le chéile.

Quality time - making of enemies neighbours -
Union Jacks replaced by unions of hearts and labours.
Eyeing each other with affection and not suspicion,
Eager to mend our ways and challenge tradition -
Now is the time to share our Easter mission.

Ciarán Ó Coigligh
BÁC

Tacaíocht do Sheán Quinn

A Chara,

Cruthaíonn daoine féinfhostaithe poist de mhuintir na tíre. Tógann siad ríoscaí chun na poist sin a chruthú ach ní thugann an rialtas nó éinne eile tacaíocht dóibh. Má theipeann orthu ní fhaigheann siad aon rud—ní féidir leo leas sóisialta a fháil, ní fhaigheann siad airgead nó cabhair ó aon áit ach, is iad sin na daoine atá chun an tír seo a shábháil. Tógfaidh siad an tír as an meathlú geilleagrach. Cuireann siad iachall ar dhaoine airgead a chaitheamh agus leanúint ar aghaidh lena shaol. Níl an rialtas ina aonar chun Éire a shábháil caithfidh pobal na hÉireann roinnt den fhreagracht a thógáil freisin.

Is ceart dúinn a bheith ag tabhairt buíoch de na daoine féinfhostaithe seo in ionad ag tabhairt amach dóibh. Tá a fhios againn go léir gur thóg Seán Quinn an-chuid ríoscaí agus ní duine go hiomlán macánta é ach ag deireadh an lae chruthaigh sé níos mó ná 2,600 post de mhuintir na hÉireann timpeall na tíre ar fad agus anois níl aon rud aige. D'oibrigh sé ar feadh a shaoil ach anois, tá gach rud imithe. Guím gach rath air. Tá súil agam go n-éiríodh leis arís agus ní deireadh le gnó Seán Quinn é seo.

Le dea-ghuí,

Katie McGreal
BÁC

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Ba cheart "fáilte ríoga" a chur roimh Bhanríon Shasana: tromlach lucht léite Gaelscéal

BHÍ tromlach lucht léite Gaelscéal, 55.6%, ar son "fáilte ríoga" a chur roimh Bhanríon Shasana.

Chuir muid an cheist oraibh an tseachtain seo caite - Ar cheart, mar a deir an Taoiseach, "fáilte ríoga" a chur roimh Bhanríon Shasana?

Ní mór an tromlach sin ar chor ar bith áfach agus bhí mionlach suntasach agaibh ar mhalairt tuairime; d'fhreagair 33.3% agaibh nár cheart fáilte a chur roimpi.

D'fhág sé sin go raibh 11.1% éiginnte faoi ábhar na ceiste.

Ceist na Seachtaine seo: Ar cheart baint bhunreachtúil níos láidre a bheith idir an Phoblacht agus an Ríocht Aontaithe nó ar cheart neamhspleáchas na Poblachta a choinneáil mar atá?



An idirbhliain agus íde béil

Conall Ó Móráin

AON duine atá nó a bhí gafa le cúrsaí Gaeilge tuigfidh siad gurb iontach an rud é nuair a deir mé nach raibh mé in ann teacht ar fhocal Gaeilge ar 'masochist'. Níl focal ag De Bhaldraithe ná foclóir Collins ná ag Google dó ach fuair mé moladh amháin ar an idirlíon go mb'fhéidir go n-oirfeadh masacóir don alt seo cé go ndeir an bhogearra Ceart liom gur focal anaithnid é agus ní aithníonn Microsoft ach an oiread é. B'fhéidir nach gá aistriúchán mar go mb'fhéidir gurb ionann an focal agus Gaeilgeoir?

Caithfidh gur fíormhasacóir mise áfach de bharr na híde béil a fuair mé an tseachtain seo caite nuair a mhol mé gur chóir laethanta saoire scoile a ghearradh ó thrí mhí sa samhradh go dtí dhá mhí agus an t-am a shábháiltear a thabhairt thar n-ais, uair an chloig sa lá, dos na daltaí agus múinteoirí trasna na scoilbhliana. Bhí roinnt den drochíde seo intuigthe mar gur luaigh mé go bhfuil triúr páiste ar mheánscoileanna agam agus ar ndóigh níor ghlac siad siúd leis go raibh mé ag déanamh gair dóibh ach 'ag goid a gcuid laethanta saoire' a bhí mé. Rud nár scríobh mé ná go bhfuil múinteoirí scoile ag teacht amach as na cluasa leis na glúine agam idir dheirfiúracha, dheirfiúr chéile, mháthair, sheanmháthair, sheanathair srl. Tá sé níos sábháilte sa chlann agamsa bheith ag moladh olldúnmharú ná bheith ag nochtadh mo chuid tuairimí faoi scoil, oideachas nó aon ábhar gar dóibh sin.

Seo cuid de na daoine óga a ghlac páirt i gComórtas Chlár Raidió Gael Linn i mbliana, comórtas atá dírithe ar lucht na hidirbhliana go príomha. Dá gcuirfí deireadh leis an idirbhliain, an mbeadh deiseanna mar seo ar fáil do na daltaí?

An t-idir-chur-amú-ama

Ach de bharr gur masacóir de shaghas éigin mé is ag moladh deireadh a chur leis an idir-chur-amú-ama, nó an idirbhliain scoile mar a thugann roinnt daoine air, atá mé an tseachtain seo. Tar éis don Bhanríon agus do Barrack Obama ligean dúinn sleamhnú thar n-ais sa phuiteach agus iad bailithe leo, casfaidh béim na meán isteach arís ar an rialtas. Beidh Enda Kenny agus a chuid airí ar thóir cúpla mórthionscnamh le taispeáint dúinn go bhfuil siad ag obair go crua, na muinchillí casta suas acu agus iad ag tochailt go tréan. Cheana féin tá daoine tuirseach ag cloisteáil nach bhfuil an rialtas i gcumhacht ach deich seachtainí. Is cuma linn. Lean oraibh ag obair agus saor sinn ó olc.

Speisialtóir neamheolaíoch

Mar a dúirt mé thuas tá triúr páiste orm, beirt acu anois atá tar éis an idirbhliain a chríochnú, dá bhrí sin tá mé chun speisialtóir sna cúrsaí seo a thabhairt orm féin. Buachaill agus cailín, i scoileanna éagsúla, an bheirt, agus ar bhealach nach cóir déanamh riamh tá mo chuid tuairimí bunaithe ar an taithí a bhí agam leis an mbeirt ach leo sin amháin - drocheolaíocht a thugtar air seo ach is cuma liom mar go bhfuil fhios agam go n-aontaíonn formhór tuismitheoirí liom.

Uair amháin, b'fhéidir go raibh fáth maith éigin leis an gceathrú bliain a chur amú ach ní fheictear dom go bhfuil fáth leis anois. Cabhrú leis na daltaí aibiú, sin é an príomhfháth a chuala mise riamh leis an idirbhliain. Nóta faoi seo. Leis an idirbhliain nó gan é aibíonn daoine as a stuaim féin. Tá fhios ag aon tuismitheoir go mbíonn cailíní i bhfad níos aibí ná buachaillí ar an aois chéanna. Ar chóir, dá réir, go mbeadh dhá idirbhliain le caitheamh ag buachaillí chun an sprioc chéanna a shroichint?

Bliain ar Facebook

Bheadh sé go breá dá mbeadh scoileanna in ann gníomhaíochtaí difriúla, oideachasúla, d'eagrú do gach lá i ngach seachtain i rith na scoilbhliana. Ní féidir leo, ní dóigh go bhfuil a leithéid réadúil, agus go hiondúil is annamh a tharlaíonn a leithéid. Aithreacha agus máithreacha a eagraíonn an taithí oibre rud atá beagnach dodheánta a fháil anois agus an geilleagar mar atá. Trí seachtainí difriúla de thaithí oibre nach ann dó a bhíonn orthu a dhéanamh - ag greamú stampaí de litreacha uasmhéid an chleachtaidh a fhaigheann na daoine óga seo, idir bhabhtaí uaireanta an chloig dá gcaitheamh acu ar Facebook. Rud amháin a d'fhoghlaim m'iníon ná conas hacáil a dhéanamh ar an bhfreastalaí ríomhairí sa chomhlacht ina raibh sí ag caitheamh a cuid ama, ionas go bhféadfadh sí rialacha an chomhlachta a bhriseadh agus dul ar Facebook.

Ag ceannach gráid

Má tá airgead agat tugann an idirbhliain buntáiste cinnte duit mar, dóibh siúd go bhfuil suas le €15,000 acu, is féidir do chuid páistí a chur ar scoil chónaithe lánaimseartha thar lear - sa bhFrainc mar shampla, áit go bhfoghlaimeoidh siad Fraincis líofa. Ar ndóigh ní dóigh go gceapann an chuid eile againn go bhfuil an méid seo cothrom nuair atá daoine ar thóir A san Ardteist, bunaithe ar an ngnáthchuraclam scoile. Ligeann an idirbhliain duit an A a cheannach.

Tumoideachas bliana

Cosnaíonn an idirbhliain na céadta Euro eile nuair a théann na daltaí ar thurais scoile, ar champaí eachtraíochta nó ar cheolchoirm ach ar a laghad tá an méid seo dearfach. An damáiste is mó a dhéantar i rith na bliana seo ná, agus is féidir an cheist seo a chur ar aon tuismitheoir, go mbriseann sé an cleachtadh staidéir. Má tá múinteoirí macánta admhóidh siad go dtógann sé suas le leathbhliain ar dhaltaí dul i dtaithí arís ar bheith ag staidéar. D'fhéadfá a rá mar sin gur cur amú bliana go leith é. Dóibh siúd a bhíonn ag gearán de shíor faoin nGaeilge n'fheadar an mbeadh siad sásta, in áit an chur amú ama san idirbhliain, go gcaithfeadh a gcuid páistí an bhliain iomlán le tumoideachas, sa nGaeilge agus teanga amháin eile? Ar a laghad bhainfí amach dhá sprioc oideachasúla náisiúnta, go mbeadh Gaeilge líofa ag formhór na ndaoine, agus d'fhéadfaidís freisin cur le hobair go hidirnáisiúnta le comhlachtaí Éireannacha - an scéal is mó, dearfach, i gcúrsaí geilleagair na tíre faoi láthair.

Enda a chara, dein gar dúinn ar fad. Fógair go bhfuil tú chun úsáid cheart a bhaint as an gceathrú bliain meánscolaíochta. Coimeád na daoine óga seo ar ghnáthscoil, ag foghlaim, mar is cóir. Creid é nuair a deirim leat é go bhfuil na mílte, mílte vóta ann. Smaoineoinn air fiú mé féin.

Nach Eorpaigh muid ar fad anois?

Bernie Ní Fhlatharta

IS mór an náire é go bhfuil cuairt tugtha ag Banríon Shasana ar leabharlann Choláiste na Tríonóide sul má leag mé féin cois ann fós.

Chaith mé dhá bhliain ag staidéar sa gcathair ach níor bhac mé cuairt a thabhairt ar Leabhar Cheanannais ach seans mór anois go rachaidh mise agus na mílte eile tar éis don Bhanríon a bheith ann.

Is cinnte gur iontach stairiúil é an chuairt agus gur iomaí cuairteoir a thiocfaidh go hÉirinn anois.

Chas mise ar fhear óg trí bliana déag ó shin sa Spáinn - Sasanach a raibh faitíos air theacht anseo mar gheall ar na Trioblóidí. Chuir mé comhairle air agus is cara maith inniu é a thagann go hÉirinn go minic.

Creidim anois go mbeidh níos mó cuairteoirí as an Bhreatain ag teacht anseo agus tá siad ag teastáil go géar uainn.

Is é an trua nach raibh cead ag an bpobal seasamh ar na sráideanna mar gheall ar chúrsaí slándála. Chonaic muid an fháilte a fuair sí ón bhfoireann agus ó mhic léinn sa gcoláiste agus ón méid a chuala mé ar an raidió ó dhaoine, ba bhreá leo í a fheiceáil agus fáilte a chur roimpi.

Is fada an tréimhse é 800 bliain do naimhdeas agus cén mhaith é?

Is fada an tréimhse é 800 bliain do naimhdeas agus cén mhaith é?

Dár ndóigh tá go leor a chreideann nach mbeidh síocháin ann nó go mbeidh na Sé Chontae tugtha ar ais dhúinn ach faraor níl an cheist chomh simplí sin.

Tá Caitlicigh, go leor acu, ina gcónaí sa Tuaisceart nach bhfuil ag iarraidh aon athrú ar an saol atá acu. Agus an bhfuil muidne in ann déileáil le daonra breise? Is ar éigean atá muid in ann déileáil leis an daonra atá againn.

Ach ar ais ag an mBanríon. Ní fhaca mé í ag gáire chomh suáilceach riamh agus a bhí sí ar an turas seo.

Ní féidir a shéanadh go raibh agus go bhfuil gaol idir an dá thír - nach í an Bhanríon Eilís l a thóg an chéad ollscoil sa tír agus gurb í a chuir tús leis na coláistí eile.

Nach iad na Sasanaigh a thóg go leor de na foirgnimh atá fós ina seasamh anseo agus is é an trua go ndearna De Valera cinneadh go leor do na iarnróid a scriosadh agus deireadh a chur leis an tram i mBaile Átha Cliath.

Níl mise ag rá gur mhaith liomsa a bheith faoi riail na Sasanach. Tá mé sásta agus bródúil gur poblacht muid ach an fiú an focal sin inniu agus na fiacha atá le n-íoc leis an IMF? Nach Eorpaigh muid ar fad anois?

CÚRSAÍ SAOIL

As na céadta páiste atá ar iarraidh n-ainmneacha nó a bpictiúir?

Tá aithne mhaith ag muintir na tíre seo ar ainm Madeleine McCann agus ar a pictiúir ach cé mhéad

Treasa Bhreathnach

RINNE príomh-aire na Breataine David Cameron cinneadh an tseachtain seo caite go n-osclófar cás Madeleine McCann arís tar éis litir a fháil óna tuismitheoirí Kate agus Gerry McCann. Choinnigh siad cás Madeleine i mbéal an phobail agus choinnigh siad brú ar na meáin chumarsáide chun an rud céanna a dhéanamh. Tá leabhar scríofa ag máthair Madeleine, Kate, ag déanamh cur síos ar na heachtraí a tharla agus a cuid mothúchán ag an am. An é gur thóg siad an bóthar ceart? An é gur cheart do thuismitheoirí páistí atá ar iarraidh in Éirinn iarracht a dhéanamh an rud céanna a dhéanamh?

Cé go bhfuil muid mar bhall den Aontas Eorpach ní hé sin le rá go mbaineann muid leas as an nasc sin nuair a bhíonn iarrachtaí á ndéanamh againn páiste atá ar iarraidh a aimsiú. Tá beolíne éigeandála do pháistí ar iarraidh in úsáid in dhá thír déag san Aontas Eorpach, níl Éire ina measc. Tá glaonna leanúnacha déanta ag an ISPCC ar an rialtas chun go mbeadh an bheolíne (116 000) ag feidhmiú in Éirinn ach, dar leo, tá constaicí airgeadais i gceist leis seo.

Is comhordaitheoir beolíne é Eoin O'Shea leis an eagraíocht missingpersons.ie (MISS) agus deir sé, "Tá muid féin agus an ISPCC chun casadh le hionadaithe ón Aire Dlí agus Cirt Alan Shatter go luath agus muid ag súil go gcuirfear an uimhir 116 000 ar fáil mar bheolíne do pháistí atá ar iarraidh. Is iad an ISPCC an eagraíocht is fearr chun bainistiú a dhéanamh ar an líne seo mar gheall ar an struchtúr atá acu agus mar gheall go mbíonn siad ar fáil ar feadh 24 uair an chloig. Bheadh muidne ar fáil mar eagraíocht taca do chlanna agus tuismitheoirí a bhfuil páistí nó daoine leo ar iarraidh. Tá costas de idir 100,000 agus 200,000 Euro measta ag an ISPCC ar fheidhmiú na beolíne seo agus ar ndóigh tá costais eile ar an rialtas faoi láthair agus b'fhéidir go gceapann siad gur cheart tús áite a thabhairt dóibh sin."

Bunaíodh an eagraíocht charthanach MISS in 2003 agus cuireann siad tacaíocht agus áiseanna ar fáil do mhuintir agus do chairde na ndaoine atá ar iarraidh. Ba é an cathaoirleach Dermot Browne a bhunaigh an eagraíocht tar éis go ndeachaigh a mhac is sine ar iarraidh; fuarthas é go tragóideach, roinnt míonna ina dhiaidh sin, agus é marbh. Thug sé faoi deara go raibh easpa tacaíochta agus seirbhísí ar fáil dó le linn na tréimhse seo agus shocraigh sé an eagraíocht a bhunú. Tá roinnt bealaí éagsúla go gcuireann MISS tacaíocht ar fáil do mhuintir na ndaoine atá ar iarraidh, trí thacaíocht agus comhairle a thabhairt dóibh, trí fheachtais sna meáin chumarsáide a eagrú agus trí iarrachtaí an cás a choinneáil i mbéal an phobail.

Tá beolíne acu ach níl ach duine amháin lánaimseartha, atá á íoc, acu agus bíonn gach duine eile ag obair ar bhonn deonach. Is iad na Gardaí Síochána a dhéanann fiosrúcháin faoi dhaoine, idir óg agus aosta, atá ar iarraidh ach bíonn MISS ag comhordú leo agus iad ar fad ag obair i dtreo eolas a fháil faoin duine atá ar iarraidh nó iad a aimsiú. Is iad an t-aon eagraíocht iad atá aitheanta lena bheith ag comhoibriú leis na Gardaí ina gcuid iarrachtaí, ach é sin ráite ar cheart go mbeadh níos mó eagraíochtaí ann nó fiú maoiniú nó struchtúr níos fearr a bheith in áit do MISS.

Deir Eoin, "Bhí muid ag breathnú ar ionadaíocht áitiúil den eagraíocht a chur ar fáil ach is í an fhadhb is mó ná go bhfuil an iomarca eagraíochtaí a dhéileálann le daoine atá ar iarraidh. Le cúpla bliain anuas tá cúpla ceann nua tagtha ar an saol, agus faoi láthair tá trí eagraíocht ann. Tá Cumann na nDaoine atá ar Iarraidh (Missing Persons Association) i gCorcaigh agus tá comhoibriú iontach idir muid féin agus iad siúd. Is eagraíocht chuardaigh agus tarrthála iad agus cuireann siad daoine inár dtreo má theastaíonn tacaíocht uathu agus ar ndóigh ní eagraíocht chuardaigh agus tarrthála muidne. Ansin an tríú heagraíocht a bunaíodh timpeall is bliain ó shin ná 'Searching for the Missing'. Is éard atá ag teastáil uainn ná gan

Tá an córas 'Amber Alert' (America's Missing: Broadcasting Emergency Response) i bhfeidhm i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain agus cuirtear an t-eolas faoin té atá ar iarraidh ar; stáisiún raidió, teilifíse, trí ríomhphost agus téacs, comharthaí bóthair, agus cláir fógraí poiblí. Ar cheart go mbeadh an córas céanna á úsáid in Éirinn?

ROINNT D'AOS ÓG NA TÍRE ATÁ AR IARRAIDH



Michelle Doyle
Tá Michelle 16 bliain d'aois agus is as Leamhcán i mBaile Átha Cliath í. An uair dheireanach a chonacthas í ná an 11 Bealtaine i gceantar Ghort na Silíní ag 3in. Tá sí 5'6", ocht gcloch meáchain le gruaig fhionn agus súile gorma. Bhí sí ag caitheamh t-léine dearg le lógó Mickey Mouse, seaicéad bolero, bríste dubh agus bróga dubha. Iarrtar ar dhaoine a bhfuil aon eolas acu teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí i mBaile Formaid ar 01-6667200.

Sazzad Alam Bihare
Is as an Bhanglaidéis ó dhúchas é Sazzad ach an buachaill óg seo 16 bliain d'aois ar iarraidh ó Ráth Fearnáin i mBaile Átha Cliath ón 2 Bealtaine. Tá sé 5'8" le craiceann agus súile dorcha agus gruaig dhubh. An uair dheiridh a chonacthas é bhí sé ag caitheamh léine chorcra, hoodie béasa (beige) agus jíons dorcha. Ba cheart dul i dteagmháil leis na Gardaí i Ráth Fearnáin ar 01-6666500 má tá eolas ar bith agat faoi Sazzad.

Luke Rio
Is as Léim Uí Bhriain i bPort Láirge é Luke agus é ar iarraidh ón 21 Eanáir. Tá sé 5'7" ar airde, ocht gcloch go leath le gruaig dhubh agus súile donna. An uair dheiridh a chonacthas é, bhí sé ag caitheamh jíons gorm, hoodie dúghorm, bróga reatha bána agus seaicéad puffa dúghorm le caipín dúghorm. Téigh i dteagmháil leis na Gardaí i dTrá Mhór le heolas ar bith, ar 051-391620.

in Éirinn an aithníonn sibh a Cé atá ar a dtóir?

duine a bhfuil aithne acu ar phictiúir nó ar ainmneacha na gcéadta páiste atá ar iarraidh in Éirinn?

eagraíocht eile a bhunú ach maoiniú ceart a chur ar fáil do na heagraíochtaí atá ag feidhmiú agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil dúinn. Bíonn comhoibriú maith idir muid féin agus na Gardaí ach fós féin caitear linn ar an mbealach céanna beagnach agus aon duine eile a bhíonn ag glaoch ar na Gardaí, ó thaobh eolas a roinnt de. Má bhreathnaíonn tú ar na heagraíochtaí sa Bhreatain agus san Astráil tá caidreamh i bhfad níos gaire acu leis na Gardaí."

Ní fios go díreach cé mhéad páiste atá ar iarraidh in Éirinn. Ní scaoilfidh na Gardaí an figiúr sin mar gheall ar an méid páistí a théann ar iarraidh as institiúidí an FSS (HSE). Téann a lán de na páistí agus anchuid de na páistí eachtrannacha ar iarraidh as institiúidí an FSS d'aon ghnó agus dar le hEoin is é an faitíos ansin ná nach bhfuil líonra sóisialta acu sa tír seo agus go bhfuil an baol ann go ndéanfar gáinneáil (trafficking) orthu. Bunaíodh suíomh idirlín na nGardaí MISS in 2004 agus é ag tarraingt ar an taithí dhomhanda atá faighte ag missingkids.com .

Tá nasc déanta idir an suíomh Éireannach agus líonra domhanda suíomhanna, áit a bhfuil os cionn 3,000 cás de pháistí ar iarraidh liostaithe.

Ar cheart go mbeadh níos mó iarrachtaí á ndéanamh ag na Gardaí chun aghaidheanna na ndaoine atá ar iarraidh a dhéanamh níos aitheanta. Tá an córas 'Amber Alert' (America's Missing: Broadcasting Emergency Response) i bhfeidhm i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain agus cuirtear an t-eolas faoin té atá ar iarraidh ar stáisiúin raidió agus teilifíse, agus scaiptear freisin é trí ríomhphost agus téacsanna, comharthaí bóthair, agus cláir fógraí phoiblí.

Ar cheart go mbeadh an córas céanna á úsáid in Éirinn? Deir Eoin, "Luaigh duine éigin cheana agus iad ag caint faoin 'Amber Alert' in Éirinn, ionadaí ó na Gardaí sílim, dá mbeadh na ceithre chritéar a chaithfear a úsáid sula dtéann an 'Amber Alert' i bhfeidhm, nach mbeadh toradh ach ar b'fhéidir dhá chás le tríocha bliain anuas. Mar sin síleann siad nach mbeadh rath ar an gcineál sin córais. Is é ceann de na roghanna a bheadh againn ná athruithe a dhéanamh nó níos lú critéar a bheith i gceist sula dtéann an córas i bhfeidhm." Faoi láthair caithfear ceithre chritéar a chomhlíonadh sula féidir an córas 'Amber Alert' a chur i bhfeidhm: go gcaithfidh an duine a bheith faoi aois; go gcaithfidh fianaise éigin a bheith ann gur fuadaíodh iad agus nach é gur éalaigh siad ón mbaile d'aon ghnó; go gcaithfidh go bhfuil fáth éigin go gcreideann tú go bhfuil siad i ndainséar láithreach; go gcaithfidh an dóthain eolais a bheith ann faoin bpáiste, an duine a d'fhuadaigh an páiste agus b'fhéidir an carr a bhí in úsáid acu. "In Éirinn, dá bhfaighfeá réidh le ceann de na critéir sin," arsa Eoin, "bheadh i bhfad níos mó cásanna ag comhlíonadh na dtrí chritéar a bheadh fágtha agus d'fhéadfaí an córas a chur i bhfeidhm."

Tá beolíne éigeandála do pháistí ar iarraidh in úsáid in dhá thír déag san Aontas Eorpach, níl Éire ina measc. Tá glaonna leanúnach déanta ag an ISPCC chuig an rialtas chun go mbeadh an beolíne (116 000) ag feidhmiú in Éirinn ach dar leo, tá constaicí airgeadais i gceist leis seo.

Is í Madeleine McCann ceann de na haghaidheanna is aitheanta de pháiste ar bith ar iarraidh ar fud an domhain, mar sin ar cheart do thuismitheoirí Éireannacha na hiarrachtaí céanna a dhéanamh dá mbuailfeadh an tubaiste chéanna iad? Deir Eoin, "Tá roinnt pointí éagsúla go gcaithfear breathnú orthu. Ar an chéad dul síos, cinnte, is smaoineamh maith é an phoiblíocht má tharlaíonn sé go gcabhróidh sé leis an seans go naimseofar an té atá ar iarraidh, go bhfuil an cás i mbéal an phobail, agus go bhfuil íomhá den té sin feicthe in áit éigin. Tá feidhm dhíreach agus phraiticiúil aige sa chaoi sin. Nuair a théann duine ar iarraidh, go minic fágtar an chlann agus iad ag mothú gan chumhacht, agus má bhíonn ról gníomhach agat agus tú ar thóir an té atá ar iarraidh is féidir leis sin a bheith an-tábhachtach do mhuintireacha éagsúla. Ar an taobh eile den scéal, nuair atá duine ar iarraidh ar feadh tréimhse áirithe, tá roinnt clann ann a cheapann gur smaoineamh níos fearr atá ann agus gurb é an rud ceart dóibh siúd le déanamh, ná tús a chur leis an smaointeoireacht go bhfuil gach seans ann nach bhfuil an duine sin fós beo.

Tá cothromaíocht i gceist leis an smaointeoireacht, idir an dóchas go bhfuil an té beo agus a bheith gníomhach chun an té sin a aimsiú, agus déileáil leis na mothúcháin de chailliúint mar gheall ar éagmais an duine. Is rud an-deacair é sin do chlanna áirithe, an chothromaíocht sin a fháil."

ROINNT D'AOS ÓG NA TÍRE ATÁ AR IARRAIDH

Shannon Collins
Tá Shannon 15 bliain d'aois agus í ar iarraidh ó Mhainistir na Corann i gCorcaigh ó 29 Aibreán. Tá sí timpeall 5'4" ar airde, í tanaí agus gruaig fhionn uirthi i láthair na huaire. An uair dheiridh a chonacthas í bhí sí ag caitheamh sciorta gairid bán, seaicéad bán agus cuaráin (sandals) bhána. Ba cheart dul i dteagmháil leis na Gardaí i Mainistir na Corann le heolas ar bith, 021-4621550.

Paddy Cash
Tá Paddy ar iarraidh ón 13 Aibreán agus é timpeall 5'6" ar airde le gruaig dhonn. An uair dheiridh a chonacthas é bhí sé ag caitheamh hoodie liath, bríste dubh culaith spóirt (tracksuit), agus bróga reatha bána. Bíonn Paddy go minic le feiceáil ar shráid Grafton, i bhFaiche Stiofán agus i nDroichead na Dothra. Má tá eolas ar bith agat, téigh i dteagmháil le do thoil leis na Gardaí ag Sráid Mhic Giobúin ar 01-6668400.

Saifullah Nazar
Tá Saifullah ar iarraidh ón 13 Aibreán ó Phort Reachrann i mBaile Átha Cliath, agus é 15 bliain d'aois. Tá sé 5'4" le gruaig agus súile donna. Is as an Afganastáin ó dhúchas é Saifullah agus é ag caitheamh léine liath, barr dearg agus bán agus bríste dubh culaith spóirt. Iarrtar ar dhaoine dul i dteagmháil leis na Gardaí i Sord ar 01-6664700.

Má tá aon eolas agat faoi dhuine ar bith de na daoione thuasluaite, téigh i dteagmháil le do thoil leis na Gardaí áitiúla nó leis na Gardaí ar a líne rúnda 1-800-666-111 nó MISS (1890-442-552 / www.missingpersons.ie).

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Páistí Scoil Mhic Dara, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe a rinne a gcéad Chomaoineach i Séipéal Mhic Dara, An Cheathrú Rua, an Satharn seo thart. Sa phictiúr chomh maith tá an múinteoir Anne Marie Ní Chualáin, an tAthair Ciarán de Bláca agus Mairéad Mhic Dhonncha, príomhoide. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

Clár Ní Bhroin, Bróna Ní Chaiside agus Caoilfhionn Ní Mhairtín ó Choláiste Phádraig i nDoire, le Corn San Clár (Camógaíocht Sóisear Uladh), a bhuaigh siad le déanaí.

Páistí Scoil Mhuire an Tuairín, Co na Gaillimhe a rinne a gCéad Chomaoineach i Séipéal Mhic Dara, An Cheathrú Rua, an Satharn seo caite. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN.

Micheal Warnock, Tiarnán Mac Bhloscaidh, Liam Óg Ó Flannagáin, Joseph Ó Lochlainn agus Cormac Gaston ó Choláiste Phádraig, Doire, le Corn Mhic Aedhín(Iománaíocht faoi 18.5 Uladh) agus Corn Uí Caoimh (Iománaíocht B faoi 18.5 na hÉireann), a bhain siad amach thar ceann na scoile.

Conor Ó Ceallaigh, Seán Ó Caiside agus Conor Mac Alastair ó Choláiste Phádraig i Machaire Rátha, Contae Dhoire, le Corn Mhic Thomais (Iomanaíocht Bl 8) agus Corn Mac Con Midhe (Iomanaíocht Bl 9).

Páistí scoil Náisiúnta Leitir Mealláin, Co na Gaillimhe a rinne a gcéad Chomaoineach i Leitir Mealláin an Domhnach seo thart.

PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

EOLAÍOCHT

An bhfaca tú Star Trek riamh?

An bhféadfadh gur ar dhomhan eile ar fad a cuireadh tús leis an saol beo?

Conn Ó Muineacháin

MÁ chonaic tú 'Star Trek' riamh, b'fhéidir gur cheap tú go raibh rud éigin fíor-aisteach faoin scéal. OK - bhuel bhí go leor rudaí aisteacha faoin scéal, is fíor, ach ina measc bhí seo: conas a tharla sé go raibh gach aon neach eachtard-homhanda a chas ar chriú an Enterprise cosúil linn féin?

Nó leis an gceist chéanna a chur ar bhealach eile: nach raibh an t-ádh le rannóg na n-éifeachtaí speisialta ar an gclár go raibh an líon céanna géag agus cloigeann ag na créatúir spáis agus atá againn féin? Chun eachtraí spáis ón bpláinéad Vulcan a dhéanamh, ní raibh le déanamh acu ach bior a chur ar chluasa Leonard Nimoy!

Ansin, breis agus fiche bliain ó chonaiceamar Mr Spock den gcéad uair, thug scríbhneoirí Star Trek míniú ar an gcosúlacht idir na speicis éagsúla sa scéal. De réir fhinscéalaíocht 'Star Trek', cé go dtarlaíonn an éabhlóid ar phláinéid éagsúla, neamhspleách ar a chéile, is amhlaidh gur 'cuireadh' síolta comónta DNA ar gach aon phláinéad, d'aon ghnó ag cine ársa daoine a mhair na billiúin bliain ó shin .

Ficsean eolaíochta? Gan amhras! Ach creid é nó ná creid, tá an cheist bhunúsach á plé ag eolaithe réalt-bhitheolaíochta i láthair na huaire, is é sin le rá: an bhféadfadh gur ar dhomhan eile ar fad a cuireadh tús leis an saol beo?

Tugtar dreigítí ar na cuairteoirí seo: na clocha, idir bheag agus mhór, a thagann i dtír ón spás. Tuirlingíonn siad ó fholús an spáis, áit nach bhfuil aer ná uisce a dhóthain le rud ar bith a choimeád beo - ach an amhlaidh atá?





'Béar Uisce' (Tardigrades) - is féidir leat maireachtáil sa spás - an féidir gur tháinig an bheatha féin ó áit eile sa chruinne?

Seo an rud: ní haon rud nua é an spás-taisteal idir-dhomhanda. Creideadh gur cuireadh tús leis nuair a sheas spásairí Mheiriceá ar dhromchla na gealaí. Ach tá fhios againn anois go bhfuil cuairteoirí ag teacht ón ngealach chéanna, ó Mhars agus ó phláinéid eile leis na cianta.

Tugtar dreigítí ar na cuairteoirí seo: na clocha, idir bheag agus mhór, a thagann i dtír ón spás. Tuirlingíonn siad ó fholús an spáis, áit nach bhfuil aer ná uisce a dhóthain le rud ar bith a choimeád beo - ach an amhlaidh atá?

Sin é an teoiric atá á tástáil ag tionscnamh de chuid an Chumainn Phláinéadaigh (The Planetary Society), eagraíocht neamhrialtasach, neamhbhrabúsach, a bhfuil sé mar aidhm acu taiscéalaíocht spáis a spreagadh agus a chothú. Agus tá turgnamh á thriail anois acu ar an spásárthach Endeavour atá ar a mhisean deireanach i láthair na huaire.

Is céim eile é an turgnamh sa taighde ar an bpan-speirmeachas: an teoiric go bhfuil an bheatha go flúirseach sa chruinne, agus go scaiptear ag dreigítí é.

Cheana féin, tá a fhios ag na heolaithe go bhfuarthas ceimiceáin orgánacha i ndreigítí a tháinig ó phláinéid eile. Ach is é an cheist atá á cur anois acu ná: an bhféadfadh créatúir bheo (baictéir nó orgánaigh fhíor-shimplí) an turas a fhulaingt ó phláinéad amháin go pláinéad eile? Síltear dá mbeadh siad iniata istigh i lár dreigíte, go mbeadh cosaint ag ainmhithe nó plandaí ón spás folamh, ach tá go leor ceisteanna eile le freagairt. Mar shampla, conas a sheasfaidís na fórsaí láidre a theastóidh chun iad a lainseáil saor ó dhomhantarraingt a bhfóid dúchais? (Ceal roicéid, creidtear go dteastaíonn pléascadh bolcánach nó imbhualadh astaróideach chun ábhar a shaoradh go nádúrtha ó phláinéad.) Agus conas mar a réiteodh an easpa domhantarraingthe leo agus iad ar an dturas fada go dtína saol nua?

Tá súil ag an gCumann Pláinéadach cuid des na ceisteanna seo a fhreagairt. I bhfómhar na bliana seo cuirfidh siad modúl speisialta ar bord spásárthach Rúiseach a bheidh ag triail ar Phobos, gealach de chuid Mharsa (Mars). Istigh sa mhodúl seo beidh miocrorgánacha: baictéir agus a leithéidí. Is turas fillte é.

Fillfidh an modúl i gceann trí bliana agus beidh eolaithe an Chumainn ar bís len é a scrúdú - féachaint conas mar a d'éirigh leis na taistealaithe bídeacha.

Tá an chéad ghlúin des na laochra beaga seo os ár gcionn i láthair na huaire, iad ar bord an tointeálaí Endeavour. Créatúir bheaga aoncheallacha iad den gcuid is mó, seachas na 'béir uisce'. Ainmhithe fíorbheaga is ea iad seo a bhfuil ocht gcos acu ach atá níos lú ná milliméadar ar fhaid. Ach tá siad in ann maireachtáil i raon mór coinníollacha, idir theas agus fhuacht, agus mar sin síltear go mbeidh siad ina spásairí maithe. Freisin tá siad in ann seasamh i gcoinne radaíochta, rud atá ina fhadhb mhór do thaistealaithe spáis atá lasmuigh de scáth cosanta an atmaisféir.

Tá tóraíocht ar eachtráin éirimiúla fós gan toradh. B'fhéidir gur talamh fuar steiriúil atá sa chruinne go léir, seachas ar an bpláinéad glas seo. B'fhéidir nach bhfuil duine ar bith "amuigh ansin", nó má tá níl siad ach sa Chlochaois fós. B'fhéidir gur sinne na spásthaistealaithe is forbartha a bhí riamh ann, ach ní chiallaíonn sé gur sinne is túisce a rinne é!

Go n-éirí an bóthar libh a spásairí beaga!

An tointeálaí 'Endeavour' agus é ar an mbealach i dtreo fithis (orbit) leis na créatúir bheaga mar phaisinéirí air. Thóg paisinéir ar éitleán, Stefanie Gordon, an pictiúr seo agus í ar a bealach ó Nua-Eabhrac go dtí Florida.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Freeview agus SAORVIEW ag teacht ár mbealach

Eisiach: BBC Alba le bheith ar Freeview

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí 15 mí ag BBC Alba chun roinnt spriocanna a bhaint amach chun go mbeadh an deis acu a bheith ar fáil ar Freeview in Albain. Ceann de na spriocanna sin ná go mbeadh an tseirbhís in ann níos mó ná an lucht féachana de 200,000 a bhaint amach in aghaidh na seachtaine agus, faoi athbhreithniú a rinne Iontaobhas an BBC ag tús na bliana seo, tá sé seo déanta acu.

Deir Alasdair Morrison, cathaoirleach MG Alba, "Roimhe seo ní raibh BBC Alba ar fáil ach ar Sky agus ar Freesat, rud a chiallaigh nach raibh fáil ag os cionn 50% de thithe air. Tugadh an sprioc dúinn go mbeadh níos mó ná 200,000 de lucht féachana againn in aghaidh na seachtaine, mar sin thosaigh muid ar iarrachtaí a dhéanamh chun an dualgas sin a chomhlíonadh. Tá croílár de roinnt ceantair Ghaeltachta sna hInse Gall nach bhfuil mias (dish) Sky acu nó nach bhfuil sé d'acmhainn acu mias Sky a fháil.

I gceantair uirbeacha in Albain cosúil le Glaschú mar shampla, tá na mílte Gaeilgeoir ann nach bhfuil cead acu mias Sky a bheith acu mar go bhfaigheann siad teilifís shaor ar chábla. Ach, ina ainneoin sin, tá muid tar éis lucht féachana reatha a fháil idir 200,000 agus 250,000 in aghaidh na seachtaine agus ar ndóigh is cainéal beag muid le buiséad beag agus tá dualgas orainn an teanga a fhorbairt agus scileanna teanga a fhorbairt, ní hamháin le Gaeilgeoirí dúchasacha ach leo siúd atá ag foghlaim na Gaeilge.

Is é an aidhm a bhí againn ná a bheith ar fáil ar gach ardán digiteach agus ón mhí seo chugainn beidh BBC Alba ar fáil ar Sky, Freesat, cábla Virgin agus Freeview. Ba é Freeview an chéad chomhrá fada a thosaigh muid leis an BBC agus le hIontaobhas an BBC agus bhí muid ar bís go ndúradar go mbeadh sé ag tarlú." Le BBC Alba le bheith ar fáil ar Freeview beidh fáil anois ag idir 98 agus 100% de thithe in Albain ar an gcainéal.

Ní ionann an tábhacht le SAORVIEW in Éirinn do TG4 agus Freeview do BBC Alba in Albain mar gheall go raibh fáil fhorleathan ar TG4 ar feadh na mblianta ar fud an oileáin.

Deir Pádhraic Ó Ciardha, leasphríomhfheidhmeannach TG4, "Is córas digiteach trastíre é SAORVIEW a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gcóras analógach agus cinnte beidh na pictiúir agus an fhuaim níos fearr leis." Bhí sé i gceist ar dtús go mbeadh an córas SAORVIEW saor in aisce agus ansin go mbeadh córas eile a bhfhéadfá íoc air ionas go bhfeadfá roinnt de na cainéil Shasanacha a fháil.

Theip ar iarrachtaí conraitheoir a fháil chun an cainéal breise dtt [digital terrestrial television] ar tháille a fháil. Cé gur cainéal saor in aisce atá i gceist le SAORVIEW, fós féin beidh costas de €100 ar an mbosca bairr a bheidh ar dhaoine le haeróg a cheannach nó teilifís nua a cheannach.

Bhí costas mór i gceist leis an chainéal a chur ar fáil chomh maith ach dar le suirbhé atá déanta ar 1,100 teach don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, deir 77% de thithe go cinnte nach mbeidh siad ag ceannach teilifís nua taobh istigh de shé mhí.

Dar leis an suirbhé céanna ní úsáideann ach 16% de thithe (thart ar 245,000 teach) an córas analógach faoi láthair. Ní bheidh SAORVIEW ar fáil do gach duine sa tír agus 2% de thithe nach mbeidh fáil acu ar an gcóras, díreach sa chaoi chéanna nach bhfuil fáil acu ar an tseirbhís analógach faoi láthair. Dóibh siúd a íocann as a seirbhís teilifíse trí UPC nó Sky nó a leithéid ní bheidh aon athrú i gceist dóibh. Dóibh siúd atá ag smaoineamh ar an mbosca bairr a cheannach do SAORVIEW, bí cinnte go bhfuil lipéad SAORVIEW air le cinntiú go n-oibreoidh sé.

Is é an aidhm a bhí againn ná a bheith ar fáil ar gach ardán digiteach agus ón mhí seo chugainn beidh BBC Alba ar fáil ar Sky, Freesat, cábla Virgin agus Freeview. Ba é Freeview an chéad chomhrá fada a thosaigh muid leis an BBC agus le hIontaobhas an BBC agus bhí muid ar bís go ndúradar go mbeadh sé ag tarlú." Le BBC Alba le bheith ar fáil ar Freeview beidh fáil anois ag idir 98 agus 100% de thithe in Albain ar an gcainéal.

Is léir go bhfuil tábhacht dhifriúil ag baint le Freeview do BBC Alba. "Mar Ghael agus mar dhuine le clann óg is é an rud is tábhachtaí ná go ndéantar normalú ar an teanga. Ní hé go bhfuil muid eisceachtúil leis an méid atá muid ag iarraidh a dhéanamh in Albain, tá tíortha eile atá ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh agus na dúshláin chéanna acu.

Ach, tá an t-ádh linn go bhfuil an pháirtneireacht leis an BBC chomh dearfach sin dúinn agus smaointeoireacht fhorásach acu," a deir Alasdair. Deir sé chomh maith gurb é an chéad sprioc eile a mbeidh BBC Alba ag díriú air sa todhchaí ná coimisiúnú drámaíochta.

"Beidh muid ag breathnú ar dhrámaíocht amach anseo agus beidh muid ag iarraidh go mbeidh sé ar chaighdeán áirithe, níl tú ag iarraidh go mbeadh 'homespun drivel' i gceist díreach ar mhaithe leis."

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

Ionad na dTeangacha
language centre

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha Má Nuad roimh iarratais ar an gcúrsa Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh.

Cúrsa é seo a thugann deis do dhaoine atá ag obair mar mhúinteoirí cheana féin agus do dhaoine ar mhaith leo dul ag obair san earnáil seo cailíocht a bhaint amach i dteagasc na Gaeilge do dhaoine fásta.

- 10 gceardlann Shathairn atá i gceist leis an gcúrsa agus tionólfar i nGaillimh i mbliana iad. (10 r.n.-5 i.n.)
- Ina theannta sin, beidh ar rannpháirtithe an chúrsa cleachtadh múinteoireachta 40 uair an chloig a dhéanamh
- Is é €1500 an costas. Tá mionsonraí an chúrsa le fáil ag ***www.nuim.ie/language*** nó is féidir glaoch ar Róisín ag **01-7086417.**

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha roimh iarratais ar an gcúrsa thuasluaite. Cúrsa páirtaimseartha ar líne é a mhaireann dhá bhliain. Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach mar aon le bunchéim ach ní gá go mbeadh an Ghaeilge mar chuid den bhunchéim seo. Déanfar scrúdú iontrála le caighdeán Gaeilge na n-iarrthóirí a mheas. Tá sonraí uile an chúrsa le fáil ag ***www.nuim.ie/language***

- Spriocdháta d'iarratais: **10 Meitheamh**
- Scrúdú Iontrála: **18 Meitheamh**
- Costas: **€2,000 sa bhliain**
- Tuilleadh eolais: **01-7086417** nó *roisin.nidhushlaine@nuim.ie*

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Teagascóir Gaeilge agus Béarla
i
Beijing Foreign Studies University

don tréimhse

Meán Fómhair 2011 - Meitheamh 2012

Ionad na dTeangacha
language centre

Beidh lóistín san áireamh leis an bpost
Tuilleadh eolais ó Róisín ar **01-7086417** nó
Roisin.nidhushlaine@nuim.ie

Spriocdháta: deireadh mhí na Bealtaine

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
County Galway Vocational Education Committee

Cuirfidh an Coiste fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go hoiriúnach, le taithí, ar an bpost bainistíochta seo a leanas, a mbeidh éifeacht leis ó 1 Lúnasa, 2011.

PRÍOMHOIDE: **Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe**
Catagóir: X

Tuarastal/Liúntais
Beidh cáilíochtaí, coinníollacha seirbhíse agus scálaí tuarastail de réir rialachán na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Dírítear d'aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste ***www.countygalwayvec.com*** le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Seosamh Mac Donncha,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

Northern Ireland Screen
Irish Language Broadcast Fund
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge

Scéimeanna Oiliúna

Tá an Ciste Craoltóireachta Gaeilge ag lorg iarratais ó chainteoirí Ghaeilge do dhá scéim oiliúna.

Tá an scéim d'Iontrálaithe Nua i Scileanna Léiriúcháin don teilifís dírithe ar dhaoine atá nua don earnáil.

Tá an scéim do Léiritheoirí faoi Oiliúint dírithe orthu siúd a bhfuil ar a laghad bliain de thaithí acu san earnáil léiriúcháin agus gur mian leo dul le léiriú nó stiúiriú físe.

I rith na scéimeanna lánaimseartha (Meán Fómhair 2011– Lúnasa 2012), beidh na hoiliúnaithe ag foghlaim na ceirde agus iad ar shocrúcháin le comhlachtaí léiriúcháin teilifíse agus le NvTv (an stáisiún áitiúil teilifíse i mBéal Feirste).

Caithfidh na hoiliúnaithe a bheith líofa sa Ghaeilge. Bheadh cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe go háirithe sna hábhair seo a leanas: na meáin chumarsáide, an Ghaeilge, cuntasaíocht, staidéar gnó, dlí.

Chun pacáiste iarratais agus tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le do thoil le:

Brendan Hehir, Scáileáin Thuaisceart Éireann, 21 Sráid Alfred, Béal Feirste BT2 8ED

Teil: 028 90 232444

Láithreán Gréasáin: www.northernirelandscreen.co.uk

Ríomhphost: Brendan@northernirelandscreen.co.uk

Spriocdháta: 5.00 Dé hAoine an 3iú Meitheamh

Is fostóir comhdheiseanna é Northern Ireland Screen.

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

BEATHA

‘Bhfuil tú LinkedIn, nó céard is fiú é?

Treasa Bhreathnach

TÁ 317,000 duine as obair sa tír faoi láthair agus síleann saineolaithe gurbh fhéidir idir 20,000 agus 30,000 duine sa bhreis a chur leis an uimhir sin roimh dheireadh na bliana. Ach, cén tábhacht a bhaineann leis na gréasáin shóisialta agus tú ar thóir poist?

Is iad Facebook agus Twitter na gréasáin shóisialta is mó a mbaintear úsáid astu in Éirinn ach tá an méid daoine a úsáideann LinkedIn ag dul i méid gach lá.

Bunaíodh LinkedIn in 2003 agus tá sé in úsáid den chuid is mó do líonrú gairmiúil agus i láthair na huaire tá níos mó ná 10 milliún duine cláraithe leo in os cionn 200 tír ar fud an domhain. Bunaíonn duine amháin próifíl LinkedIn gach soicind ar fud an domhain agus tá os cionn 200,000 acu siúd lonnaithe in Éirinn.

Meastar gur fiú os cionn €4 bhilliún an comhlacht agus tá stoic an chomhlachta ar díol ar an stocmhalartán poiblí ón tseachtain seo. Is é seo an chéad uair le blianta fada go bhfuil comhlacht teicneolaíochta chomh mór sin ag trádáil ar an stocmhalartán poiblí agus tá súil ghéar á coinneáil air ag comhlachtaí teicneolaíochta a d’fhéadfadh a bheith ag smaoineamh faoin rud céanna, mar Facebook.

Margaíonn an comhlacht iad féin mar ghréasán sóisialta ar féidir úsáid a bhaint as chun teagmhálacha proifisiúnta a dhéanamh agus chun líonraí a choinneáil, ach is nuair atá daoine ag cuardach post úr nó ag iarraidh poist a athrú a thosaíonn siad ag baint úsáide as an ngréasán sóisialta áirithe seo. Is é an ghné is úsáidí de LinkedIn ná gur féidir tú féin nó b’fhéidir teagmháil de do chuid a chur in aithne do dhaoine eile.



Caithfidh tú aithne a bheith agat ar an té atá tú ag iarraidh a bheith mar theagmháil agat mar má thugann tú cuireadh do chúigear nach bhfuil aithne acu ort, beidh ort seoltaí ríomhphoist a bheith ar an eolas agat as sin amach, chun cuireadh teagmhála a thabhairt do dhaoine.

Ní hamháin gur féidir teagmháil a dhéanamh le fostóirí in Éirinn ach déantar an domhan i bhfad níos lú agus é anéasca dul i dteagmháil le fostóirí thar lear. Sa lá atá inniu ann agus sa tsochaí eacnamaíochta ina bhfuil muid ag maireachtáil, b’fhéidir go mbeadh níos mó tóra ar an ngné seo de LinkedIn ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Is bealach maith atá ann chun do chárta gnó ar chur ar líne, agus smacht a bheith agat ar íomhá do phearsantachta proifisiúnta.

Tá grúpaí éagsúla ann gur féidir leat a bheith mar bhall díobh agus páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí fóraim a bhíonn ar súil acu. Tá sé d’aidhm ag an ngrúpa Paddytec nasc a chur ar fáil do phríomhfheidhmeannaigh in Éirinn agus thar lear.

Tá an grúpa ‘Irish Executives’ ag iarraidh deiseanna comhairleoireachta a chruthú ar LinkedIn agus bolscaireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí Éireannacha thar lear. Tá grúpa ann chomh maith trínar féidir casadh le do chuid teagmhálacha ar líne i gcomhair cupán caife agus comhrá agus comhairle a fháil óna chéile, mar ‘OpenCoffee Ireland’ a eagraíonn cruinnithe i gcathracha móra na tíre, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach san áireamh.

Más fostóir tú ar LinkedIn, is féidir leat cuardach a dhéanamh do theideal an phoist atá tú ag iarraidh a líonadh, an ról, áit nó fiú nasc le cumann nó eagraíocht éigin. Mar sin más ag cuardach poist atá tú, tá sé iontach tábhachtach go mbeadh do chuid sonraí líonta amach agat chomh cruinn agus gur féidir leat. Mura raibh teideal aitheanta agat i do phost deireanach is fiú cur síos a dhéanamh ar fhreagrachtaí an phoist i dtéarmaí a thuigtear san earnáil chéanna ar fud an domhain. Má tá tú chun an úsáid cheart a bhaint as an líonra, is é an chéad rud ba cheart duit a dhéanamh ná do phróifíl a líonadh amach go hiomlán.

Dar le LinkedIn féin, má tá do phróifíl líonta amach go hiomlán, tá 40% níos mó seans agat a bheith mar thoradh ar chuardach fostóra atá ag iarraidh post a líonadh. Ba cheart grianghraif a chur le do phróifíl. Bí cinnte do chuid naisc idirlín a chur le do phróifíl, mar shampla má tá sonraí de do chuid oibre le feiceáil ar shuíomh idirlín bí cinnte nasc a chur ag bun do phróifíle. Is féidir jab an fhostóra a dhéanamh níos éasca má bhíonn moltaí ar do chuid oibre faighte agat ó dhaoine eile, iar-chustaiméirí nó daoine a bhfuil tú ag obair leo faoi láthair. Is é an bealach is éasca le moladh a fháil ar LinkedIn ná moladh a thabhairt. Bí cinnte do chuid taithí agus scileanna cuí a liostú. Déan cinnte do leathanach a uaslódáil go rialta sa chaoi agus go mbíonn rud éigin nua ag tarlú ar an leathanach i gcónaí.

B’fhéidir, ag deireadh an lae, gur cuma cé chomh maith agus atá do phróifíl ar LinkedIn agus cé mhéid úsáid a bhaineann tú as an idirlín agus tú ag déanamh taighde áfach. Rinne LinkedIn suirbhé an mhí seo caite lena fháil amach cén t-ainm is coitianta a bhíonn ar phríomhfheidhmeannaigh ar fud an domhain. In Éirinn is é an t-ainm Tony an t-ainm is coitianta do phríomhfheidhmeannaigh, ach níl a fhios agam an ndéanfaidh sé difríocht ar bith murar tugadh an t-ainm ort ag am do bhreithe!

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Buaiteoirí Ghradaim Bisto do leabhair pháistí fógartha

Stairiúil: Príomhdhuais Bisto agus duais Eilís Dillon bronnta ar an duine céanna

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ an-sceitimíní ar fad ann an tseachtain seo agus gach duine ag tnúth go mór le fáil amach cé a bhuaigh na Gradaim Bisto do leabhar na bliana do pháistí. Ba í an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald TD, a d'fhógair an buaiteoir tráthnóna Dé Luain, ag ócáid ar leith i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i mBaile Átha Cliath. Is é an leabhar a bhuaigh ná '*A Bit Lost*', scríofa ag Chris Haughton. Rinne an tUasal Haughton na léaráidí sa phictiúrleabhar álainn seo freisin. Is é seo an 21ú bliain de Ghradaim Bisto agus bronnadh duais de €10,000 ar údar an leabhair bhuacaigh. Insíonn '*A Bit Lost*' scéal ulcabháin a fhágtar gan tuismitheoirí, trí thimpiste. Tar éis titim óna nead fad is atá sé ina chodladh, fágtar é ina aonar agus caithfidh sé cairde nua a dhéanamh agus a bhealach a fháil ar ais abhaile chuig a mhamaí. Dar leis na moltóirí, éiríonn leis an saothar seo na mothúcháin go léir a bhaineann le bheith caillte, a chur in iúl ar bhealach an-éifeachtach ar fad. Luadh an téacs simplí agus na léaráidí chomh maith.

Fógraíodh trí dhuais speisialta eile ar an lá freisin, is iad sin duaiseanna Eilís Dillon, rogha na bpáistí agus duais aitheantais speisialta ó na moltóirí. Tá duais €1500 ag dul do bhuaiteoir rogha na bpáistí agus ba é leabhar Sheena Wilkinson, '*Taking Flight*', a bhuaigh an duais sin, agus ba léir gur thaitin sé go mór leis na daoine óga a roghnaigh an leabhar don duais. D'éirigh le Sheena Wilkinson duais eile a fháil ar an lá freisin, Duais Onóra d'fhicsean, dá leabhar, agus bhuaigh leabhar Oliver Jeffers, '*The Heart and The Bottle*', duais speisialta na moltóirí. Beidh áthas ar leith ar léitheoirí na Gaeilge a fháil amach gur éirigh le leabhar Chaitríona Hastings agus Andrew Whitson, agus na foilsitheoirí An tSnáthaid Mhór, Duais Onóra a bhuachan do léaráidí an leabhair, ó na moltóirí. Dúradh gur 'saothar ealaíne' amach is amach atá sa leabhar.

Chris Haughton, údar agus dearthóir an leabhair álainn 'A Bit Lost', agus é sa Leabharlann Náisiúnta Dé Luain. Bhuaigh Chris dhá dhuais ag Gradaim Bisto i mbliana, an príomhdhuais agus duais Eilís Dillon.

Den chéad uair riamh i stair Ghradaim Bisto, bronnadh duais Eilís Dillon (luach €3,000) agus príomhdhuais Bisto (luach €10,000) ar an duine céanna. Is é Chris Haughton, mar sin, lena leabhar '*A Bit Lost*', a bhuaigh an dá dhuais. Bronntar duais Eilís Dillon ar údar nó ar ealaíontóir atá i ndiaidh a c(h)éad saothar a fhoilsiú.

Is iad Gradaim Bisto do leabhar na bliana do pháistí na duaiseanna is mó cáil do leabhair pháistí in Éirinn. Is ceiliúradh iad na duaiseanna ar shármhaitheas na litríochta do pháistí. Ar ndóigh, is féidir leabhair trí Ghaeilge agus trí Bhéarla a chur isteach ar na gradaim.

Blianta eile, bhuaigh John Boyne an duais dá leabhar '*The Boy in the Striped Pyjamas*', bronnadh ar Marie-Louise Fitzpatrick é dá leabhair 'You, Me and the Big Blue Sea' agus 'There' agus tá an duais buaite ag go leor leor údar agus ealaíontóirí eile chomh maith.

Premier Foods Ireland atá mar úinéirí an bhranda Bisto, atá i ndiaidh urraíocht a dhéanamh ar na Gradaim ó bunaíodh iad in 1990. Ag labhairt faoi Ghradaim Bisto, dúirt Sean Brett ón eagraíocht sin gur cheart comhghairdeas mór a dhéanamh le gach duine de na buaiteoirí agus dúirt sé go raibh Bisto bródúil leanacht ar aghaidh ag tacú le feabhas agus ardchaighdeán i scríbhneoireacht agus léaráidí do pháistí.

"Baineann glúin i ndiaidh glúine de dhaoine óga taitneamh agus sult as leabhair mhaithe," ar sé. "Faigheann siad inspioráid ó na leabhair. Tá litríocht pháistí chomh luachmhar sin, ar go leor bealaí, agus ba cheart go mbeadh ceiliúradh agus aitheantas ann ar a fheabhas is atá an litríocht bliain i ndiaidh bliana. Chreid Bisto é sin 21 bliain ó shin nuair a luadh den chéad uair gur cheart scéim duaiseanna a thabhairt isteach agus creidimid fós inniu é."

Is é Keith O'Sullivan atá mar chathaoirleach ar an bpainéal moltóireachta agus deir sé go bhfuil sé ag éirí níos deacra agus níos deacra buaiteoir a roghnú gach bliain.

"Léiríonn caighdeán na n-iontrálacha i mbliana sofaisticiúlacht na n-údar agus na n-ealaíontóirí Éireannacha. Is forbairt shuntasach é do leabhair pháistí in Éirinn go bhfuil cúpla duine nua i ndiaidh a gcuid buanna i leith pictiúrleabhair a léiriú i ngearrliosta na bliana seo."

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 21 bliain de na Gradaim, beidh Leabhair Pháistí Éireann (CBI), a eagraíonn na duaiseanna i gcomhar le Bisto, beidh siad ag cur taispeántas gluaisteach ar siúl, le stair na nGradam agus an 20 leabhar, údar agus ealaíontóir eile a bhuaigh an duais mhór.

Is féidir leis an bpobal vótáil freisin, don leabhar is fearr leo ó na cinn go léir a bhuaigh Gradam Bisto thar na blianta. '*Bisto Ballot*' náisiúnta a bheidh i gceist agus fógrófar na torthaí san fhómhar. Beidh an taispeántas ag taisteal go leabharlanna i gContae na Mí an mhí seo agus an mhí seo chugainn, go Dún na nGall i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair, go Corcaigh i mí Dheireadh Fómhair agus go Maigh Eo i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

COMÓRTAS!

Tá trí chóip de Mac Rí Éireann, leabhar álainn nua le Caitríona Hastings, a ainmníodh ar Ghearrliosta Ghradaim Bisto, le buachan ag léitheoirí Gaelscéal.



Ceist: Céard é teideal an chéad leabhair a d'fhoilsigh An tSnáthaid Mhór?

Tá freagra na ceiste ar fáil ar www.antsnathaidmhor.com. Seol freagra, le d'ainm agus seoladh, chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie nó Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe, roimh Dé Céadaoin seo chugainn, 25 Bealtaine.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

'Tubaiste Bhaile Mhánais'

BBC TÉ, 8:30, Dé Domhnaigh

Treasa Bhreathnach

AR an Aoine seo caite a seoladh an clár 'Tubaiste Bhaile Mhánais' i gceantar an Mhullaigh Dhuibh i nDún na nGall agus muintir na háite ar fad cruinnithe chun breathnú ar an chlár faisnéise seo.

Is i 1943 a phléasc mianach i nDún na nGall agus a maraíodh 19 nduine agus is air seo agus ar gach ní a thit amach sa cheantar atá an clár seo ag díriú.

Maraíodh athair le Pat Gallagher agus beirt dá chuid uncailí sa tubaiste agus deir sé, "Bhí a lán de ghaolta agus deartháireacha agus deirfiúracha na marbh ag an seoladh agus bhí sé an-emotional dóibh agus mar an gcéanna nuair a tháinig an leabhar amach." Trí bliana ó shin a scríobh Pat Gallagher leabhrán faoin tubaiste agus is eisean a rinne ionadaíocht ar na teaghlaigh nuair a chuaigh siad chun casadh leis an rialtas sna 1990idí.

Is ar an 10 Bealtaine i 1943 a chonaic muintir na háite an mianach amach ó chósta an Mhullaigh Dhuibh agus is ann a chruinnigh suas le trí scór duine ar an gcósta chun a bheith ag féachaint ar na himeachtaí mianaigh.

Sa chlár seo labhraítear le gaolta, cairde agus daoine áitiúla ar cuimhin leo an tubaiste. Bhí muintir na háite ar an eolas faoi scála na tubaiste ach ní labhraíodh siad faoi mórán sna blianta ina dhiaidh.

Is é Dónall Mac Ruairí as Rann na Feirste láithreoir an chláir agus cé go raibh sé ar an eolas faoi scála na tubaiste ní a raibh a fhios aige cén fáth go díreach ar tharla sé agus cén fáth nár labhraíodh air sa cheantar ina dhiaidh. Sa chlár seo tosaíonn sé amach ar thuras chun freagraí na ceisteanna seo a fhiosrú.

Is ar a 6in ar an 10 Bealtaine a chonacthas an mianach i 1943 agus cuireadh na Gardaí in Anagaire ar an eolas faoi, timpeall 45 nóiméad ina dhiaidh sin.

Cé nach raibh a leithéid coitianta timpeall na háite, dheimhnigh fear amháin a chuaigh amach i gcurach chun fiosrúcháin a dhéanamh, gur mianach go cinnte a bhí ann agus chuir an Garda Cósta na Gardaí ar an eolas gurbh é sin a bhí i gceist.

Bhí suas le dhá scór duine ar an trá ag an bpointe seo agus iad ar fad ag breathnú ar an mianach agus é ag teacht isteach agus ag bualadh in aghaidh na gcloch gan phléascadh.

Rinne an Garda Cósta iarracht na daoine a choinneáil amach ón mianach ach ag 9.40 rinne sé cinneadh dul ar thóir na nGardaí chun iarraidh orthu iarratas a dhéanamh don arm chun an suíomh a chosaint. Idir an dá linn rinne na daoine áitiúla iarracht an mianach a thabhairt chun cósta agus ag 9.45in phléasc sé.

Pat Gallagher ar chlé ag labhairt le láithreoir an chláir Dónall Mac Ruairí

Maraíodh 17 bhfear óg láithreach agus fuair beirt dhéagóirí eile bás san ospidéal níos deireanaí sa tseachtain sin. Sa chlár 'Tubaiste Bhaile Mhánais' a bheidh le feiceáil ar BBC TÉ ar an Domhnach ag 8.30in labhraítear le meascán aíonna, idir ghaolta na marbh agus cairde leo agus a gcuimhní cinn ar an lá.

Tá muintir na ndaoine áitiúla ar thóir leithscéil ón stát don eachtra féin agus an chaoi ar dhéileáil siad le slándáil na ndaoine, agus dá gcuid gníomhaíochtaí tar éis na heachtra. Fuarthas amach le linn taifead agus léiriú an chláir gur rinneadh scéal na tubaiste a cheilt go hoifigiúil agus go neamhoifigiúil agus go raibh an sáirsint áitiúil faillíoch. Is léir gur cúis náire í an eachtra seo do thriúr fear cumhachtach sa cheantar mar gur shíl siad go gceapfadh daoine gur tharraing muintir na háite orthu féin an trioblóid uile.

Bhí grúpa beag fir óga go háitiúil a bhíodh i dtrioblóid leis na Gardaí go rialta. Cé go ndearna an stát cinneadh iontach luath nach mbeadh aon fhiosrúchán oifigiúil ar bun acu, níor chuir siad muintir na marbh ar an eolas faoin chinneadh seo.

Cuireadh brú ar mhuintir na háite gan iarraidh ar fhiosrúchán, brú a tháinig ón sagart áitiúil, an tAire Cormac Breslin (FF) agus Paddy the Cope Gallagher agus le linn an chláir féin chas Pat Gallagher leis an iar-Aire Cosanta Dermot Ahern agus é ar thóir leithscéil ón stát.

Dar le Pat Gallagher, "Ní cheapaim go mbreathnóidh an stát ar an chás seo arís, mar gheall go ndúirt siad go bhfágfadh sé sin oscailte iad do chúiteamh. Tá pleanáil sa phíblíne againn le casadh leis an Aire Cosanta [Alan Shatter] atá ann anois agus labhairt leis faoi seo." Chreid muintir na háite riamh gurbh fhéidir an tragóid a sheachaint dá leanfadh na húdaráis na gnáthaimh chearta a bhain le glanadh mianach.

Deir Pat Gallagher faoina mháthair, atá 93 bliana d'aois anois, "Níor labhair sí faoi mórán ar chor ar bith agus níor thaispeáin sí an spota dúinn riamh inar tharla sé. Tá deartháir amháin atá níos óige ná mé agus is dóigh go raibh sé an-deacair uirthi an bheirt againn a thabhairt aníos léi féin."

Beidh scéalta na ndaoine agus an cheantair le feiceáil ar an gclár seo 'Tubaiste Bhaile Mhánais' a bheidh á chraoladh ar BBC TÉ ag 8.30in ar an Domhnach seo.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Agallamh na Seachtaine' Toghadh Trevor Ó Clochartaigh chuig Seanad Éireann i mí Aibreáin 2011 agus labhraíonn sé le Mairéad Uí Chuaig ar an gclár seo, ar a óige i Sasana agus ar an Aird Mhóir i gCill Chiaráin, ar bhunú an chomplachta drámaíochta Na Fánaithe agus a chuid oibre le Ros na Rún, Fair City, Cumas agus leis an nuachtán Gaelscéal. Dé Domhnaigh @1.15in

www.wfuv.org: 'Ceol na nGael' Clár seachtainiúil a dhéanann ceiliúradh ar chultúr agus ceol na hÉireann agus iad ag craoladh ó Ollscoil Fordham i Nua Eabhrac. Tá an chlár seo curtha i láthair ag Kerri Gallagher agus Tara Cuzzi agus éisteann suas le 75,000 duine leis gach Domhnach agus tuairisciú breise á dhéanamh ag Declan O' Byrne ar gach atá ag titim amach i saol na nuachta in Éirinn. Dé Domhnaigh ag 12 - 4in (am áitiúil)

RTÉ Pulse: 'The Cosmo' Clár dátheangach dírithe ar an bpobal LGBT, le meascán de chomhrá agus ceol éagsúil ó na cairteacha agus eile. Curtha i láthair ag Scott de Buitlér Dé Céadaoin @ 8in.

Féach ar

RTÉ 1: 'Blood of the Travellers' Leanann an clár seo an dornálaí Oilimpeach Francie Barrett agus é ag déanamh iarrachta scéal an lucht siúil a fháil amach trí DNA a úsáid. Tá sé ráite go dtagann bunús an lucht siúil ó na giofóga (gypsy) Rómánacha, nó grúpa eile a bhí anseo i bhfad roimh na Ceiltigh nó b'fhéidir gur grúpa iad a thug faoin siúl le linn aimsir Chromail. Seo an chéad chlár de shraith dhá chlár ina n-úsáidtear teicneolaíocht nua-aimseartha chun freagra na ceiste sin a fháil. Dé Domhnaigh@ 9.30in

S4C: 'Chwilgig: Digwyddiadau '10' Beidh na láithreoirí Morgan Jones agus Elin Fflur i Chwilog chun an clár seo a chur i láthair. Beidh an clár ag díriú ar éagsúlacht ceoil, filíocht agus eile mar chuid den fhéile phobail. Beidh deis agaibh éisteacht le ceol ó Trebor Edwards, na Moniars agus Dafydd Iwan i measc eile. Dóibh siúd nach labhraíonn Breatnais beidh fotheidil ar an gclár seo. Dé Sathairn @ 10.30

TG4: 'Stair na mBannaí Céilí' Cuirtear síos sa tsraith nua seo ar na bannaí céilí agus an stair a bhaineann leo. Tháinig damhsa an chéilí go mór chun cinn sna 30aidí agus as seo a tháinig an tAcht um Hallaí Rince Puiblí, 1935. Tá bannaí ceoil an lae inniu ag ullmhú don Fleadh. Tá siad faoi bhrú mar go bhfuil siad ag iarraidh Craobh na hÉireann a bhaint amach. Dé Domhnaigh @ 10in

Sinn Féin i gceannas ar an Roinn Oideachais arís

Agallamh eisiach le John O'Dowd, an tAire Oideachais nua ó thuaidh

Meadhbh Ní Eadhra

Tá toghcháin an Tuaiscirt thart anois agus is é John O'Dowd ó Shinn Féin a bheidh ag glacadh ról an Aire Oideachais ó thuaidh as seo amach, agus é ag teacht i gcomharbas ar Chaitríona Ruane. Labhair sé le Meadhbh Ní Eadhra.

"Is mór an onóir dom a bheith mar Aire Oideachais an Tuaiscirt. Creidim go bhfuil freagracht mhór ag teacht leis an ról seo, agus is Roinn fhíorthábhachtach é le bheith mar cheann air. Ceapaim go bhfuil foireann mhaith againn sa Roinn agus chomh maith leis sin, tá láithreacht mhaith ag Sinn Féin sa Roinn, agus táimid ag tógáil air sin," a deir an tUasal O'Dowd.

Luann sé Mitchell McLaughlin, a bheidh ag obair in éineacht leis sa Roinn Oideachais, agus deir sé go láidreoidh sé an fhoireann go mór.

An raibh O'Dowd ag súil go mbeadh SF i gceannas ar chúrsaí oideachais arís, go háirithe nuair a bhí caint ann go ndéanfadh an DUP iarracht smacht a fháil ar an Roinn i mbliana?

Maidir le haonaid Ghaeilge in iar-bhunscoileanna Béarla, creideann an tAire go bhfuil "buntáiste" ag baint leo. "Is léir go bhfuil siad ag obair. Tá taithí agam ar an aonad lán-Ghaeilge i Scoil Chaitríona in Ard Mhacha. Is scoil d'ardchaighdeán í seo agus ní fhéadfadh ach gur dea-rud é go bhfuil aonad Gaeilge laistigh den scoil sin. Ní hé go mbeidh orainn cinneadh a dhéanamh idir iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus aonaid Ghaeilge sna scoileanna Béarla. Thar an chéad chúpla bliain eile, sílim go mbeidh meascán den dá rud ann."

"Is iad Gerry Adams agus Martin McGuinness a dhéanann na cinntí maidir leis sin, agus ceapaim go ndearna siad an-chuid oibre agus brústocaireachta le cinntiú gur muidne a bheadh i gceannas ar an Roinn arís," a deir O'Dowd.

Agus cé na pleananna agus tosaíochtaí atá ag an Aire Oideachais nua?

"Táimid ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis na leasuithe radacacha ar chuir Caitríona [Ruane] agus Martin [McGuinness] tús leo sa chóras oideachais, ní hamháin ó thaobh roghnú acadúil ach ó thaobh tacú leis an nGaelscolaíocht agus caighdeáin a ardú ar fud an phobail, le cinntiú go bhfuil córas oideachais den chéad scoth ar fáil dár ndaoine óga," ar sé.

"Ba mhaith liom leanúint ar aghaidh ar an gcosán atá Caitríona agus Martin i ndiaidh leagan síos. Ó thaobh roghnú acadúil de, tá an polasaí ceart againn; níl gá leis an roghnú, agus go deimhin, tá sé marbh. Tacóidh mé leis an nGaeloideachas, mar a rinne Caitríona. Creidim gur earnáil thábhachtach é le tacú leis, agus is buntáiste ollmhór é do dhaoine óga agus don tsochaí go léir."

Ach níl ach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge amháin sna sé chontae, agus cé go bhfuil aonaid Ghaeilge i gcuid de na scoileanna Béarla, ní hé an rud céanna é. Cad í tuairim an Aire faoi seo?

"Táimid páirteach i bpróiseas tógála go fóill, ó thaobh an Ghaeloideachais de. Tá an-chuid forbairtí déanta ag leibhéal na naíscoileanna agus na mbunscoileanna. Ag an staid seo, níl ach meánscoil amháin againn, ach déanfaidh mise agus an Roinn Oideachais freastal ar éileamh, de réir mar a fhásann sé. Táimid ag obair le buiséad an-teoranta, agus tá gach earnáil faoi bhrú ollmhór, ach déanfaimid tréaniarracht freastal ar lucht an Ghaeloideachais," ar sé.

Maidir le haonaid Ghaeilge in iar-bhunscoileanna Béarla, creideann an tAire go bhfuil "buntáiste" ag baint leo.

"Is léir go bhfuil siad ag obair. Tá taithí agam ar an aonad lán-Ghaeilge i Scoil Chaitríona in Ard Mhacha. Is scoil d'ardchaighdeán í seo agus ní fhéadfadh ach gur dea-rud é go bhfuil aonad Gaeilge laistigh den scoil sin. Ní hé go mbeidh orainn cinneadh a dhéanamh idir iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus aonaid Ghaeilge sna scoileanna Béarla. Thar an chéad chúpla bliain eile, sílim go mbeidh meascán den dá rud ann."

Maidir le cúrsaí oideachais ó thuaidh go ginearálta, tá O'Dowd cinnte faoi rud amháin.

"Ba mhaith liom caighdeán an oideachais ó thuaidh a ardú níos mó fós. Creidim go bhfuil an ceart ag gach páiste fáil a bheith acu ar chóras oideachais atá ann ar leas an pháiste, an dalta agus an duine óig, ionas gurb é an rud a thagann amach as an gcóras oideachais ná daoine óga ar saoránaigh mhaithe iad agus a thuigeann conas a bheith ina saoránaigh mhaithe," a deir an tAire úr.

An bhfuil an tAire sásta leis na seirbhísí iompair atá ar fáil do dhaltaí scoile ó thuaidh, agus cén tuairim atá aige ar an gcás cúirte a thóg Coláiste Feirste in aghaidh na Roinne?

"Is é ceann de na ceisteanna a bhfuil muid ag breathnú uirthi faoi láthair ná cúrsaí taistil agus iompair sna hearnálacha go léir. Táimid ag iarraidh a chinntiú go bhfuil úsáid cheart agus éifeachtach á baint as an mbuiséad atá ag an Roinn Iompair, is é sin thart ar €70 milliún gach bliain, agus go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais na n-earnálacha ar fad," ar sé.

"Tuigim go bhfuil cás cúirte ann faoi láthair maidir le Coláiste Feirste agus an córas iompair do dhaltaí na scoile sin, agus ní féidir liom an cás sin a phlé faoi láthair. Ach tuigim go bhfuil tuismitheoirí buartha agus iad ag iarraidh a chinntiú go bhfuil fáil ag gach duine ar oideachas lán-Ghaeilge, agus go bhfuil an deis sin ag a gcuid páistí. Cinnteoidh muid go bhfuil an polasaí atá ann maidir le cúrsaí taistil, go bhfuil sé go hiomlán cothrom agus féaráilte, agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na n-earnálacha uile, earnáil an Ghaeloideachais san áireamh."

Tá fadhbanna maoinithe ag go leor eagraíochtaí faoi láthair agus ar ndóigh beidh an Ghaeilge ag fulaingt mar gheall air seo, go háirithe i dtaobh naíscoileanna nua agus mar sin de. An mbeidh an tAire nua ag tacú leo?

"Gan geallúintí ar bith a thabhairt sna chéad chúpla lá dom a bheith sa phost seo, beidh an tAire Cultúir, Carál [Ní Chuilín], agus mé féin, ag obair as lámha a chéile, agus beimid in ann fás na Gaeilge a chur chun cinn agus cuidiú leis an bhfás agus forbairt sin."

"Nílim ag lorg mórán spáis, ach beagán spáis, chun an fhaisnéis ar fad atá tugtha dúinn a phlé, agus chun gach rud a thógáil ar bord. Ansin tiocfaidh muid amach agus cinnteoidh muid go mbeidh gach rud a chuireann muid i bhfeidhm nó gach gníomh a dhéanfaimid, ann ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn agus inbhuanaitheacht na teanga."

Le trí bliana anuas, tá an tAire O'Dowd mar chuid d'fhoireann oideachais Shinn Féin. Shuigh sé ar choiste oideachais an Tionóil le trí bliana freisin agus bhí sé mar urlabhraí an pháirtí ag staideanna éagsúla. Is ionadaí tofa é le ceithre bliana déag agus deir sé go bhfuil caidreamh maith oibre aige leis an iar-Aire Oideachais, Caitríona Ruane.

"Is cuar foghlama é seo dom. Ní thosaím ar phost ar bith ag ceapadh go bhfuil achan rud ar eolas agam. Tá mé anseo le bheith ag foghlaim ach le ceannaireacht a thabhairt fosta, agus tá mé mar chuid de chomhcheannaireacht ó fhoireann feidhmeannach Shinn Féin," a deir an tAire.

Tá míniú agus tuiscintí éagsúla againn go léir ar an bhfocal 'oideachas'. Cad a chiallaíonn oideachas don Aire O'Dowd?

"Nílim cinnte cé a dúirt é seo ar dtús, ach léigh mé rud le déanaí agus d'fhan sé liom: Education is not the filling of a pail, but the lighting of a fire [William Butler Yeats]. Sin oideachas. Is faoi thine a lasadh laistigh de dhaoine óga atá sé, ionas go dtig leo gach rud is féidir leo a bhaint amach. Níl muid anseo chun róbónna a fhorbairt, ná 'clones'. Táimid anseo chun daoine aonair a fhorbairt, a rachaidh amach agus a bheidh ar na daoine is fearr gur féidir leo a bheith."

COMÓRTAS!

Tá Gaelscéal ag cur péire thicéid ar fáil chuig ceolchoirm Jamie Lawson i Sráid Vicar Dé Sathairn 28 Bealtaine.

Ceist:
Carbh as do Jamie ó dhúchas?

Seol freagraí chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie nó Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe, roimh Dé Luain 23 Bealtaine, le d'ainm, seoladh agus uimhir teagmhála.

Beidh agallamh iomlán againn le Jamie Dé hAoine seo chugainn.

OIDEACHAS

Cúrsa do dhaoine a gcuireann gramadach na Gaeilge mearbhall orthu!

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge á thairiscint ag Gaelchultúr (www.gaelchultur.com) le bliain anuas anois agus tá breis is leathchéad duine tar éis tabhairt faoi na trí chúrsa a bhí ar siúl go dtí seo. Daoine atá ina gcónaí in Éirinn ba ea formhór na rannpháirtithe ach tá daoine san Astráil, i Sasana, san Eilvéis agus sna Stáit Aontaithe tar éis tabhairt faoin gcúrsa chomh maith.

Cuirfear tús leis an gcéad dianchúrsa eile Dé Sathairn, 28 Bealtaine agus mairfidh sé go dtí mí Lúnasa.

Tá an clár páirtaimseartha seo dírithe orthu siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar chúrsa iarchéime Gaeilge ach a mheasann nach bhfuil an caighdeán cuí bainte amach acu. Tá sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil - iriseoirí, státseirbhísigh agus aistritheoirí, mar shampla - ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna scríofa Gaeilge. €450 an táille atá i gceist.

"Tá Gaeilge líofa ag go leor daoine," arsa Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais Ghaelchultúir, "ach cuireann rialacha gramadaí mearbhall ceart orthu! Déantar iarracht sa chúrsa seo na rialacha a chur i láthair ar bhealach sothuigthe agus tugtar aiseolas leanúnach do na rannpháirtithe. Tá an chuma ar an scéal go dtaitníonn an cur chuige atá againn le daoine."

Dírítear sa dianchúrsa ar chruinneas gramadaí, ar chúrsaí stíle agus ar an aistriúchán. Cuirtear béim chomh maith ar na háiseanna teicneolaíochta atá ar fáil sa Ghaeilge, cinn ar líne ina measc. Déanann na rannpháirtithe an chuid is mó den chúrsa ar líne ach eagraítear ceardlanna lae ar cheithre Shatharn éagsúla chomh maith, i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Bíonn fáil ag na rannpháirtithe ar dhá chúrsa ar shuíomh ríomhfhoghlama Gaelchultúir, ranganna.com, agus, lena chois sin, bíonn deis acu féachaint ar fhíseáin ar an suíomh sin ina mbíonn cur síos cuimsitheach ar an obair a dhéantar sna seisiúin sa seomra ranga. Bíonn deis acu freisin obair bhaile a sheoladh ar an ríomhphost agus tugtar aiseolas dóibh mar gheall ar a gcuid oibre taobh istigh de lá nó dhó.

Chun eolas breise a fháil mar gheall ar an dianchúrsa agus chun áit a chur in áirithe, téigh go www.gaelchultur.com. Tá tuilleadh eolais le fáil freisin ach glaoch ar (01) 484-5220 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@gaelchultur.com. Tá an tionscnamh seo á mhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.pobail.ie).

Ar mhaith leat a bheith i do chónaí le Gaeilgeoirí?

TÁ 27 scoláireacht ar luach €500 an ceann á dtairiscint ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) do mhic léinn ar mhaith leo cónaí in Ionad Cónaithe Gaeilge, Gaeltacht UCC don bhliain 2011/12. Mar sin, má tá tú ag smaoineamh ar fhreastal mar mhac léinn ar UCC an bhliain seo chugainn, agus má tá suim agat árasán a roinnt le mic léinn eile le Gaeilge, ba cheart duit dul i dteagmháil le hIonad na Gaeilge Labhartha ar 0214902314. Tuilleadh eolais ar www.ucc.ie/igl. Is é an spriocdháta d'iarratais ná Déardaoin 2 Meitheamh 2011.

Scoláireachtaí €500

Ionad Cónaithe Gaeilge, Gaeltacht UCC 2011/12

An bhfuil tú ag smaoineamh ar fhreastal mar mhac léinn ar UCC an bhliain seo chugainn?

Ar mhaith leat árasán a roinnt le mic léinn eile le Gaeilge?

Tuilleadh Eolais:
Ionad na Gaeilge Labhartha
G02, Áras Uí Rathaille
UCC
0214902314
http://www.ucc.ie/igl

Dáta Deireanach: Déardaoin 2 Meitheamh 2011

COMÓRTAS!



Tá cóipeanna de *Ghaeilge Gan Stró* le buachan ag léitheoirí Gaelscéal.

Is cúrsa teanga ilmheán é *Gaeilge gan Stró! – Lower Intermediate Level* d'fhoghlaimeoirí fásta.

Chun cóip den chúrsa fiúntach seo a bhuachan, seol r-phost chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie le d'ainm, do sheoladh agus an cúis gur mhaith leat an duais a bhuachan. Is féidir litreacha a sheoladh chuig Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe chomh maith.

Spriocdháta: 25 Bealtaine

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Forlíonadh Ús Morgáiste

Ceist: Tá mé i mo chómhúinéir tí le mo dheirfiúr. Íocaimid an morgáiste le chéile. Ach, chaill mé mo phost le déanaí agus tá mé dífhostaithe. Tá mé ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist ach tá mé ag streachailt chun mo chuid den mhorgáiste a íoc. Mar gheall go bhfuil mo dheirfiúr ag obair go lánaimseartha ní cheapaim gur féidir liom an Forlíonadh Ús Morgáiste a fháil. An bhfuil aon chúnamh eile ar fáil?

Freagra:

Seans nár thuig tú na critéir don Fhorlíonadh Ús Morgáiste (FÚM. Ní bhaineann an dícháiliú do dhaoine ag obair go lánaimseartha ach le lánúin. Is é sin le rá dá mba céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir a bhí mar chomhúineir ar an teach leat, thógfaí a gcúinsí san áireamh. Ach níl cúinsí do dheirféar ábhartha, áfach. Má shásaíonn tú féin na critéir d'Fhorlíonadh Ús Morgáiste tig leat cúnamh a fháil le cuid úis d'aisíocaíochtaí morgáiste. Tig le d'iasachtóir a insint duit cén chuid den íocaíocht mhorgáiste mhíosúil a théann i dtreo an úis ar d'iasacht.

Is iad seo a leanas na príomhchritéir d'Fhorlíonadh Ús Morgáiste (FÚM):

- Caithfidh go raibh tú in ann na haisíocaíochtaí a íoc nuair a tógadh amach an morgáiste.
- Tá méid an úis mhorgáiste iníoctha réasúnta (mar shampla, nach bhfuil ráta úis iomarcach á íoc agat).
- Is le haghaidh do theach a cheannach agus deisiúchán nó cothabháil riachtanach a dhéanamh air atá an iasacht. (Is é is ciall leis seo má tá morgáiste breise tógtha amach agat ar chúis eile, mar shampla, chun gnó a thosú, nó má tá d'iasachtaí ar fad curtha le chéile agat i morgáiste, níl méid na hiasachta breise incháilithe do FÚM.)
- Níor cheart go mbeadh do theach ar díol.
- Tá gnáthchónaí ort sa Stát.

Mar atá a fhios agat, ní cháileoidh tú don FÚM má oibríonn tú féin, do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomháitritheoir níos mó ná 30 uair an chloig sa tseachtain nó má tá tú in oideachas lánaimseartha. Má tá d'iasacht i riaráistí agus mura ndeachaigh tú i ngleic le d'iasachtóir, seans nach mbronnfar MIS ort. Ach meastar gach cás as féin. Ní thabharfar MIS duit as íocaíochtaí úis ar riaráistí ar do mhorgáiste. Riarann Oifigigh Leasa Pobail i d'ionad sláinte áitiúil an scéim. Tabhair cuairt ar keepingyourhome.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na rialacha a bhaineann le Forlíonadh Ús Morgáiste agus conas cur isteach air.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh a chuireann seirbhís in aisce agus faoi rún ar fail don phobal 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

Painéal de Theagascóirí á chur le Chéile ag Forbairt Naíonraí Teoranta

TÁ Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) ag lorg teagascóirí na luathbhlianta ó fud fad na tíre chun painéal a chur le chéile. Cuireann FNT cúrsaí aitheanta agus neamhaitheanta ar fáil trí Ghaeilge, dírithe ar an earnáil luathóige, go príomha Naíonraí Gaelacha.

Má tá tú suim agat sna luathbhlianta agus cáilithe chun ceardlann a thabhairt ar ábhar ar leith, nó má tá taithí agat ar mhodúil CDBO (FETAC) a mhúineadh, déan teagmháil linn.

Tá spéis faoi leith ag FNT sna hábhair a leanas: Modúil Cúram Leanaí CDBO Leibhéal 5 & 6, An Ghaeilge, Garchabhair, Fiontraíocht agus Airgeadais, Sábháilteacht Bia, Idirchultúrachas agus Comhionannas.

Moltar don té a bhfuil spéis aige bheith ar phainéal de theagascóirí FNT ríomhphost a sheoladh chuig eolas@naionrai.ie faoin 31 Bealtaine 2011.

Crosfhocal 20.05.2011



NODANNA

TRASNA

1 Sreang tiubh leictreach (5)
4 Curtha go príosún i ndiaidh triall sa chúirt (7)
10 Baisteach, grian, sneachta, gaoth.. cineál éagsúla de seo (6)
11 freagracht, rud a chaithfidh tú a dhéanamh (5)
12 Dhá faoi dhá faoi dhá (4)
15 Bog aníos ó áit íseal (4)
17 Cuid den chorp idir na guaillí agus an ceann (7)
18 Roinn, deighil (4)
19 Tar ar ais (4)
21 Naomh a cheiliúrtar Lá ina honóir i Mí Feabhra (5)
22 Ainmhí fiáin le heireaball beag bán (6)
25 Dath adhmaid, nó crainn (4)
27 An mhí is dorcha sa bhliain deirtear (7)
28 Dath fola (5)

SÍOS

2 Clásal nó coinníoll a chur sa chaint (5)
3 Tá méara agus ordóg ar seo (4)
5 Trófaí don aisteoir is fearr (5)
6 Muc mór fiáin (4)
7 Ag fáil amach (6)
8 An bealach go gcaithfidh tú dul (6)
9 An fharraige mhór (6)
13 Fág in áit áirithe, brúigh (3)
14 Duine a mbíonn ag obair ar bhád, loingseoir (6)
16 Rannóg stáit (5)
17 Tús an lae (6)
18 Teist ar scoil, nó triall roimh ceadúnas tiomána a fháil (6)
20 Fiche (4)
23 Cuma, dealbh, figiúr (5)
24 Cnoc ard.. tá 12 acu i gConamara (5)
26 Úr, faighte le déanaí (3)

Crosfhocal 13.05.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Seán Ó Buachalla
Co na Mí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 25.05.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Scéalta na Réaltaí, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Faisean don samhradh

Caoimhe Ní Ghruagáin.
Coláiste na Coiribe, Gaillimhe

AN séasúr seo tá an cineál stíle ó dheireadh na 1950aidí agus ó thús na 1960aidí tagtha ar ais i bhfaisean. Tá gúnaí lána le líontán fúthu le feiceáil. Tá sciorrtaí agus gúnaí le patrúin áille orthu sna siopaí go léir! Freisin, tá sciorrtaí A-líne agus bristí oscholpa (calf length) le feiceáil.

Cosúil leis an Samhradh seo cáite, tá "play suits" isteach. Freisin, tá an "biker look" stíl isteach. Is féidir cóta gearr, leathar, a chaitheamh thar t-léine, nó thar ghúna ag dul amach san oíche. Tá sciorrtaí agus bríste le coim ard I bhfaisean chomh maith.

Ó thaobh na mbróg de, beidh sála "kitten heals" agus paitíní (clogs) istigh. Tá bobailíní le fáil ar gach rud; málaí, criosanna, barréidí. Ag coinneáil le stíl na 1950aidí, tá bandaí cinn gleoite ar fud na háite. Tá gach rud anghalánta agus baineann an t-Earrach agus an Samhradh seo, mar shampla, aon rud le síoda nó lása

Saoirse ag spreagadh aisteoirí óga ag féile Coca-Cola Cinemagic

D'OSCAILan t-aisteoir cáiliúil óg Saoirse Ronan an Fhéile Idirnáisiúnta Scannán agus Teilifíse Coca-Cola Cinemagic go hoifigiúil an tseachtain seo caite i mBaile Átha Cliath. Tá Saoirse ina pátrún don fhéile. Mar chuid den fhéile bhí ardranganna ar siúl ag éadain cháiliúla ó ar fud an domhain, ina measc bhí Suranne Jones, Michael Hirst, Laura Whitmore agus go leor eile. Is í aidhm na féile ná ógánaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí scannánaíochta. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl le haghaidh daoine idir ceithre bliana agus fiche a ceathair bliain d'aois bhí aisteoireacht, cur i láthair, scríobh agus iriseoireacht scannánaíochta. Rugadh an t-aisteoir Éireannach atá 17 mbliana d'aois i Nua Eabhrac agus déanann sí go leor taistil mar réalta idirnáisiúnta. Rinne sí taifead ar a scannán deiridh sa Ghearmáin agus Maracó. Ina céad scannán eile beidh Saoirse ag déanamh aisteoireachta i scannán darb ainm "The Host" ina dtógann anam eachtardhomhanda ceannas ar a hintinn!

Pátrún Cinemagic Saoirse Ronan in éineacht le hAoife Quinn (12) a d'oscail an 4ú Féile Idirnáisiúnta Scannán agus Teilifíse le haghaidh ógánach ag Cineworld i mBaile Átha Cliath.

Ceisteanna

1. Cá raibh an fhéile ar siúl?
2. Cé hiad na héadain cháiliúla a bhí ag an bhféile?
3. Céard í aidhm na féile?
4. Céard iad na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl i rith na féile?
5. Cár rugadh an t-aisteoir cáiliúil Saoirse Ronan?

Plé sa rang

Déan plé sa rang ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do réalta mhór idirnáisiúnta ag aois chomh hóg le Saoirse Ronan.

Gluais

Pátrún- Patron
Scannán- Film
ardranganna- Master classes
scannánaíocht - filming
Nua Eabhrac- New York
réalta idirnáisiúnta - international star
Maracó - Morocco
Anam - soul
Eachtardhomhanda - extra-terrestrial

Comórtas Nuacht na nÓg d'Iriseoirí óga an todhchaí

I gcomhair le Gael Linn agus SOCOS

An bhfuil suim agat san iriseoireacht? Tá Nuacht na nÓg agus SOCOS ag tabhairt seans duit MP4 a bhuachan gach mí. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach mí agus beidh na buaiteoirí míosúla san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann de Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Gael Linn

SOCOS teo

Seol iarratas chuig: caroline.nichualain@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheann teideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

RAIDIÓ Rí-Rá
WWW.RRR.IE

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Bhí ionadh an domhain orainn anseo i bPopNuacht nuair a chualamar go raibh iarbhuachaill Adele ag iarraidh dleachtanna a fháil ón amhrán a chum sí faoi! Scríobh an t-amhránaí óg amhrán faoin bhfear a ghortaigh í ar an gcéad albam léi, 19. Agus de réir dealraimh, tá an fear óg céanna ag iarraidh cuid den airgead a thuill sí ón amhrán a fháil ar ais uaithi! Bhí sé ag glaoch uirthi ar feadh seachtaine agus é lándáiríre faoi chuid den bhrabús ón amhrán a fháil, ag ceapadh go raibh tionchar éigean aige ar an bpróiseas cruthaitheach toisc gur duine gránna é, dar le hAdele. Ach tá an scéal curtha ina cheart ag Adele anois, agus in ainneoin nach mbeidh pingin rua á fáil ag an iarbhuachaill léi, admhaíonn an t-amhránaí gur chabhraigh an caidreamh a bhí a aici leis go mór léi chun fás aníos agus chun í a spreagadh le scoth an cheoil a chumadh dúinn. Is orainn atá an t-ádh mar sin!



Bhí na réaltaí ar fad i láthair don chéad léiriú de Pirates of the Caribbean: On Stranger Tides i gCalifornia le déanaí, agus cé eile a bhí ag cur agallamh orthu ach Kermit an Frog! Chuala sibh i gceart muid: bhí an Muipéad is clúití ar domhan ag labhairt le leithéidí Johnny Depp agus Geoffrey Rush ag an ócáid in Anaheim an tseachtain seo caite. Agus d'éirigh leis an bhfrog beag glas póg ón aisteoir Vanessa Hudgens a fháil fiú! Ócáid iontach ghalánta a bhí sa léiriú agus tionóladh é i bpáirc shiamsaíochta Disneyland. Tá Johnny Depp le feiceáil i dteannta Penelope Cruz sa scannán is déanaí sa tsraith seo, agus bhí dea-scéal ag an aisteoir iomráiteach dúinn. Beidh sé ar ais arís i bpáirt an Chaptaein Jack Sparrow i scannáin eile Pirates of the Caribbean amach anseo, agus tá sé ag dul i mbun ceoil le Steven Tyler ó Aerosmith go luath freisin. Ní féidir linn fanacht le toradh na hoibre sin a chloisteáil!

Tá tús curtha le taifead an X Factor i Meiriceá le déanaí agus ar deireadh, tuigtear dúinn go cinnte cé hiad breithiúna an chláir! Ní haon ionadh é go mbeidh Cheryl Cole ar an bpainéal taobh le Simon Cowell agus Antonio "L.A." Reid ó is iomaí ráfla a bhí sna nuachtáin faoin amhránaí ó Newcastle le beagnach bliain anuas. Agus is í Paula Abdul, iar-bhreitheamh le Simon ar an gclár tallainne eile American Idol, a bheidh ag déanamh measúnachta ar cheoltóirí uaillmhianacha an chláir nua an uair seo. Thosaigh na trialacha i Los Angeles an tseachtain seo caite, in ainneoin go raibh fadhbanna móra ag baint le conradh Abdul go dtí an nóiméad deireanach. Tá gach rud socraithe aici le Fox anois áfach, agus is iad an t-amhránaí Nicole Scherzinger agus an láithreoir Sasanach Steve Host a chuirfidh an clár i láthair nuair a thosaíonn na seónna beo i Meán Fómhair na bliana seo. Tá Cowell conspóideach ar ais ar an aer anois is cosúil!

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil Will Smith ag cur as do mhuintir SoHo i Nua Eabhrac na laethanta seo! Tá an t-aisteoir sa chathair ag déanamh an tríú scannán sa tsraith Men In Black a thaifead faoi láthair, ach tá dhá leantóir ollmhór aige ar an seit atá ag cruthú fadhbanna do mhuintir na háite. Tá na leantóirí níos mó ná gnáthárasán sa chathair - tá seomra scannánaíochta, oifigí dá chúntóirí, seomraí codlata, cistin iomlán, seomra cruinnithe do 30 daoine agus fiú spórtlann phearsanta do Smith sna leantóirí! Is cuma le daoine áirithe go bhfuil an réalta mór ag cur faoi ar na sráideanna fad agus atá MIB3 á thaifead, ach tá daoine eile tar éis gearán a dhéanamh le méara na cathrach. Yeowza! Ná bac leis na heachtráin ón gcianspás Will, is iad muintir Nua Eabhrac a mbeidh tú ag troid ina gcoinne gan mhoill...



Éist leis an bPopNuacht seo mar audio mp3 ag www.rrr.ie/popnuacht-13-bealtaine-2011 agus íoschóipeáil app nua Raidió Rí-Rá IN AISCE ó iTunes trí www.rrr.ie/iphone/ chun scoth an cheoil ó na cairteacha a chloisteáil ar do ghuthán 24/7!

ROS na RÚN

Bígí ag breathnú ar Ros na Rún na seachtaine seo chugainn chun na ceisteanna seo a fhreagairt:

Dé Máirt i Ros na Rún tá lá na mbainise tágtha!

- Labhraíonn Lee le Dara faoi Tina, cén mothúcháin atá sé ag léiriú?
- An bhfuil Caitríona ceart go leor?, cén sórt mothúcháin a léiríonn Breandán faoin rud atá déanta aige?
- Tagann Eithne go dtí an bhainis, cén sórt mothúcháin a léiríonn Séamus faoi?

Déardaoin,tagann an fhírinne amach!

- Faigheann Dara amach faoi a bhean agus Cathal , cén mothúcháin atá sé ag léiriú?
- Labhraíonn Tina agus Cathal le muintir Ros na Rún , cén mothúcháin á léiríonn siad faoin méid atá le rá acu?
- Céard a tharla do Chaitríona?

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSSP An dlí in Éirinn

CINEÁL DLÍTHE
Is féidir dlíthe a roinnt ina dhá ngrúpa : Dlí coiriúil agus dlí sibhialta .

Dlí coiriúil
Bíonn an dlí coiriúil ag plé le daoine aonaracha a dhéanann coir cosúil le dúnmharú, goid, éigniú nó ionsaí. Is í aidhm an dlí seo ná saoránaigh na tíre a choinneáil sábháilte. Má bhriseann duine an dlí déanfar an duine sin a ionchúiseamh sa chúirt in éineacht le cúnamh an Gharda Síochána agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Dlí sibhialta
Bíonn an dlí sibhialta ag plé le conarthaí idir daoine aonaracha. Sampla de chonarthaí ná an conradh a bhíonn i gceist nuair a cheannaíonn duine teach nó conradh poist. Go minic ní théann cásanna sibhialta chuig an chúirt ach má mhothaíonn an duine nach bhfuil nach bhfuil siad ag fáil cothromaíochta is féidir leo gníomh sibhialta a thógáil.

Córas na Cúirte
Tá cineálacha difriúla cúirteanna in Éirinn.

An Chúirt Uachtarach
Is í seo an chúirt is airde sa tír agus is mó a bhfuil cumhacht aici. Faigheann an Chúirt Uachtarach achomhairc ón Ard-Chúirt. Caithfear glacadh leis na cinntí a dhéanann an Ard-Chúirt. Go hiondúil éisteann cúigear breitheamh leis an chás.

An chúirt Achomhairc Choiriúil
Bíonn an chúirt seo ag plé le hachomhairc a dhéantar ar ionchúisimh i gcúirteanna níos ísle (an Chúirt Chuarda, an Phríomh-Chúirt Choiriúil, nó an Chúirt Choiriúil Speisialta). Éisteann triúr breitheamh leis na cásanna anseo.

An Príomh Chúirt Choiriúil / An tArd chúirt
Bíonn an Ard-Chúirt ag plé le cásanna sibhialta agus coiriúla. I ngníomh sibhialta ní éistfidh an Ard-Chúirt ach le cásanna a bhfuil cúiteamh níos mó ná €38,000 i gceist agus san áit go bhfuil achomharc déanta ar chinneadh a rinneadh sa Chúirt Chuarda. Nuair a bhíonn an chúirt ag deileáil le cásanna coiriúla glaoitear an Phríomh-Chúirt Choiriúil uirthi.

An Chúirt Choiriúil Speisialta
Bunaíodh an chúirt seo chun déileáil le cásanna coiriúla a bheadh deacair ag an ghnáthchúirt éisteacht leo cosúil le sceimhlitheoireacht agus cásanna tromchúiseacha faoi dhrugaí. Éisteann triúr breitheamh leis na cásanna cúirte anseo agus ní bhíonn aon ghiúiré ann.

An Chúirt Chuarda
Tá ocht gcúirt chuarda sa tír. Bíonn an chúirt seo ag plé le cásanna coiriúla agus sibhialta. Braitheann sé ar nádúr an cháis cé acu an mbeidh nó nach mbeidh giúiré i láthair. Mura bhfuil duine sásta leis an chine a dhéantar sa chúirt chuarda is féidir achomharc a dhéanamh chuig cúirt níos airde.

An Chúirt Dúiche
Tá 23 cúirt dúiche sa tír. Is í seo an chúirt is mó a éisteann le cásanna. Éisteann sí le cásanna coiriúla agus sibhialta. Déantar cásanna nach bhfuil chomh tábhachtach sin a phlé anseo chomh maith le cásanna tromchúiseacha cosúil le cásanna a bhaineann le trácht ar bhóithre agus ordú poiblí.



Cúirt na Leanaí
Bíonn na cúirteanna ar fad ar labhair muid fúthu roimhe seo ag plé le daoine atá os cionn 16 bliana d'aois. Nuair a dhéantar leanbh a chúiseamh as coir, ach amháin i gcás dúnmharaithe, éistear leis an chás i gCúirt na Leanaí. Ní bhíonn aon ghiúiré i láthair ag an chúirt seo agus níl cead ag daoine ón bpobal a bheith i láthair.

Cé atá i seomra na cúirte?
An Breitheamh - Is é an breitheamh atá i bhfeighil na cúirte. Má bhíonn giúiré i láthair cuireann an breitheamh comhairle ar an ngiúiré agus mura bhfuil aon ghiúiré i láthair déanann sé cinneadh i dtaobh cén gníomh gur cheart a thógáil.

An Dlíodóir
Réitíonn an dlíodóir an páipéarachas le haghaidh na trialach agus roghnaíonn sé abhcóide chun an cás cúirte a chur i láthair i seomra na cúirte.

An t-abhcóide/ an chomhairle
Is saineolaithe dlí iad abhcóidí. Aithnítear an t-abhcóide i seomra na cúirte go héasca mar is é a chaitheann an pheiriúic agus an gúna.
An cláraitheoir/ cléireach na cúirte -Tá an duine seo i gceannas ar dhoiciméid agus fianaise na cúirte. Déanann sé taifead ar ainmneacha na ndaoine i láthair agus an cinneadh a rinneadh. Cuireann sé an giúiré agus na daoine a thugann fianaise faoi mhionn.
Uiséir an bhreithimh - é seo cúntóir pearsanta an bhreithimh. Siúlann sé/sí roimh an bhreitheamh agus fógraíonn siad go bhfuil an breitheamh ar an bhealach nó ag fágáil trína rá " Éirigí/ All rise"
An gearr scríobhaí- Déanann an duine seo taifead ar gach rud a dúradh i rith na trialach agus scríobhann sé doiciméad, a nglaoitear an tras-scríbhinn air.
An giúiré- Bíonn dáréag ar an ngiúiré, meascán de mhná agus d'fhir. Éisteann an giúiré leis an bhfianaise ar fad a thugtar agus ansin ag an deireadh déanann siad cinneadh go príobháideach an bhfuil an té atá cúisithe ciontach nó neamhchiontach.

Na meáin agus an pobal
Is féidir leis an phobal a bheith i láthair ag cuid de na cásanna cúirte agus is féidir leis na meáin a bheith i láthair ag cuid de na cásanna cúirte chun nuacht a thabhairt don phobal níos leithne.

An cúisí-
I dtriail choiriúil beidh an cúisí in éineacht le hoifigeach ón phríosún. I gcásanna sibhialta glaoitear gearánaí agus cosantóir ar na daoine atá bainteach leis an gcás.ar na daoine atá páirteach.

Ná cúirteanna in Éirinn



Gluais

Dlí coiriúil – Criminal law
dlí sibhialta – civil law
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí – Director of Public Prosecutions
An Chúirt Uachtarach - Supreme court
An Chúirt Achomhairc Choiriúil- The Court of Criminal Appeal
An Phríomh-Chúirt Choiriúil / An Ard-Chúirt - Central Criminal Court / High Court
An Chúirt Choiriúil Speisialta - The Special Criminal Court
An Chúirt Chuarda - The Circuit Court
An Chúirt Dúiche - The District Court
Cúirt na Leanaí - The Children's Court
An Breitheamh – The judge
An Dlíodóir - The solicitor
An t-abhcóide/ an chomhairle – The barrister/counsel
An cláraitheoir/ cléireach na cúirte – The registrar/ court clerk
Uiséir an bhreithimh - The tipstaff/ judge's usher
An gearrscríobhaí - The stenographer/court reporter
An giúiré - the jury
An cúisí - the accused

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSPS Fadhbanna le mí-úsáid drugaí

INUACHT na nÓg an tseachtain seo caite rinne muid plé ar na tionchair dhainséaracha a bhíonn ag drugaí ar an duine a thógann iad ach tá drochthionchar ag mí-úsáid drugaí ar an teaghlach agus an tsochaí.

Tionchair ar an teaghlach

- Caithfear smaoineamh gur iníon nó mac, deartháir nó deirfiúir, athair nó máthair duine atá ina andúileach drugaí.
- Tá ceangal láidir idir fadhbanna drugaí agus timpeallacht baile ina bhfuil aighneas, strus, míshástacht nó ina bhfuil galar meabhrach ar bhall den teaghlach.
- Is mó baol ann go mbeidh fadhbanna drugaí ag gasúir a d'fhás aníos agus daoine timpeall orthu a raibh fadhbanna drugaí acu.
- Go minic ní théann tuismitheoirí leanaí a bhfuil fadhbanna drugaí acu chun cúnamh a fháil mar go bhfuil faitíos orthu go dtógfar a leanaí uathu.
- I measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid drugaí ar dhuine tá dúlagar, fadhbanna iompair, briseadh síos i gcaidreamh teaghlaigh, baol níos mó ann go dtarlóidh foréigean sa teach baile, iompar coiriúil, aonrú agus gan a bheith ar chumas an duine gnáthshaol sóisialta a bheith aige. Tionchair ar an tsochaí

Bíonn tionchar ollmhór ag drugaí ar an tsochaí. I measc na dtionchar a bhíonn ag drugaí ar an tsochaí tá:

- Coireanna a bhaineann le trádáil drugaí m.sh. goid agus dúnmharú.
- Snáthaidí agus trealamh bainteach le húsáid drugaí caite thart ar shráideanna.
- Daoine óga ag teacht i dteagmháil le húsáid drugaí ag aois óg.
- Gasúir thréigthe
- Easpa oideachais ar leanaí mar go dtiteann siad amach as an scoil.
- Leibhéal níos airde éagothroime agus bochtanais.

Ag cabhrú le duine a bhfuil fadhb drugaí aige

Má tá aithne agat ar dhuine nó ar bhall den teaghlach a bhfuil fadhb drugaí acu ba cheart iarracht a dhéanamh cúnamh a fháil dóibh chomh luath agus is féidir. Tá sé tábhachtach an cúnamh a fháil go luath mar dá fhaide atá duine ina andúileach drugaí is deacra atá sé stop a chur leis. Is í an chéad chéim ná labhairt leis an duine agus cúnamh a thabhairt dóibh le go bhfeicfidh siad go bhfuil fadhb acu. Inis dóibh go mbeidh tú ansin dóibh chun cúnamh a thabhairt. Caithfidh an duine a fheiceáil go bhfuil fadhb acu sula mbeidh siad in ann dul le haghaidh cúnaimh. Bíonn sé seo deacair ar andúiligh lena dhéanamh. Ba cheart duit labhairt le baill ó do theaghlach, cara a bhfuil muinín agat astu nó dochtúir má tá deacrachtaí agat a thaispeáint don andúileach go bhfuil fadhb acu. Tá gníomhairí amuigh ansin a thugann cúnamh agus cabhair do dhaoine a bhfuil fadhb acu cosúil le líne chabhrach drugaí na Roinne Sláinte ag an uimhir 1800 459 459.459 459.

Bás de bharr drugaí

Is iomaí bealach ar féidir bás a fháil ó dhrugaí :

- Cliseadh orgán
- Ailse nó galar croí
- Ródháileog (d'aon chúis nó trí thimpiste)
- Timpistí, mar shampla ag titim amach os comhair cairr nuair atá duine ar dhrugaí.
- Aisfisce. Seo nuair a chuireann daoine amach nuair atá siad neamhchomhfhiosach agus d'fhéadfadh siad tachtadh ar a gcur amach.daoine amach nuair atá siad neamhchomhfhiosach agus d'fhéadfadh siad tachta ar a gcuir amach.

! Gluais

andúileach drugaí - drug addict
aighneas - conflict
galar meabhrach- mental illness
dúlagar - depression
foréigean - violence
Coireanna - crimes
Aonrú - isolation
Snáthaidí - needles
Tréigthe - abanded
Éagothroime - inequality
Gníomhairí - agencies
Cliseadh orgán- organ failure
Ródháileog - overdose
Aisfisce - Asphxia
neamh-chomhfhiosach - unconscious

COMÓRTAS!

Faigh app nua agus Albam Raidió Rí-Rá saor in aisce!

Raidió Rí-Rá www.rrr.ie

Tá leagan nua d'fheidhmchlár Raidió Rí-Rá ar fáil in aisce don iPhone ó www.rrr.ie/iphone/ anois díreach! Mar aon le héisteacht le scoth an cheoil ó na cairteacha 24/7 leis an bhfeidhmchlár, is féidir leat amharc ar shuíomh Raidió Rí-Rá, cairdeas a dhéanamh leo ar Facebook, agus an nuacht is déanaí a fháil ó shruth RSS ar an leagan nua den app.

Agus chun cóip d'Albam Rí-Rá a bhuachan le scoth an cheoil i nGaeilge air ó leithéidí The Rubberbandits agus The Coronas, ní gá ach dul go www.rrr.ie/iphone/ chun an leagan nua den app a íoslódáil in aisce.

Ansin tóg grianghraf den app nua ó Raidió Rí-Rá ar do ghuthán, le cóip de nuachtán Gaelscéal na seachtaine seo ar cúl, agus seol é chuig gina@rrr.ie le do sheoladh faoin Aoine seo chugainn, 27 Bealtaine 2011. Cuirfimid Albam Rí-Rá saor in aisce sa phost chugat, tá sé chomh simplí leis sin! Ná déan dearmad gur féidir éisteacht le Raidió Rí Rá beo 24/7 ag www.rrr.ie tríd an bhliain ar fad freisin.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Cé a chuirfeas stop le Sebastian Vettel?

Gráinne McElwain

BOGANN an comórtas Formula 1 go Barcelona an deireadh seachtaine seo go dtí an cúrsa Circuit de Catalunya atá 4.6km ar fad. Seo an séú rás ar fhéilire an chomórtais agus cheana féin tá bearna ag oscailt ar bharr an tábla le Sebastian Vettel atá ag tiomáint do Red Bull - Renault amuigh chun tosaigh agus é 34 pointe chun cinn sa chéad áit. Taobh thiar de ar 59 pointe, tá Lewis Hamilton ó McLaren - Mercedes. Tá an rás seo tábhachtach do Hamilton agus na tiománaithe eile agus iad ag iarraidh an bhearna sin atá idir iad féin agus Vettel ar chlár na bpointí a dhúnadh. Má bhuann Vettel arís sa Spáinn an deireadh seachtaine seo, tá cuma ar an scéal nach mbeidh comórtas ró-iomaíoch ann amach anseo ach feicfimid.

Ní fhaigheann Circuit de Catalunya mórán molta as na rásaí a bhíonn acu de ghnáth, ní tharlaíonn mórán ann. Is cúrsa deacair é do na tiománaithe dul thar a chéile agus tá aneolas ag na foirne agus na tiománaithe ar an chúrsa agus ní dúshlán é dá bharr. Caitheann an 12 foireann ó Formula 1 am go minic ag cleachtadh ar an chúrsa seo. Rud a bheidh suimiúil ar an Domhnach ná go mbeidh Pirelli, a chuireann na boinn ar fáil do na gluaisteáin, ag cur boinn úra chrua ar fáil do na foirne den chéad uair. Is é an difear idir na boinn seo agus na seanbhoinn chrua ná go bhfuil bearna níos mó idir bhoinn atá bog agus crua. Ciallaíonn sin go mbeidh ar fhoirne pleananna atá níos cruthaithí a dhéanamh chun an rás a bhuachan.

Sebastian Vettel

Anuraidh, bhuaigh Mark Webber an rás seo i mBarcelona agus lean sé ar aghaidh chun an rás i Monacó a bhuachan an tseachtain dár gcionn. Chuir an bua sin i mBarcelona tús lena thuras chun an comórtas Formula 1 a bhaint agus an mbeidh sé in ann é a dhéanamh arís i mbliana? Is sa tríú háit do Red Bull- Renault atá sé faoi láthair.

Gan dabht, is é Sebastian Vettel an tiománaí go gcaithfidh na foirne eile dul i ngleic leis. Cé gur bhuaigh Lewis Hamilton an rás sa tSín, níor chuir sé an brú céanna ar Vettel sa chéad rás ina dhiaidh sin sa Tuirc. Ba iad na botúin a rinne Hamilton ag tús an ráis agus an méid mór ama a chaith sé ag na stadanna sloic an difear ar deireadh thiar. Ach má tá seans ag aon duine Vettel a stopadh agus é ag iarraidh an ceathrú rás a bhuachaint, is mó seans atá ag Hamilton é sin a dhéanamh ná aon duine eile. Feicfimid ar an Domhnach an éireoidh leis.

Circuit de Catalunya

Rásaíocht Chapall

Aidan O'Brien ag buachaint don seachtú huair amárach?

(PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE)

Dubawi Gold rogha na n-údar don Abu Dhabi Irish 2000 Guineas

Gráinne McElwain

TARRAINGÍODH an capall Zoffany atá á thraenáil ag Aidan O'Brien amach as an Irish 2000 Guineas i rith na seachtaine mar go bhfuil coiliceam ag dul dó. Ach ní hé sin an t-aon chapall nach mbeidh ag rith mar tarraingíodh Pathfork agus Dream Ahead amach fosta. Amárach sa Churrach a bheidh an rás mór agus cé nach mbeidh Zoffany ag rith, tá ceithre chapall eile sa rás ag Aidan O'Brien High Ruler, Master of Hounds, Roderic O'Connor agus Oracle. Is é Aidan O'Brien an traenálaí is rathúla riamh i rás an 2000 Guineas mar go bhfuil sé buaite sé huaire aige go dtí seo.

Is é Dubawi Gold anois, rogha na n-údar chun an rás a bhuachan. Bhuaigh an marcach Richard Hughes agus an traenálaí Richard Hannon anuraidh é le Canford Cliffs ach tá siad muiníneach gur féidir leo an toradh céanna a fháil i mbliana le Dubawi Gold.

Beidh aon chapall déag ag rith agus beidh seans ag Dunboyne Express atá á thraenáil ag Kevin Prendergast mar go raibh an bua ag Dunboyne Express i mBaile na Lobhar i mí an Mhárta. Níl an rás seo buaite ag John Oxx go fóill agus beidh a chapall Zabarajad ann. Tosóidh an rás ag 3.45 amárach agus beidh duais €325,000 ag dul don bhuaiteoir.

Cad atá foghlamtha ag Sligeach ó anuraidh?

Cluiche Ceathrú Ceannais Chonnacht, Sligeach v. Liatroim, 15:30, Páirc Markievicz

Gráinne McElwain

NÍ bheidh mórán daoine ná na geallghlacadóirí ag dul in aghaidh Shligigh an deireadh seachtaine seo nuair a chasfaidh siad ar Liatroim i bPáirc Markievicz i gCluiche Ceathrú Ceannais Chonnacht sa Pheil. Rinne Sligeach thar barr i gCraobh Chonnacht anuraidh ag fáil an lámh in uachtar ar Mhaigh Eo agus Gaillimh ach d'imigh na cosa fúthu ar an chlaí deireanach nuair a chaill siad in aghaidh Ros Comáin i gCluiche Ceannais Chonnacht. Níor cheap éinne go mbeadh an lá leis na Rossies ach briseadh croí agus fíordhíomá a bhí ar pheileadóirí Shligigh maidir lena dtaispeántas an lá sin. Seachtain ina dhiaidh sna babhtaí cáilithe bhí bua éasca ag an Dún orthu (3-20 in aghaidh 0-10) agus tháinig deireadh lena séasúr, cé gur thosaigh sé chomh dearfach i mí an Mheithimh.

Mar sin, cad é atá foghlamtha ag Sligeach agus iad uilig bliain níos sine? Is dócha an ceacht ba mhó gur chóir a bheith foghlamtha acu ná go gcaithfidh siad dearmad a dhéanamh ar dhaoine eile a bheith a rá gurb iad Sligeach rogha na n-údar do chluichí áirithe. Níor luigh sé sin go maith ar a cuid guaillí anuraidh, go háirithe in aghaidh Ros Comáin. Ar an Domhnach, is iad Sligeach rogha na coitiantachta ach ní bheidh Sligeach compordach leis sin arís cé go bhfuil siad níos láidre ná Liatroim. Ní raibh Sligeach rómhaith sa tsraith. D'éirigh leo ardú céime a bhaint amach go roinn a dó anuraidh ach chaill siad cúig chluiche as seacht gcinn agus comhscór a bhí acu le Dún na nGall, cluiche amháin a bhuaigh siad in aghaidh Aontroma. Dícháilíodh iad ar ais go roinn a trí ag deireadh na sraithe ach níos measa ná sin chaill siad roinnt imreoirí ar an tslí.

Ghortaigh an tosaí David Kelly a rúitín ag imirt le DCU i gCorn Sigerson níos luaithe sa bhliain agus cé go ndeachaigh sé faoi scian le déanaí, níl a fhios ag éinne cén uair a bheidh sé ar ais. D'aimsigh David 2-8 i gCraobh Chonnacht anuraidh agus is buille mór do Shligeach é nach mbeidh sé ar fáil. Ní bheidh Johnny Davey ag imirt i mbliana mar gheall ar ghortú (ballnasc croiseach) agus tá imní mhór faoi Mark Breheny (teannán na hioscaide). Beidh Éamonn O'Hara ag imirt arís i mbliana ag aois 35 bliain agus beidh Sligeach ag súil le taispeántais mhaithe ó na tosaithe Adrian Marren agus Alan Costelloe agus ar ndóigh ó Mark Breheny má imríonn sé.

Níl cluiche i gComórtas Chonnacht buaite ag Liatroim ó 2008 agus bhí díomá orthu faoin méid a thit amach i roinn a ceathair i mbliana dóibh. Chaill siad ceithre chluiche agus is ar éigean gur bhuail Ros Comáin iad agus iad ag brath ar dhá chúilín i ndeireadh na himeartha. Coinnigh súil amach do Adrian Croal, Emyln Mulligan agus James Glancy a bheidh in ann na scóranna a aimsiú do Liatroim. Deir go leor gur fhág Sligeach Corn Nestor ina ndiaidh anuraidh, chuirfeadh bua ar an Domhnach iad ar ais ar an bhóthar ceart.



Kevin Walsh, Bainisteoir Shligigh
(PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)

Craobhchomórtais Shinsir na gCúigí i bPeil na mBan

Gráinne McElwain

NÍ bheidh mná Chúige Ulaidh ag iarraidh scaoileadh leis an ghreim atá acu ar an Chraobh Peile na gCúigí a bheidh ar siúl amárach ar Pháirc Chiaráin in Áth Luain. Ní hamháin gur bhuaigh siad Corn Talbot anuraidh ach beidh siad ag iarraidh é a bhuachan don tríú babhta le ceithre bliana. Tá meascán maith ar an fhoireann acu le ochtar ó phainéal Thír Eoghain a chaill Cluiche Ceannais na hÉireann anuraidh, ina measc captaen na foirne Sinéad McCleary. Tá imreoirí as gach contae sa chúige ar an fhoireann seachas Doire.

Beidh Cúige Laighean láidir chomh maith agus ochtar as Baile Átha Cliath a bhuaigh Craobh na hÉireann anuraidh. Is í captaen Bhaile Átha Cliath a bheas mar chaptaen ar fhoireann Laighean, an cúl báire Clíodhna O'Connor. Tá ceangal eile leis an fhoireann sin mar gurbh é Gerry McGill, a bhí ina bhainisteoir ar fhoireann na hArdchathrach anuraidh, a bheas mar bhainisteoir acu.

Beidh réaltaí peile na mban as gach contae ag imirt ar nós mná Bhaile Átha Cliath agus Thír Eoghain, chomh maith le Valerie Mulcahy, Elaine Harte as Corcaigh, Emer Flatherty, Aoibheann Daly, Rebecca McPhilbin as Gaillimh, Noelle Early agus Brianne Leahy as Cill Dara, Tracey Lawlor agus Angela Casey as Laois agus go leor leor eile.

Tugtar deis do na himreoirí maithe as na contaetha nach bhfuil chomh láidir sin imirt leo siúd a bhfuil cáil bainte amach acu i ngrád na sinsear.

I 1976 a reáchtáladh an chéad chomórtas agus ba iad Cúige Mumhan a bhuaigh an bhliain sin é. Tá siad i bhfad chun cinn ar an chuid eile agus é buaite 17 mbabhta acu, Cúige Laighean seacht n-uaire, Cúige Ulaidh cúig huaire agus Connachta ar deireadh le ceithre chraobh.

Imreoidh na cúigí ar fad in aghaidh a chéile babhta amháin agus mar go bhfuil roinnt páirceanna ansin beidh dhá chluiche á n-imirt ag an am céanna. Fiche nóiméad ar fhad a bheas gach leath. Beidh lá fada ag na himreoirí, na bainisteoirí agus iad siúd ar fad a bheas ag obair ar an lá go deonach. Go n-éirí leo ar fad.

Ciara McAnespie ag iarraidh an Corn Talbot a mhealladh ar ais arís go Cúige Uladh
(PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE)

Craobhchomórtais Shinsir na gCúigí an MMI Group i bPeil na mBan

Dé Sathairn ar Pháirc Chiaráin, Áth Luain

11.00 Laighin v Connachta & Ulaidh v Mumha
12.30 Laighin v Ulaidh & Connachta v Mumha
2.00 Laighin v Mumha & Connachta v Ulaidh
3.45 3Ú V 4Ú
4.30 Cluiche Ceannais

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 20 Bealtaine, 2011

Ar an gclaí

Ag súil le séasúr níos fearr ná mar a bhí an cluiche idir Dún na nGall agus Aontroim

John Allen

AN tseachtain seo caite rinne mé iarracht súil a chaitheamh ar chúrsaí peile i gCúige Uladh agus i gCúige Laighean don séasúr. An tseachtain seo féachfaidh mé ar chúrsaí peile i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan. Ina dhiaidh sin, féachfaidh mé ar chúrsaí iomána trí chéile.

Sa pheil, tá rudaí cothrom go leor i gcúige Chonnacht. Gan dabht seo an cúige is cothroime agus taobh amuigh de Liatroim, ceapaim go bhfuil seans réasúnta ag gach contae eile an chraobh chúige a thabhairt leo.

Ach suite ar barr, mar atá cúrsaí faoi láthair, tá Maigh Eo . Caithfidh go bhfuil an bainisteoir, James Moran, sásta go leor leis an dul chun cinn atá déanta ó thosnaigh sé agus cé nach rabhadar go hiontach sa sraithchomórtas , chonaiceamar rud éigin ins gach cluiche a thaispeáin go bhfuil siad ag gluaiseacht sa treo ceart .

Sa Ghaillimh bhí an brú ag treisiú ar Thomás Ó Flatharta le gach cluiche sraithe. Chríochnaíodar le trí phointe agus díghrádú ach tugann bua iontach na foirne faoi 21 borradh nua dóibh. Féachann Mark Hehir ancompordach ar an liathróid agus is tosaí den scoth é Eric Monaghan freisin. Cloisfimid níos mó d'fhear na Gaeltachta Fionntán Ó Curraoin roimh dheireadh na bliana, i mo thuairim. Chomh maith leis sin cheapas gur thaispeáin an fhoireann sinsir corr-rud i ngach cluiche sraithe a thabharfadh dóchas éigin dos na leantóirí agus iad ag imirt in aghaidh an tsean-namhad Maigh Eo (sin má bhuann siad san ar Londain sa chéad bhabhta).

Ar an taobh eile tabharfaidh Sligeach agus Ros Comáin aghaidh ar a chéile. Dar ndóigh is iad Ros Comáin na seaimpíní agus beidh siad ag súil leis an teideal sin a choimeád don bhliain seo freisin .

Is bliain oll-mhór é do Shligeach. An bhfuil Kevin Walsh i ndiaidh an méid is féidir leis a fháil astu? Sin an cheist mhór . Mar sin beidh an leathchraobh sin thar a bheith suimiúil agus b'fhéidir go mbuafaidh Sligeach an ceann seo .

I ndeireadh na dála b'fhéidir go mbeidh Maigh Eo rómhaith dóibh sa chraobhchluiche .

Ó dheas bhí blianta ann le déanaí nuair a bhí seans réasúnta ag foirne taobh amuigh den "dó mór" an chraobh a bhuachaint ach ní dóigh liom go bhfuil sé mar sin i mbliana .

Thaispeáin Corcaigh, le linn na gcluichí sraithe, go bhfuil painéal anláidir acu. Thaispeáin siad arís sa chraobhchluiche sin gur féidir leo bheith foighneach agus an freasúra a bhriseadh síos diaidh ar ndiaidh .

Mar sin féin, má bhíonn siad go léir ar fáil ,is dóigh go bhfuil na tosaithe is fearr sa tír ag Ciarraí . Ach tá fadhbanna acu i lár na páirce agus sna cúlaithe. Taobh amuigh de Killian Young agus na deartháireacha Ó Sé, ní dóigh liom go bhfuil Jack O'Connor lánsásta le huimhreacha a haon go dtí a naoi .

Ach is faoi Chiarraí atáimid ag caint agus níl aon dabht ach go mbeidh sé deacair iad a bhualadh. Ceapaim go mbuafaidh Corcaigh craobh na Mumhan agus go bhfeabhsóidh Ciarraí go mór agus iad ar an mbealach fada chuig an Domhnach is mó san fhéilire peile i mí Mheán Fómhair .

San iomáint is féidir líon na bhfoirne go bhfuil seans réasúnta acu Corn Liam Mhic Cárthaigh a bhreith leo i mbliana a chomhaireamh le méara aon láimhe amháin.

Suite ar barr tá na seaimpíní Tiobraid Árann agus gar go leor dóibh (muna gcuireann mórán gortuithe isteach orthu) tá Cill Chainnigh. Mar a sheasann rudaí faoi láthair b'fhéidir go bhfuil BÁC agus an Ghaillimh ar comhtharrac don triú agus ceathrú háit . Chuirfinn Port Láirge sa chúigiú háit. Tiocfaidh na seaimpíní as an ngrúpa sin .

Cé a bhuafaidh na cúigí ? Bhuel sa Mhumhain beidh coimhlint ghéar sa chéad chluiche idir Corcaigh agus Tiobraid Árann ach tá sé deacair féachaint thar sheampíní na hÉireann sa cheann seo (tuilleadh faoi seo an tseachtain seo chugainn.) Beidh siad róláidir don Chlár sa leathchraobh.

Ar na taobh eile beidh cluiche suimiúil idir seaimpíní na Mumhan, Port Láirge, agus seaimpíní roinn a dó na sraithe, Luimneach . Scríobhfaidh mé tuilleadh faoin gcluiche seo lá éigin eile ach is dócha go bhfuil meascán níos fearr ag Davy Fitz ag an bpointe seo .

I gcúige Laighean tá sé deacair féachaint thar BÁC, an Ghaillimh agus Cill Chainnigh . Ach tá chéad chluiche an-deacair ag foireann na príomhchathrach i gcoinne Uíbh Fhailí agus má bhuann siad an ceann sin beidh an Ghaillimh ag feitheamh orthu san fhéar fada.

Beidh na Cait ann mar dhuais do bhuaiteoirí an chluiche sin. Tríd is tríd tá cúpla cluiche fíorspéisiúil amach romhainn sa chúige ach is dócha go bhfanfaidh na Cait mar sheaimpíní do bhliain amháin eile .

Tá súil agam go bhfuil séasúr bríomhar CLCG amach romhainn agus go mbeidh an caighdeán i bhfad níos fearr ná mar a bhí sé sa chluiche idir Dún na nGall agus Aontroim an Domhnach seo caite .

Beir Bua.

Bainisteoir Peile na Gaillimhe, Tomás Ó Flatharta ag caint lena mhaor foirne, Martin McNamara. (PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE)

Ach is faoi Chiarraí atáimid ag caint agus níl aon dabht ach go mbeidh sé deacair iad a bhualadh. Ceapaim go mbuafaidh Corcaigh craobh na Mumhan agus go bhfeabhsóidh Ciarraí go mór agus iad ar an mbealach fada chuig an Domhnach is mó san fhéilire peile i mí Mheán Fómhair .

Ciarraí nó Corcaigh do Chraobh Peile na Mumhan arís?

Gráinne McElwain

BEIDH sé chluiche peile i gCraobh Sinsear na hÉireann ar siúl an deireadh seachtaine seo le Seaimpíní na hÉireann Corcaigh ag cur tús lena bhfeachtas i gCúige Mumhan in aghaidh an Chláir i bPáirc Uí Chaoimh ar an Domhnach. Níl mórán foirne a bhfuil an craobh buaite dhá bhliain as a chéile acu. Rinne Ciarraí é in 2006 & 2007, ach rompu sin, caithfidh tú dul siar go dtí 1989 & 1990 nuair a rinne Corcaigh é agus léiríonn sé sin cé chomh deacair is atá sé é sin a dhéanamh. Cé go bhfuil sé luath fós sa séasúr, is iad Corcaigh rogha na coitiantachta chun an craobh a ghnóthú arís i mbliana ach, mar is iondúil, ní bheidh sé éasca.

D'éirigh le Corcaigh Sraith Peile Allianz i roinn a haon a bhaint i mbliana in aghaidh Átha Cliath. Bhí siad ocht gcúilín taobh thiar ag pointe amháin sa chluiche ach thaispeáin siad cé chomh stuama is atá siad agus carachtar na foirne chun teacht ar ais sa chluiche agus an corn a chrochadh leo. Ba í an tsócúlacht chéanna an difear idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath i gCluiche Leathcheannais na hÉireann anuraidh agus in aghaidh an Dúin sa Chluiche Ceannais. Tá taithí acu anois ach deirtear go mbuann foireann mhaith Craobh na hÉireann ach go mbuann foireann iontach níos mó ná ceann amháin. Beidh na reibiliúnaithe ag súil go mbeidh siad in ann an stádas sin a bhaint amach i mbliana, agus faoi láthair tá sé deacair dul ina n-aghaidh.

Tá cúpla athrú ar an fhoireann i mbliana le Derek Kavanagh ag éirí as agus d'fhág Paddy O'Shea, Kevin McMahon, John Hayes agus Kieran O'Connor an painéal ach fós tá Corcaigh láidir ach beidh sé suimiúil a fheiceáil cé chomh hocrach is atá siad i mbliana. Bhí Aidan Walsh agus Paul Kerrigan gortaithe do chluiche ceannais na Sraithe ach seans maith go mbeidh siad ar ais ag imirt an deireadh seachtaine seo.

Is in aghaidh an Chláir a bheidh siad ach níl na comharthaí ag féachaint rómhaith dóibh. Níor bhuaigh an Clár ach trí chluiche as ocht gcinn i roinn a ceathair den tSraith agus beidh Corcaigh i bhfad róláidir dóibh Dé Domhnaigh.

Tá cúpla athrú ar an fhoireann i mbliana le Derek Kavanagh ag éirí as agus d'fhág Paddy O'Shea, Kevin McMahon, John Hayes agus Kieran O'Connor an painéal ach fós tá Corcaigh láidir ach beidh sé suimiúil a fheiceáil cé chomh hocrach is atá siad i mbliana. Bhí Aidan Walsh agus Paul Kerrigan gortaithe do chluiche ceannais na Sraithe ach seans maith go mbeidh siad ar ais ag imirt an deireadh seachtaine seo.

Mhothaigh Ciarraí nach raibh na meáin ná Páirc an Chrócaigh ró-fhéaráilte leo anuraidh agus go leor ina n-aghaidh. Rud amháin fúthu ná nach féidir leat iad a chur as an áireamh am na Craoibhe. Chaill siad in aghaidh an Dúin sa bhabhta Ceathrú Ceannais anuraidh ach bhí seisear imreoirí in easnamh orthu an lá sin ón fhoireann a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2009. Imreoidh Ciarraí in aghaidh Thiobraid Árann ar an Domhnach agus tá imní faoi Paul Galvin (teannán na hioscaide). Cinnte, is iad Colm Cooper, Kieran Donaghy, Declan O'Sullivan agus Paul Galvin cuid de na tosaithe is fearr sa tír ach tá deacrachtaí acu i lár na páirce. Níl éinne tar éis teacht gar do bhróga Dharragh Uí Shé a líonadh ó d'éirigh sé as agus tá seisear imreoirí in iomaíocht lena chéile chun a áit a fháil i lár na páirce: Bryan Sheehan, Eoin Brosnan, Anthony Maher, Michéal Quirke agus Séamus Scanlon. Beidh cinneadh le déanamh ag Jack O'Connor anseo ach muna bhfuil gortú ag cur as do Shéamus Scanlon, tosóidh sé. Bhí David Moran ag déanamh an-jab sa lár ach ghortaigh sé a bhallnasc croiseach agus ní fheicfimid é ag imirt go dtí an bhliain seo chugainn. Tosóidh Marc Ó Sé ag uimhir a trí mar go bhfuil gortú ag cur as do Tommy Griffin. Nuair a chas Ciarraí agus Tiobraid Árann in aghaidh a chéile anuraidh, fuair Ciarraí an lámh in uachtar go héasca (2-18 in aghaidh 2-6). Tógann sé píosa i gcónaí ar Chiarraí téamh suas agus bí cinnte de go bhfuil siad ag féachaint níos faide chun cinn ná Craobh na Mumhan. Is iad a bheas i gCluiche Ceannais na Mumhan in aghaidh a chéile seans, ach mar gheall ar leagan amach na craoibhe, ní hé deireadh an domhain é má chailleann ceachtar acu an cluiche sin.

Paul Galvin, Ciarraí
(PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

Noel O'Leary, Corcaigh
(PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE)

Craobh Sinsear Laighean sa Pheil: Réamhbhabhtaí

Laois v An Longfort @ 2.00 - Port Laoise (BEO ar RTÉ 2) Cill Dara v Cill Mhantáin @4.00 - Port Laoise (BEO ar RTÉ2)

Craobh Sinsear na Mumhan sa Pheil: Ceathrú Ceannais

Corcaigh v An Clár @ 3.30 - Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh
Ciarraí v Tiobraid Árann @ 3.30 - Cill Airne

Craobh Sinsear Chonnacht sa Pheil- Ceathrú Ceannais

Sligeach v Liatroim @ 3.30 - Páirc Markievicz, Sligeach

Craobh Sinsear Uladh sa Pheil- Ceathrú Ceannais

Doire v Fear Manach @ 3.30 - Páirc na gCeilteach, Doire

Cúige Laighean ar thairseach na staire

Gráinne McElwain

Cúige Laighean ar thairseach na staire (PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

IS gearr le dráma é scéal Chúige Laighean i mbliana. I mír a haon, chuir muid aithne ar an fhoireann agus an cóitseálaí nua Joe Schmidt, ach níor thosaigh an scéal rómhaith dóibh. Ag tús na Sraithe Magners, chaill siad trí chluiche as ceithre cinn agus chuir roinnt daoine ceisteanna faoi chumas Joe Schmidt agus dúirt cuid acu nach mbeadh sé rófhada sa jab.

Ach ó shin, níl ach sé chluiche caillte ag na Laighnigh i Sraith Magners agus iad fríd go dtí Cluiche Ceannais an chomórtais sin a bheidh ar siúl seachtain ó amárach. Tá sé féaráilte a rá nach bhfuil éinne ag ceistiú modhanna traenála Joe Schmidt anois agus an méid atá bainte amach aige agus ag an fhoireann an séasúr seo. Is ar thairseach na staire atá Cúige Laighean mar tá siad ag iarraidh Sraith Magners agus an Corn Eorpach a bhuachan in aon bhliain amháin. Ní dhearna aon fhoireann eile é sin go dtí seo ach tá an seans ag na Laighnigh an dá chorn a ardú leo ach tá go leor rugbaí le himirt acu sula dtarlaíonn sé sin.

Má bhaineann Sraith Magners le mír a haon, is ar an Chorn Heineken atá mír a dó dírithe go hiomlán. Feicfear Cúige Laighean agus na Northampton Saints ag imirt in aghaidh a chéile agus iad san iomaíocht do Chorn Heineken a bhuachan. Babhta amháin atá an Corn Heinekein buaite ag an dá fhoireann seo. 2009 an chéad uair a bhuaigh Laighin é ach caithfidh Northampton féachaint siar go 2000 nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Chúige Mumhan.

Ní easca an bóthar a bhí ag Cúige Laighean agus iad i gceann de na grúpaí cáilithe ba dheacra. Cé gur chaill siad in aghaidh sheaimpíní an Top 14 Clermont-Auvergne thall sa bhFrainc, fuair siad an lámh in uachtar orthu nuair a tháinig siad go dtí Staid Aviva. Bhuaigh siad na cluichí eile ar fad sa ghrúpa in aghaidh Racing- Métro agus Saracens. Ba mhór an buntáiste do Chúige Laighean é iad a bheith sa bhaile don bhabhta Ceathrú Ceannais agus Leathcheannais agus chríochnaigh na Laighnigh chun cinn sa dá chluiche sin, 17-10 in aghaidh Leicester Tigers agus 32-23 in aghaidh Toulouse.

Ó shin tá cluiche leathcheannais Shraith Magners in aghaidh Uladh buaite ag Cúige Laighean agus gortaíodh go leor imreoirí agus ní haon iontas é go bhfuil imní faoi roinnt acu anois. Chonaic muid Brian O'Driscoll ag fágáil na páirce ag leath-am agus a ghlúin ag cur as dó. Deirtear go dtagann O'Driscoll ar ais chuige féin antapa ach tá campa Chúige Laighean buartha faoi. Muna féidir leis tosú amárach, seans maith go bhfeicfimid Fergus McFadden ag teacht isteach ina áit. Tá imní ann chomh maith faoi Richardt Strauss (gualainn), Cian Healy (ceathrú) agus Isaac Boss (teannán na hioscaide). Tá feabhas mór tagtha ar chlibirt Laighean i mbliana ach ba mhór an buille dóibh é muna mbeadh Strauss nó Healy ar fáil. Seo ceann de na háiteanna is contúirtí dóibh in aghaidh Northampton gan na himreoirí sin.

Soane Tonga'uiha, Dylan Hartley agus Brian Mujati a bheas sa tsraith tosaigh ag na Saints amárach agus seo an tsraith tosaigh is fearr san Eoraip faoi láthair. Tá siad thar barr sa chlibirt agus bíonn an síneadh amach an-mhaith. Mothaítear go gcuirfear clibirt Laighean faoi bhrú agus ba cheart go mbeadh go leor de na coimhlintí an-suimiúil, ar nós sa chéad líne idir Strauss agus Hartley, Healy agus Tonga'uiha agus sa chosaint idir James Downey as Éirinn agus Gordon D'Arcy. D'imir roinnt acu in aghaidh na hÉireann le Sasana i gComórtas na Sé Naisiún i mbliana ar nós Ben Foden, Chris Ashton, Dylan Hartley agus Tom Wood. Níl an méid céanna gortuithe ag cur as dóibh, cé nach bhfuil siad rómhuiníneach go n-imreoidh an cúltosaí cliatháin Tom Wood agus é ag filleadh tar éis dó a chos a bhriseadh.

Cosúil le Cúige Laighean, bhí na Saints ar thóir an 'Double' nó dhá chorn a bhuachan (Aviva Premiership Shasana agus Corn Heineken) ach nuair a chaill siad in aghaidh Leicester an deireadh seachtaine seo caite (11-3) i gcluiche leathcheannais na Sraithe Príomhroinne, cuireadh deireadh leis an sprioc sin. Mar sin, is ar an Chorn Heineken a bheas siad dírithe go hiomlán ach ní dóigh leis an gcuid is mó do na tráchtairí gur féidir leo Cúige Laighean a bhualadh an uair seo.

Tá go leor taithí agus féinmhuiníne ag Cúige Laighean agus tá siad láidir i ngach áit ar an pháirc agus ar an bhinse, rud a bheidh fíorthábhachtach sa cheathrú uaire deireanach. Cé go bhfuil cluiche ceannais eile faoi cheann coicíse acu in aghaidh na Mumhan ní ar an 'Double' a bheas Cúige Laighean ag smaoineamh ach ar Northampton. Ba chóir go mbeadh siad in ann céim an-mhór a thógáil i dtreo an 'Double' sin amárach agus an bua a fháil i gCardiff